# RÁITEAS STRAITÉISE MAIDIR LE CUMARSÁID LEICTREONACH: 2017 – 2019



Commission for
**Communications Regulation**
An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**

# SÉANADH DLÍTHIÚIL

Ní doiciméad dlí ceangailteach an doiciméad seo agus ní chuimsíonn sé comhairle dlí, tráchtála, airgeadais theicniúil ná aon chomhairle eile ach oiread. Níl an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ('ComReg') faoi cheangal aige, ná ní hé gur mar a chéile é sin a leagtar amach seasamh críochnaitheach nó cinntitheach an Choimisiúin maidir le hábhair ar leith. Sa chás go mbeadh aon neamhréireacht idir ábhar an doiciméid seo agus a fheidhmiú cuí dá fheidhmeanna agus chumhachtaí, agus idir a fheidhmiú dá dhualgais agus an bhaint amach cuspóirí ábhartha faoi réir an dlí, ní dhéanann an t-ábhar sin dochar do sheasamh dlíthiúil an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide. Dá bhrí sin, níor cheart iontaoibh mhíchuí a chur in ábhar an doiciméid seo.

| | |
|---|---|
| Brollach | 7 |
| Achoimre Fheidhmeannach | 10 |
| Treochtaí agus Dúshláin | 12 |
| Creatlach Straitéiseach | 13 |
| **01 Réamhrá** | 20 |
| Na fáthanna a bhfuil rialáil ag teastáil ó na margaí teileachumarsáide | 22 |
| Ar bhfís don earnáil cumarsáide sna cúig bliana atá le teacht | 23 |
| Ár ról, misean agus luachanna | 24 |
| Ár straitéis | 25 |
| **02 An Comhthéacs Geilleagrach agus Dlíthiúil** | 28 |
| Eacnamaíochtaí na cumarsáide leictreonaí | 30 |
| An comhthéacs dlíthiúil | 32 |
| **03 Treochtaí agus Dúshláin** | 36 |
| Eispéireas Úsáideoirí Deiridh: An deighilt tuaithe/uirbeach agus fachtóirí déimeagrafacha eile | 39 |
| An tÉiceachóras Cumarsáide Leictreonaí agus Margaí Bainteacha Eile | 44 |
| Idirlíon na nEarraí (InE) | 46 |
| Fabhrú Líonraí | 49 |
| Fabhrú Rialála | 52 |
| **04 Rún Straitéiseach ComReg** | 56 |
| Iomaíocht | 59 |
| Cosaint agus faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí | 59 |
| Na staideanna a chruthú d’infheistíocht | 60 |
| Forfheidhmiú agus comhlíonadh | 60 |
| Eagraíocht | 61 |
| **05 Socrú na Rialacha d’Iomaíocht Éifeachtach** | 62 |
| Réamhrá | 64 |
| Iomaíocht i Margaí Seasta agus Móibíleacha | 65 |
| Monatóireacht a Dhéanamh ar Mhargaí | 70 |
| Iomaíocht agus Roghanna do Thomhaltóirí a Chur Chun Cinn | 72 |

| | |
|---|---|
| **06 Cosaint agus Fáisnéis a Thabhairt do Thomhaltóirí** | 84 |
| Réamhrá | 86 |
| Comhcheisteanna na dTomhaltóirí | 88 |
| Turas na dTomhaltóirí | 89 |
| Cumarsáid agus Rannpháirtíocht | 98 |
| **07 Ag Cruthú na gCúinsí d'Infheistíocht** | 100 |
| Patrún na hInfheistíochta ón Earnáil Phríobháideach | 104 |
| Éascú Infheistíochta Tráchtála | 107 |
| Dreasachtaí Rialála | 111 |
| Idirghabháil Stáit | 117 |
| **08 Comhlíonadh Oibleagáidí Rialála a Chinntiú** | 120 |
| Cultúr Comhlíonta | 126 |
| Comhlíonadh agus Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe Spriocdhírithe | 127 |
| Díspreagadh Éifeachtach | 128 |
| **09 Ag Feidhmiú mar Rialálaí Éifeachtach agus Ábhartha** | 130 |
| Sonraí agus Anailís | 134 |
| Rannpháirtíocht | 137 |
| Daoine agus Próisis | 140 |
| Acmhainní | 143 |

| | | |
|---|---|---|
| Fíor 1: | Gléasanna Baile/Oibre (%) Ceangailte le Leathanbhanda Seasta | 42 |
| Fíor 2: | Ceangail ghléasanna ceallacha M2M in Éirinn 2013–2025 | 48 |
| Fíor 3: | Síntiúsóirí NGA agus CGA | 49 |
| Fíor 4: | Creatlach Straitéiseach ComReg | 58 |
| Fíor 5: | Rialáil le hIomaíocht a Chur Chun Cinn | 65 |
| Fíor 6: | Comhdhlúthacht Mhiondíola (HHI), R2 2013 – R2 2016 | 69 |
| Fíor 7: | Turas na dTomhaltóirí | 87 |
| Fíor 8: | Miondealú ar na Ceisteanna Logáilte (Ceisteanna/Gearáin), 2011 – 2016 | 88 |
| Fíor 9: | Ceisteanna/Gearáin Iomlána ECS agus PRS le chéile, 2011 – 2016 | 89 |
| Fíor 10: | Réimsí Infheistíochta | 103 |
| Fíor 11: | Infheistíocht in ECS/ECN (Éire, € milliún) | 105 |
| Fíor 12: | Infheistíocht in ECS/ECN (Éire/meánmhéid AE mar % den láimhdeachas) | 105 |
| Fíor 13: | Forfheidhmiú Optamach | 123 |
| Fíor 14: | Rialáil Éifeachtach agus Ábhartha a Chinntiú | 133 |

| | | |
|---|---|---|
| Bosca Mínithe 1: | Teipeanna ar an Margadh | 31 |
| Bosca Mínithe 2: | Na Saintreoracha | 35 |
| Bosca Mínithe 3: | Coinbhéirseacht agus Bearta | 45 |
| Bosca Mínithe 4: | Tuartha faoin Méid Tráchta sa Todhchaí | 51 |
| Bosca Mínithe 5: | An Dréacht-Chód Cumarsáide (DCC) | 54 |
| Bosca Mínithe 6: | Dréimire na hInfheistíochta | 66 |
| Bosca Mínithe 7: | Margaí atá Faoi Thionchar Rialáil Ex Ante | 74 |
| Bosca Mínithe 8: | Ráchairt Mhéadaitheach ar Sheirbhísí Sonraí Móibíleacha | 80 |
| Bosca Mínithe 9: | Iompar Tomhaltóirí | 91 |
| Bosca Mínithe 10: | Neodracht Idirlín agus Rátáil Nialasach | 93 |
| Bosca Mínithe 11: | Seirbhísí Riachtanacha agus Bunaidh | 95 |
| Bosca Mínithe 12: | Ceant Speictream Ilbhanda 2012 | 106 |
| Bosca Mínithe 13: | Ról Ilghníomhaireachtaí in NRRS | 115 |
| Bosca Mínithe 14: | Infheistíocht Phoiblí i Líonraí | 119 |

# BROLLACH

**IS Í AN BHLIAIN 2017 AN 20Ú BLIAIN Ó BUNAÍODH RIALÁLAÍ TEILEACHUMARSÁIDE NEAMHSPLEÁCH IN ÉIRINN. IS IOMAÍ ATHRÚ A THÁINIG AR AN TÍRDHREACH TEILEACHUMARSÁIDE SAN AM SIN. MAR GHEALL AR MHARGADH NÍOS IOMAÍCHE TÁ NÍOS MÓ ROGHANNA, SEIRBHÍSÍ NÍOS FEARR AGUS PRAGHSANNA NÍOS LÚ DO THOMHALTÓIRÍ.**

Lean an infheistíocht i líonraí agus seirbhísí nua, le linn an ghéarmheathlaithe sa gheilleagar i ndiaidh na géarchéime airgeadais in 2008 fiú. Le linn an ama sin, rolladh líonraí leathanbhanda ardluais amach a chlúdaíonn dhá thrian den daonra, cuireadh seirbhísí 4G ar fáil go forleathan agus bhí bearta seirbhísí – rogha seirbhísí gutha, sonraí, teilifíse agus móibíleacha – coitianta. Tá an saol laethúil athraithe anois dá mbarr. Tá i bhfad níos mó daoine ag breathnú ar chláranna agus ar scannáin ar líne. Tá úsáid na meán sóisialta go forleathan, agus is iad na fóin chliste agus na taibléid na bealaí is coitianta do dhaoine in Éirinn teagmháil a dhéanamh agus teacht ar an bhfaisnéis atá ag teastáil uathu.

Is beag comhartha atá ann go mbeidh luas an athraithe sin ag moilliú sna blianta atá le teacht. D’fhéadfadh Idirlíon na nEarraí réimsí an tsaoil amhail iompar, slándáil tí agus talmhaíocht, a athrú trí rudaí amhail gluaisteáin, teirmeastait, ceamaraí, córais álaraim, agus braiteoirí ithreach a cheangal sa dóigh gur féidir leo feidhmiú go cliste gan idirghníomhú daonna. Cuirfidh sé seo níos mó ráchairtí ar líonraí cumarsáide.

Ag an am céanna, tá méadú sa tuairim gur chóir go mbeadh tairbhí ardchumarsáide ar fáil dá mhéad daoine agus is féidir, beag beann ar a suíomh tíreolaíoch. Eochairdhúshlán don lucht déanta beartais agus do rialáil neamhspleách is ea infheistíocht a dhreasú in áiteanna a bhfuil an dlús daonra níos lú, agus an costas le riar ar gach úsáideoir níos airde.

I dtionscal líonraithe amhail cumarsáid tá rialálaí neamhspleách cosúil le ComReg ag teastáil le cinntiú go bhfeidhmíonn na margaí cumarsáide ar mhaithe leis na húsáideoirí deiridh agus na sochaí. Gan rialáil, bheadh easpa iomaíochta ann leis an infheistíocht riachtanach a dhreasú, bheadh seirbhísí níos lú feabhsaithe, bheadh praghsanna níos airde, agus ní bheadh cosaint ar chearta agus ar mhaithe le tomhaltóirí – go háirithe tomhaltóirí leochaileacha.

Pléann an ráiteas straitéise seo an comhthéacs fadtéarmach, leagann sí ár rún straitéiseach amach sna cúig bliana atá le teacht, agus forbraíonn sé straitéisí níos mine don ghéarthéarma.

Seo ár rúin straitéiseacha:

- **Iomaíocht** – Cuireann an margadh nuálaíocht agus an rogha fhéideartha is mó oibreoirí mórdhíola agus miondíola ar fáil
- **Cosaint Tomhaltóirí** – Is féidir le tomhaltóirí na seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach
- **Infheistíocht** – Chumasaigh infheistíocht éifeachtúil rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach, fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide
- **Forfheidhmiú agus Comhlíonadh** – Cloíonn aonáin rialaithe le hoibleagáidí rialála
- **Eagraíocht** – Is rialálaí éifeachtach agus ábhartha sinne.

Tá ComReg, ag aithint tábhachtacht an tsoláthair shásúil do riachtanais acmhainne na heagraíochta, ag súil leis an straitéis seo a chur i bhfeidhm, **agus le ról tábhachtach bheith aige i gcomhlíonadh ár bhfíse don earnáil – go bhfuil rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan ag tomhaltóirí agus gnóthaí in Éirinn ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus gheilleagracha.**



**Gerry Fahy**
Cathaoirleach



**Jeremy Godfrey**
Coimisinéir



**Kevin O'Brien**
Coimisinéir

# ACHOIMRE FHEIDHMEANNACH

**BHÍ SOCHAÍ NA hÉIREANN AG BRATH GO MÓR AR SHEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE LEICTREONAÍ LE ROINNT DEICHNIÚR ANUAS. BÍONN NUÁLAÍOCHT AG ATHRÚ RÓL NA SEIRBHÍSÍ SEO I gCÓNAÍ SNA BEALAÍ A DHÉANAIMID TEAGMHÁIL, OBAIR AGUS A CHUIRIMID SIAMSAÍOCHT AR FÁIL DÚINN FÉIN. MAR SIN, TÁ AN EARNÁIL CUMARSÁIDE LEICTREONAÍ RIACHTANACH SA SAOL NUA-AIMSEARTHA.**

De dheasca na heaspa rialála áfach, táthar in amhras go bhforbródh na margaí cumarsáide leictreonaí ar bhealach a riaródh do riachtanais na sochaí. Tá saintréithe ag na margaí seo (teipeanna margaidh), a chiallaíonn gur dócha go ndéanfaí infheistíocht níos fadálaí, go mbeadh níos lú roghanna ag úsáideoirí deiridh, agus go mbeadh na praghsanna níos airde mura mbeadh rialáil ar na margaí.

Is é ComReg an t-údarás rialála don earnáil cumarsáide leictreonaí in Éirinn. Tá fís againn ina mbeadh rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach, fhorleathan ag tomhaltóirí agus ag gnóthaí ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide a thacódh lena riachtanais shóisialta agus gheilleagracha. Mar rialálaí geilleagrach, is é an ról atá againn ná cinntiú go bhfeidhmíonn na margaí cumarsáide ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí. Tugann an doiciméad seo achoimre ar is ann dúinn mar eagraíocht, agus cuireann sí ár straitéis do na cúig bliana atá le teacht i láthair.[1]

## Treochtaí agus Dúshláin

Tá infheistíocht éifeachtúil i mbonneagar cumarsáide leictreonaí ríthábhachtach do thodhchaí an ratha shóisialta agus gheilleagraigh in Éirinn, agus tá nascacht ar an spreagthach príomhá de tháirgiúlacht gheilleagrach agus de chuimsiú sóisialta.

Sa chomhthéacs seo, tá cúig phríomhthreocht aitheanta againn a mbeidh tionchar féideartha acu ar an earnáil agus a chuirfidh dúshláin rialála romhainn thar na cúig bliana atá le teacht:

- **Eispéiris úsáideoirí deiridh neamhchomhionanna**: Níor fhorbair rochtain agus nascacht ag an am céanna agus níor réitigh eispéiris úsáideoirí deiridh agus athruithe a rabhthas ag súil leo le chéile i gcónaí.
- **Tacar margaí bainteacha méadaitheacha ábhartha do rialáil cumarsáide leictreonaí**: Tá tuiscint ar éicea-chóras cumarsáide leictreonaí coimpléascach riachtanach maidir le rialáil éifeachtúil, go háirithe nuair a chumasaíonn cumarsáid leictreonach nuálaíocht i margaí bainteacha.
- **Méadú i “rudaí” ceangailte**: Cé go ndíríonn an t-éicea-chóras cumarsáide leictreonaí reatha go príomhá ar an mbealach a nascann daoine lena chéile táthar ag súil le go mbainfidh an chéad chéim nuálaíochta eile le “rudaí” ceangailte.
- **Forbairt leanúnach líonraí seasta agus móibíleacha**: Is dócha go mbeidh riachtanais éagsúla ag líonraí cumarsáide leictreonaí sa todhchaí, amhail líonraí 5G.

[1] Rialaímid an earnáil poist freisin. Cuimsíonn ár bhfís, ról agus luachanna an earnáil cumarsáide leictreonaí agus an earnáil poist, ach, foilsítear ár straitéis don earnáil poist i ráiteas straitéise ar leith.

- **An chreatlach rialála a athrú**: Mar chuid de straitéis dhigiteach níos leithne san Eoraip, tá an chreatlach rialála maidir le cumarsáid leictreonach, a tugadh isteach in 2002 (agus a uasdátaíodh in 2009), faoi athbhreithniú.

Dúshlán bunúsach do ComReg is ea é bheith ag tnúth leis agus freagairt go cuí don athrú ar an timpeallacht agus cinntiú go mbíonn ár bhfreagairtí rialála tráthúil agus éifeachtach.

## Creatlach Straitéiseach

Éascaíonn ComReg forbairt earnála cumarsáide leictreonaí iomaíche in Éirinn, trí rialáil éifeachtach agus ábhartha, a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht agus a chumhachtaíonn tomhaltóirí na seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach. Is féidir ár ngníomhaíochtaí a rangú i gceithre réimse leathana:

- Iomaíocht
- Cosaint Tomhaltóirí
- Infheistíocht, agus
- Comhlíonadh agus Forfheidhmiú.

Tá ár gcumas lenár ról agus ár misean a chomhlíonadh bunaithe ar fhorbairt leanúnach ár n-eagraíochta agus ar infheistíocht inti.

Tugann an Ráiteas Straitéiseach seo faisnéis ar chúig Rún Straitéiseacha ComReg thar na cúig bliana atá le teacht.

**Seo ár rúin straitéiseacha:**

01 **Iomaíocht** – Cuireann an margadh seo nuálaíocht agus an rogha is mó oibreoirí mórdhíola agus miondíola ar fáil

02 **Cosaint Tomhaltóirí** – Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach

03 **Infheistíocht** – Chumasaigh infheistíocht éifeachtúil rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide bheith ar fáil

04 **Forfheidhmiú agus Comhlíonadh** – Cloíonn aonáin rialaithe le hoibleagáidí rialála

05 **Eagraíocht** – Is rialálaí éifeachtach agus ábhartha sinn

# 01 IOMAÍOCHT

| RÚN STRAITÉISEACH | Cuireann an margadh seo nuálaíocht agus an rogha is mó oibreoirí mórdhíola agus miondíola ar fáil |
|---|---|

Is é chéad rún straitéiseach ComReg **go gcuireann an margadh nuálaíocht agus an rogha is mó oibreoirí mórdhíola agus miondíola ar fáil**. Tá monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an margadh de dhíth maidir le hidirghabháil spriocdhírithe a bhfuil aidhm aici iomaíocht a éascú. Tá tuiscint chuimsitheach ar an earnáil, a laigí bainteacha nó a teipeanna margaidh de dhíth ar rialáil éifeachtach a dhéanamh ar na margaí cumarsáide leictreonaí. Tá trí phríomhbhealach ag ComReg inar féidir leis iomaíocht agus roghanna do thomhaltóirí a chur chun cinn:

- **Rochtain ar mhargaí – Iomaíocht a chur chun cinn trí Chreatlach SMP**: Tá coimitmint ag ComReg forbairt na hiomaíochta a spreagadh i margaí nach bhfuil iomaíoch agus éifeachtach, infheistíocht a chur chun cinn sa leibhéal is doimhne den líonra atá éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de, agus éirí as rialáil margaí atá éifeachtach agus iomaíoch.
- **Rochtain ar ionchuir – speictream agus uimhriú a bhainistiú go héifeachtach**: Is í straitéis ComReg don tréimhse atá le teacht ná cinntiú go gcuirfidh bainistiú na n-acmhainní speictrim agus uimhrithe náisiúnta cur chun cinn na hiomaíochta, agus an tionchar féideartha a fhéadfaidh bheith ag sannadh agus leithdháileadh na n-ionchur seo ar mhargaí iartheachtacha, san áireamh
- **Rochtain ar thomhaltóirí – tomhaltóirí ag athrú go gníomhach**: Braitheann iomaíocht éifeachtach, i measc rudaí eile, ar chumas agus toilteanas tomhaltóirí soláthraithe a athrú mar fhreagairt do na bearta níos fearr ar fáil ar an margadh.

Tá straitéis ComReg don tréimhse atá le teacht sa dara comhthéacs mar chuid de straitéis níos leithne dírithe ar thomhaltóirí a chosaint.

## NA RIALACHA A LEAGAN SÍOS D'IOMAÍOCHT



# 02 COSAINT TOMHALTÓIRÍ

**RÚN STRAITÉISEACH** Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach

Is é dara rún straitéiseach ComReg **gur féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach**. Cuireann ár straitéis maidir le cosaint tomhaltóirí béim ar ról na cinnteoireachta feasaí, agus tá trí ghné aici a thagann go forleathan le heispéireas tomhaltóra ag déanamh a b(h)ealaí tríd an margadh:

- **An tomhaltóir a ullmhú don chinneadh ceannacháin**: Le faisnéis chuí agus shásúil a thabhairt do thomhaltóirí go héifeachtach a chuideoidh leo nuair a roghnaíonn agus a úsáideann siad seirbhísí cumarsáide leictreonaí, is gá dúinn a n-iompair agus na roghanna is fearr leo a thuiscint.
- **Rochtain ar tháirgí, ar sheirbhísí agus iad a úsáid**: Déanann ComReg monatóireacht ar na hoibreoirí cumarsáide leictreonaí agus ar na hoibreoirí seirbhísí ardráta le cinntiú go gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí. Tá ár straitéis leagtha amach le cinntiú go mbíonn rochtain ag tomhaltóirí ar bhunseirbhísí, agus go dtacaítear lena gcearta, maidir le inter alia, ag athrú, conarthaí, úsáid seirbhísí agus billeáil.
- **Gearáin Tomhaltóirí agus Ceartú**: Le go mbeidh muinín ag tomhaltóirí as an earnail cumarsáide leictreonaí, caithfidh rochtain bheith acu ar phróiseas réitigh a thabharfaidh faoin difréalach cumhachta idir oibreoir mór agus duine aonair. Is í straitéis ComReg le cinntiú go mbeidh meicníochtaí ceartaithe éifeachtacha ann do thomhaltóirí. Thar an tréimhse atá le teacht, beimid ag iarraidh na bunchaighdeáin a fheabhsú sna bealaí a láimhseálann oibreoirí gearáin, agus meicníochtaí réitigh díospóide eile a fhorbairt, de réir mar is cuí.

Tá sé mar aidhm ag ComReg bheith mar urlabhraí éifeachtach ar son tomhaltóirí agus sainionchur a thabhairt ar chúrsaí a bhfuil tionchar acu ar an dóigh a oibríonn na margaí do thomhaltóirí.



## COSAINT TOMHALTÓIRÍ AGUS FAISNÉIS A THABHAIRT DÓIBH

# 03 INFHEISTÍOCHT

| RÚN STRAITÉISEACH | Chumasaigh infheistíocht éifeachtúil rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide bheith ar fáil |
|---|---|

Is í tríú rún straitéiseach ComReg gur **chumasaigh infheistíocht éifeachtúil rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach, fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide a sholáthar**. Ceapann ComReg gurb iad na bunchúiseanna atá lena obair go léir go gcuireann margaí iomaíocha éifeachtacha dreasachtaí tráchtála chun cinn a spreagfaidh na hinfheistíochtaí a bheidh riachtanach le táirgí agus seirbhísí nuálaíocha a thabhairt isteach sa mhargadh, agus a fheabhsóidh an caighdeán seirbhíse. Díreoidh straitéis ComReg ar na rudaí seo a leanas thar an tréimhse atá le teacht:

- **Infheistíocht tráchtála a éascú**: Tá sé mar aidhm ag ComReg cinntiú go gcuireann dreasachtaí iomaíocha infheistíocht tráchtála i mbonneagar, agus i seirbhísí chun cinn a fhorleithne agus is féidir. Ó thaobh ról ComReg maidir leis seo, is féidir le húdarú soláthar ionchur mórdhíola faoi réimeas SMP, socrú praghsanna a dhéanfaidh brabús sásúil ar an infheistíocht, bainistiú éifeachtach an speictream raidió agus riarachán maith na hacmhainne uimhrithe náisiúnta bheith i gceist.
- **Dreasachtaí rialála a chruthú agus a infheistiú nuair is gá**: Ní fhéadfadh margaí cumarsáide leictreonaí neamhrialaithe na dreasachtaí cearta, nó sásúla a chur ar fáil le haghaidh infheistíochta. Dá mbraitheofaí ar na dreasachtaí margadhbhunaithe amháin, seans ann nach soláthrófaí seirbhísí d'úsáideoirí deiridh neamhgheilleagracha
- **Ag cabhrú le lucht déanta beartas**: Nuair atá idirghabháil dhíreach ón Stát de dhíth, mar shampla, le leathanbhanda a sholáthar ar bhonn náisiúnta, is straitéis ComReg í cabhrú le lucht déanta beartas idirghabhálacha a leagan amach a chuireann le fírinní an mhargaidh. Mar sin de, tá sé mar aidhm ag ComReg sainionchur a thabhairt, bunaithe ar a fhaisnéis agus ar a thaithí maidir le cumarsáid leictreonach agus le margaí bainteacha.

## NA COINNÍOLLACHA A CHRUTHÚ D'INFHEISTÍOCHT




# 04 FORFHEIDHMIÚ & COMHLÍONADH

| RÚN STRAITÉISEACH | Cloíonn aonáin rialaithe le hoibleagáidí rialála |
|---|---|

Is é ceathrú rún straitéiseach ComReg le cinntiú go **gcomhlíonann aonáin rialaithe na hoibleagáidí rialála**. Aithníonn ComReg nach bhfuil rialáil ar an margadh éifeachtach agus fiúntach ach má chomhlíonann na haonáin rialaithe na hoibleagáidí. Mar sin de, tacaíonn an rún straitéiseach leis na trí cinn ar tugadh achoimre orthu cheana féin. Tá ComReg gníomhach i réimse timpeallachtaí comhlíonta éagsúla; léirítear é seo inár gcur chuige ar an leibhéal oibríochtúil. Tá trí ghné dár straitéis i gcoitinne:

- **Cultúr comhlíonta**: Tá ComReg den tuairim gurb í an staid optamach nuair atá faisnéis iomlán ag na haonáin rialaithe ar a n-oibleagáidí, nuair a chomhlíonann siad iad agus nuair atá cultúr comhlíonta inmheánach iontu. Spreagann ComReg na hoibreoirí go mór srianta agus beartais inmheánacha láidre bheith acu, agus an cuspóir acu, cosc a chur ar neamhchomhlíonadh agus é a aimsiú. Nuair is cuí é, bainfidh ComReg úsáid as rannpháirtíocht agus as plé leis na hiompair inmhianaithe a chothú.
- **Comhlíonadh agus forfheidhmiú spriocdhírithe**: Baineann gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe spriocdhírithe le hacmhainní a úsáid do ghníomhaíochtaí ar bhealach a uasmhéadaíonn éifeachtúlacht. Ciallaíonn na socrúcháin forfheidhmithe ina bhfuil ComReg gníomhach go gcaithfear an t-ord tosaíochta a chur in oiriúint do na cúinsí ábhartha.
- **Díspreagadh éifeachtach**: Ní bhraitheann éifeachtúlacht an réimeas rialála ar dheireadh a chur le hiompar neamhchomhlíonta amháin ach ar neamhchomhlíonadh a dhíspreagadh sa todhchaí. Straitéis ComReg atá ann le cinntiú go mbeidh cumhachtaí éifeachtacha againn a spreagfaidh comhlíonadh, a dhéanfaidh monatóireacht air, agus a chuirfidh i bhfeidhm é freisin. Dá réir sin, molfaidh ComReg leasuithe reachtúla a chuirfidh ar a chumas a straitéis a chur i bhfeidhm, bunaithe ar a shaineolas agus ar a thaithí rialála.

## COMHLÍONADH LE hOIBLEAGÁIDÍ RIALÁLA A CHINNTIÚ




# 05 EAGRAÍOCHT

| RÚN STRAITÉISEACH | Is rialálaí éifeachtach agus ábhartha sinn |
|---|---|

Is é an rún straitéiseach deireanach go bhfuil **ComReg ina rialálaí eifeachtach agus ábhartha**. Aithníonn ComReg an gá le cinntiú go mbeidh rialáil éifeachtach agus ábhartha fós, i gcomhthéacs na n-athruithe sna cúinsí teicneolaíochta, margaidh agus beartais phoiblí. Tá ComReg den tuairim nach féidir linn glacadh le seasamh éighníomhach. Ina áit sin, déanfaidh muid ár ndícheall feidhmiú mar eagraíocht ghníomhach agus spreagúil a bheidh ábalta freagairt don timpeallacht a athraíonn go gasta, agus atá in áit mhaith, ó thaobh saineolais, anailísíochta láidre agus na faisnéise is déanaí de, mar aon le hacmhainní de, le tabhairt faoi cheisteanna a mbeidh tionchar acu ar ár gcumas ár misean a chomhlíonadh. Cinnteoidh cur i gcrích an Rúin Straitéisigh seo gur mórdhócha go n-éireoidh le ComReg a cheithre Rún Straitéiseacha eile a bhaint amach.



DÉANFAIDH MUID ÁR NDÍCHEALL FEIDHMIÚ MAR EAGRAÍOCHT GHNÍOMHACH AGUS SPREAGÚIL A BHEIDH ÁBALTA FREAGAIRT DON TIMPEALLACHT A ATHRAÍONN GO GASTA





# IS RIALÁLAÍ ÉIFEACHTACH AGUS ÁBHARTHA SINN

01

# RÉAMHRÁ

## Na fáthanna a bhfuil rialáil ag teastáil ó na margaí teileachumarsáide

1.1 Is mór an tairbhe a dhéanann siad don saol sóisialta agus geilleagrach, táirgí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí amhail leathanbhanda, fóin mhóibíleacha agus an ghnáthsheirbhís teileafóin. Bíonn an tairbhe a dhéanann na seirbhísí seo dár saolta ag athrú i gcónaí mar gheall ar nuálaíocht. Le himeacht ama, bhíomar ag brath níos mó ar chumarsáid leictreonach mar thacaíocht don chuid is mó dár riachtanais agus mianta.

1.2 Ba léir an t-athrú ón mbonn a bhí ar an saol teacht an fhóin chliste ar an bhfód, beagnach deichniúr ó shin, agus an infheistíocht a rinneadh sna blianta tar éis sin sna líonraí seasta agus móibíleacha ardtoillte, a bhí riachtanach le tacaíocht a thabhairt don mhéadú as cuimse sa ráchairt ar thoilleadh a bhí ábalta i bhfad níos mó sonraí a chur ar aghaidh. Ón dóigh a choinnímid i dteagmháil lenár dteaghlaigh agus lenár gcairde, ón dóigh a ghlacaimid lenár siamsaíocht, a oibrímid nó dhéanaimid gnó, go dtí an dóigh a úsáidimid na seirbhísi poiblí, níl chóir a bheith cuid ar bith dár saolta nach bhfuil tionchar féideartha ag ár gcumas le ceangal go digiteach air.

1.3 Mar gheall ar an easpa rialála áfach, táthar amhrasach cé acu a d'fhorbródh nó nach bhforbródh na margaí cumarsáide leictreonaí ar bhealach a riarfadh do riachtanais na sochaí. Tá a lán cúiseanna le teipeanna féideartha sna margaí (féach Caibidil 2), agus tá rialálaí bunaithe ag chóir a bheith gach tír agus geilleagar ar an domhan leis na rialacha a thabharfadh faoi chuid nó gach teip fhéideartha ar na margaí, a leagan síos agus a fhorfheidhmiú.

1.4 Thar na cuig bliana anuas, bhain léar mór úsáideoirí deiridh in Éirinn tairbhe as an rochtain ar líonraí nua a thug tairiscint ar chumarsáid sonraí ardluais ag suíomhanna seasta agus tú ag bogadh ar aghaidh. Ó thaobh suíomhanna seasta de, bhí rogha soláthraithe níos leithne acu agus tugadh tairiscint ar réimse beart seirbhíse níos forleithne, ina measc, rochtain gutha agus idirlín, clár ábhair teilifíse agus seirbhísí móibíleacha.

1.5 B'fhachtóir criticiúil rialáil a chuir ar chumas an infheistíocht a dhéanamh. Thug na cinntí déanta ag ComReg an spreagadh iomaíoch le hinfheistiú i líonraí nua agus na cinn atá ann faoi láthair a uasghrádú. Ag an am céanna, lig ár gcinntí do na hoibreoirí miondíola bheith in iomaíocht sa mhargadh leathanbhanda seasta, mura bhfuil líonraí dá gcuid féin acu fiú. Sa mhargadh móibíleach, thug ComReg cearta úsáide speictrim dóibh, a d'úsáid na hoibreoirí lena líonraí 4G a rolladh amach.

1.6 Gan rialáil, ba dhócha go mbeadh infheistíocht níos fadálaí ann, go mbeadh níos lú rogha d'úsáideoirí deiridh, agus go mbeadh na praghsanna níos airde.

1.7 In ainneoin na dtorthaí dearfacha a léirigh gur riar an margadh rialála don chuid mhór úsáideoirí deiridh, níor bhain gach duine an tairbhe chéanna as. Ciallaíonn eacnamaíochtaí an tsoláthair líonraí go soláthraítear seirbhísí nua sna ceantair a bhfuil daonra mór acu ar dtús de ghnáth. Tá a lán áiteanna in Éirinn mar nach bhfuil leathanbhanda ardluais ar fáil, agus a lán áiteanna mar a bhfuil úsáideoirí

deiridh míshásta leis an gclúdach móibíleach. Suas go pointe éigin, is féidir le rialáil cabhrú le tairbhí na seirbhísí nua a scaipeadh níos forleithne agus níos gaiste. Ní féidir leis an margadh is fearr rialaithe gach sprioc de chuid na sochaí a bhaint amach fiú, agus in amanna, tá idirghabháil ag teastáil ón Stát, mar bheadh an infheistíocht déanta ar bhonn neamhthráchtála.

## Ár bhfís don earnáil cumarsáide sna cúig bliana atá le teacht

1.8 Is é ComReg an t-údarás rialála don earnáil cumarsáide leictreonaí in Éirinn. Leagann an ráiteas straitéise seo ár bhfís, misean agus straitéis don earnáil amach sna cúig bliana atá le teacht[2].

1.9 Agus sinne ag leagan amach ár straitéise do na cúig bliana atá le teacht, ghlac ComReg le fís don earnáil cumarsáide. Ní féidir le ComReg é féin an fhís a chomhlíonadh. Beidh meascán d'idirghabhálacha beartais ón Rialtais, idirghabhálacha rialála ó ComReg agus infheistíocht ón tionscal ag teastáil, leoga. Mar sin féin, ceapaimid gur chóir fís ar na torthaí a mbeidh sé d'aidhm againn a chomhlíonadh, bheith ag treorú ár straitéise.

1.10 Bheadh cuid de na dóigheanna a úsáidtear cumarsáid sa lá atá inniu deacair le tuar cúig bliana ó shin, fiú. Ar an mbealach céanna, ag breathnú chun tosaigh, beidh sé dodhéanta na nuálaíochtaí nua-aimseartha a thuar sna cúig bliana atá le teacht. Rud éigin atá cinnte áfach is ea go n-éireoidh nascacht dhigiteach níos tábhachtaí, idir gheilleagrach agus shóisialta.

1.11 Is í an fhís atá againn gur féidir le tomhaltóirí agus gnóthaí in Éirinn rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan bheith acu ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide a thacóidh lena riachtanais shóisialta agus gheilleagracha.



**FÍS**

**Beidh rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach fhorleathan ag tomhaltóirí agus gnóthaí in Éirinn ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide a thacóidh lena riachtanais shóisialta agus gheilleagracha.**

[2] Rialaímid an earnáil poist freisin. Cuimsíonn ár bhfís, ról, misean agus luachanna an earnáil cumarsáide leictreonaí agus an earnáil poist, ach foilsítear ár straitéis don earnáil poist i ráiteas straitéise ar leith.

## Ár ról, misean agus luachanna

1.12 Leagann ár ról agus misean an méid oibre a dhéanann ComReg amach leis an bhfís don earnáil a bhaint amach. Mar rialálaí geilleagrach, is é an ról atá againn **cinntiú go bhfeidhmeoidh na margaí cumarsáide ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí**. Tá margadh rialaithe maith a chinntiú ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí le fís don earnáil cumarsáide a bhaint amach.

1.13 Tá tuairim níos forleithne againn faoina mbeidh i gceist don margadh le feidhmiú ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí, seachas ár gcur chuige a bhunú ar thuairim chaolaigeanta faoi éifeachtúlacht gheilleagrach nó faoi phraghsanna margaidh. Mar shampla, ceapaimid go bhfuil sé inmhianaithe gur chóir don margadh ardseirbhísí a sholáthar dá mhéad úsáideoirí deiridh agus is féidir. Léireoidh sé seo luach geilleagrach an líonra cumarsáide mhóir mar aon le luach sóisialta na deiseanna a thapú le páirt a ghlacadh sa tsochaí dhigiteach. I measc na samplaí eile de dhíol spéise níos leithne na sochaí tá soláthar seirbhísí amhail glaonna éigeandála agus athrú a dhéanamh ar sheirbhísí sa dóigh is gur féidir le daoine le míchumais páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí, mar shampla.

1.14 Léiríonn ár misean an tuairim fhorleathan atá againn ar ár ról. Níl difear ann ón ráiteas straitéiseach a bhí againn díreach roimhe: Trí rialáil éifeachtach agus ábhartha, forbairt earnála cumarsáide iomaíche in Éirinn a éascú, a mheallfaidh infheistíocht, a spreagfaidh nuálaíocht agus a thabharfaidh cumhacht do thomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.


1.15 Le go mbeimid éifeachtach mar rialálaí geilleagrach, tá sé tábhachtach go bhfuil muinín ag páirtithe leasmhara asainn ár bhfeidhmeanna a dhéanamh go neamhspleách bunaithe ar fhianaise agus ar anailís ardchaighdeánach, gan bheith claonta i dtreo páirtí margaidh ar bith agus gan fulaingt ó "gabháil rialála", mar a thugtar air. Níor athraíomar ár luachanna ón ráiteas straitéiseach deireanach.

**RÓL**

**Is é ról ComReg le cinntiú go bhfeidhmeoidh na margaí cumarsáide ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí.**

**MISEAN**

**Trí rialáil éifeachtach agus ábhartha a éascaímid forbairt na hearnála cumarsáide iomaíche in Éirinn, rud a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht a thugann cumhacht do thomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.**




## Ár straitéis

1.16 Mhair na ráitis straitéiseacha ar glacadh leo roimhe ar feadh tréimhsí dhá bhliain. Shocraíomar an t-am seo glacadh le peirspictíocht níos faide, cúig bliana. Beidh sé seo dár gcumasú díriú ar fhorbairtí níos fadtéarmaí agus le smaoineamh ar an ról a fhéadfaidh bheith ag an rialáil le nuálaíocht a chumasú, agus le tabhairt faoi cheisteanna a fhéadfaidh tarlú sa todhchaí. Ligfidh sé do pháirtithe leasmhara pleanáil ar an mbealach céanna freisin.


1.17 Sa ghearrthéarma, tá discréid theoranta ag ComReg faoi na gníomhaíochtaí a dhéanaimid agus faoinár gcur chuige maidir leo. Tá ár bhfeidhmeanna, ár gcuspóirí agus ár gcumhachtaí leagtha amach sa dlí náisiúnta agus AE. D’íslíomar líon ár n-oibrithe foirne i rith na géarchéime airgeadais agus, dá dheasca sin, díríodh cuid dár n-acmhainní ar ghníomhaíochtaí a bhfuil oibleagáid orainn a dhéanamh de réir an dlí.

AGUS ATHBHREITHNIÚ CHÚIG BLIANA Á DHÉANAMH AGAINN ÁFACH, NÍ AMHÁIN GO BHFUILIMID ÁBALTA MACHNAMH A DHÉANAMH AR AN MÉID A DHÉANFAIMID LENÁR GCUMHACHTAÍ AGUS LENÁR N-ACMHAINNÍ REATHA SA GHEARRTHÉARMA, ACH TÁIMID ÁBALTA MACHNAMH A DHÉANAMH AR AN MÉADÚ AR ÁR GCUMHACHTAÍ A FHÉADFAIDH BHEITH ÚSÁIDEACH LE TABHAIRT FAOI CHEISTEANNA FAOI LÁTHAIR AGUS SA TODHCHAÍ.




1.18 Agus athbhreithniú chúig bliana á dhéanamh againn áfach, ní amháin go bhfuilimid ábalta machnamh a dhéanamh ar an méid a dhéanfaimid lenár gcumhachtaí agus lenár n-acmhainní reatha sa ghearrthéarma, ach táimid ábalta machnamh a dhéanamh ar an méadú ar ár gcumhachtaí a fhéadfaidh bheith úsáideach le tabhairt faoi cheisteanna faoi láthair agus sa todhchaí. Is féidir linn machnamh a dhéanamh ar na hacmhainní breise ba chóir dúinn fáil le cur lenár gclár oibre. Sa ráiteas straitéise seo, ní amháin go leagaimid amach ár dtosaíochtaí, agus na cumhachtaí agus na hacmhainní atá againn faoi láthair, ach cuirimid béim mar a sílimd go mbeadh sé úsáideach dá leathnófaí ár gcumhachtaí agus ár n-acmhainní.

1.19 Tagann na huirlisí atá ar fáil againn lenár ról agus misean a dhéanamh ónár gcumhachtaí reachtúla. Is féidir achoimre a thabhairt orthu i gceithre phríomhchatagóir: rialacha a leagan amach le hiomaíocht éifeachtach a chur chun cinn, tacú le cearta tomhaltóirí, timpeallacht a chruthú a thacóidh le hinfheistíocht, cinntiú go gcomhlíonfaidh na haonáin rialaithe na rialacha. Ina theannta sin, braitheann ár gcumas na huirlisí seo a úsáid ar ár n-acmhainn eagraíochtúil. D’fhorbraíomar ráiteas faoi rún straitéiseach agus spriocanna a thacóidh leis na rúin straitéiseacha sin do gach ceann de na réimsí seo.




## Rúin Straitéiseacha 2017-2021

**01** **Iomaíocht** – Cuireann an margadh nuálaíocht chun cinn agus cuireann sé an rogha fhéideartha is mó oibreoirí mórdhíola agus miondíola ar fáil

**02** **Cosaint Tomhaltóirí** – Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach

**03** **Infheistíocht** – Chumasaigh infheistíocht éifeachtúil rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide

**04** **Forfheidhmiú agus Comhlíonadh** – Comhlíonann aonáin rialaithe oibleagáidí rialála

**05** **Eagraíocht** – Is rialálaí éifeachtach agus ábhartha sinn

1.20 Tar éis sin, caithfimid an chreatlach gheilleagrach agus dhlíthiúil ina bhfeidhmímid a mhíniú ar dtús. Ansin, aithnímid cuid de na treochtaí agus na dúshláin príomhá a bhféadfadh tionchar bheith acu ar rialáil éifeachtach agus ábhartha ó ComReg sna cúig bliana atá le teacht. Leagfaimid ár gcúig ráiteas faoi na rúin straitéiseacha amach ansin i gcomhthéacs ár gcreatlaí straitéisí foriomláine. Ansin caibidil ar chaibidil, maidir le gach ceann de na cúig rún straitéiseacha, leagaimid na spriocanna bainteacha agus na cláir oibre áirithe a mbeidh rún ag ComReg a dhéanamh thar an tréimhse 2017-2019.

02

# AN COMHTHÉACS GEILLEAGRACH AGUS EACNAMAÍOCHTAÍ

## Eacnamaíochtaí na cumarsáide leictreonaí

2.1 I measc na margaí cumarsáide leictreonaí tá na margaí miondíola do rochtain leathanbhanda, seirbhísí teileachumarsáide seasta agus móibílí, mar aon le margaí mórdhíola mar a ndíolann oibreoirí seirbhísí dá chéile nó a gcuireann siad rochtain ar fáil ar líonraí a chéile.

2.2 Tá a lán fáthanna a bhfuil baol ann nach bhfuil na margaí seo ag feidhmiú go héifeachtúil, agus ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí.

2.3 I dtús báire, ní fhreastalóidh oibreoirí príobháideacha ar mhargaí a shíleann siad atá gan tráchtáil. Mar shampla, ciallaíonn an ghné thráchtála d'infheistíocht phríobháideach nach bhféadfaí na líonraí ardchaighdeánacha a rolladh amach ach i gceantar a bhfuil dlús daonra iontu mar bheadh na hioncaim fhéideartha ó na húsáideoirí deiridh sna ceantair sin níos mó ná na costais. Ina theannta sin, ní fhéadtar caighdeán na bunlíonraí a choinneáil i gceantair ina bhfuil na costais ard agus ina bhfuil an iomaíocht lag nó nach bhfuil sí ann.

2.4 Ar an mbealach céanna, dá dtabharfaí praghas do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí ar bhonn tráchtála, ní fhéadfadh sé bheith d'acmhainn ag úsáideoirí deiridh ar leith íoc as roinnt seirbhísí. Ina theannta sin, d'fháthanna seachas soláthar nó inacmhainneacht, ní fhéadfadh grúpaí úsáideoirí deiridh ar leith bheith ábalta nó suim bheith acu glacadh le teicneolaíochtaí éagsúla. Ní fhéadfadh cinntí infheistíochta déanta ar an mbonn seo gan luach geilleagrach agus sóisialta don tsochaí san iomlán glacadh le seirbhís níos forleithne, a chur san áireamh.

2.5 Lena chois sin, tá teipeanna margaidh ann a chiallaíonn nach bhfeidhmíonn na margaí go héifeachtúil i gcónaí (féach ar Bhosca Mínithe 1). Teip amháin is ea í go bhféadfadh oibreoir cumhacht margaidh mór bheith aige, is é sin, an cumas le feidhmiú gan srian ó iomaitheoirí. D'fhéadfadh sé seo tarlú mar shampla, d'fháthanna stairiúla nó mar go gciallódh costas coibhneasta rolladh amach na líonraí, i gcomparáid leis na hioncaim fhéideartha, go mbeadh codanna den margadh inar féidir le haon oibreoir amháin mairstin le brabús. Mura gcuirfí srian air, d'fhéadfadh praghsanna arda, droch-chaighdeán na seirbhíse nó cosc ar iomaitheoirí dul isteach i gcodanna eile den margadh a bhfuil iomaíocht fhéideartha acu, bheith mar thoradh ar chumhacht mhór sa mhargadh.

2.6 Nuair nach bhfuil oibreoir amháin ann a bhfuil cumhacht mhór aige fiú, d'fheadfadh olagaplachtaí bheith ann – cásana nach mbeadh ach méid beag oibreoirí ann le hiomaíocht a fheidhmiú a fheabhas agus is féidir. Is féidir leis seo tarlú mar go bhfuil costais iontrála mhóra ann nuair a rolltar líonraí amach. Is féidir leis seo tarlú nuair a chaithfidh oibreoirí úsáid a bhaint as an speictream raidió, mar is acmhainn theoranta speictream.

2.7 Tá fáthanna eile a bhféadfadh na margaí cumarsáide leictreonaí teip orthu. Mar shampla, bíonn na táirgí coimpléascach go minic, agus is féidir le gnéithe cainníochtúla de sheirbhís bheith deacair d'úsáideoirí deiridh faisnéis bheith acu orthu nó a thuiscint. Sampla de seo is ea fón móibíleach a cheannach ina mbeidh gléas láimhe, soláthraí seirbhíse agus plean a roghnú. Is minic a bhíonn siad seo mar chuid den bheart céanna.

2.8 Is minic a thagann aisiméadracht faisnéise idir oibreoirí agus úsáideoirí deiridh as seo. D'fhéadfadh fo-infheistíocht ó oibreoirí sna caighdeáin teacht as seo, agus níos casta fós, d'fhéadfaí nach gcaithfí go cothrom le húsáideoirí deiridh sa mhargadh.

## BOSCA MÍNITHE 1:
## TEIPEANNA MARGAIDH

Cuireann **teipeanna margaidh** bac ar chumas an ghnáthphróisis iomaíochta na torthaí leasa is fearr a bhaint amach. Is é cuspóir na rialála geilleagraí iarracht a dhéanamh na teipeanna margaidh a cheartú nó a chúiteamh tríd na hidirghabhálacha cuí. Is féidir cuid mhór d'fheidhmeanna agus cuspóirí reachtúla ComReg a cheangal siar le bunteipeanna sa mhargadh. Seo na trí theip margaidh clasaiceacha: cumhacht mhargaidh (nó cumhacht mhonaplachta ar fad), seachtrachtaí (bainteach le hearraí poiblí) agus aisiméadracht faisnéise.

Déanann **cumhacht margaidh** tagairt do chumas oibreoir amháin na praghsanna a ardú thar, nó an caighdeán thíos a laghdú fúthu sin a n-éireodh leo i margadh iomaíoch. D'fhéadfadh cumhacht margaidh teacht ó dhá phríomhfhoinse, drogall nó míchumas na dtomhaltóirí athrú mar fhreagairt do dhíghrádúchán sna téarmaí agus coinníollacha. D'fhéadfadh seo tarlú mar tá athrú deacair/costasach mar shampla, nó mar nach bhfuil margaí eile nó teoranta eile ar fáil, nó i bhfocail eile, mar go bhfuil struchtúr an mhargaidh monaplach. Sna margaí cumarsáide leictreonaí, tá an dá cheann d'fhoinsí na cumhachta margaidh ann, ach is í an dara foinse í – an struchtúr margaidh monaplach – a bhí mar an fócas traidisiúnta rialála san earnáil.

Tarlaíonn **struchtúr monaplach** roinnt margaí cumarsáide leictreonaí mar gheall ar na costais mhóra báite a bhaineann go minic le líonra fisiceach a bhunú. Tugann sé seo an spreagadh do rialáil chuimsitheach a leithéid seo de mhargadh. Cuireann Na Creatrialacháin[3] ar chumas ComReg stádas Chumhacht Shuntasach sa Mhargadh (SMP) a thabhairt ar oibreoirí ar leith. Is coincheap dlíthiúil é SMP atá ina chomhartha sóirt de mhéid na cumhachta margaidh mar "a position of economic strength affording it the power to behave to an appreciable extent independently of its competitors, customers and ultimately consumers".[4] D'fhéadfadh ComReg ansin dualgais áirithe a chur ar oibreoirí le SMP a bhféadfadh riachtanais le rochtain ar líonraí a sholáthar d'oibreoirí eile ar phraghsanna rialaithe, agus feidhmiú mar bhealach neamhidirdhealaitheach (féach ar Bhosca Mínithe 2).

Déanann **seachtrachtaí** tagairt do chostais agus do thairbhí ghníomhaíocht eacnamaíochta ar bith nach bhfuil ag an gníomhaí eacnamaíochta a dhéanann an ghníomhaíocht. Déantar gníomhaíochtaí a chruthaíonn seachtrachtaí diúltacha, níos mó ná mar a ghlacann an tsochaí leis de ghnáth, ach fosholáthraíear dóibh siúd a bhfuil seachtrachtaí dearfacha acu. Mar sin de, tá idirghabháil ag teastáil le iompar a bhainfidh seachtrachtaí dearfacha amach agus a dhíspreagfaidh gníomhaíochtaí le seachtrachtaí diúltacha, a chur chun cinn. Tá samplaí ann de na seachtrachtaí dearfacha agus diúltacha sna margaí cumarsáide leictreonaí.

Is sampla de sheachtracht dhiúltach an trasnaíocht idir tarchuir raidió. Anseo, is féidir le hoibreoir amháin, ag úsáid speictrim gan comhordú a dhéanamh le hoibreoirí eile, trasnaíocht dhochrach a dhéanamh, tionchar bheith acu ar chaighdeán na dtarchur a dhéanann oibreoiri eile agus luach foriomlán speictrim a ísliú. Spreagann láithreacht na seachtrachtaí diúltacha an gá do shocruithe bainistíochta speictrim ina mbeidh sannadh agus forfheidhmiú chearta speictrim i gceist.

Tá seachtrachtaí dearfacha ann fosta. Ar an leibhéal is bunúsaí, dá mhéad daoine a cheanglaíonn leis an tseirbhís cumarsáide is amhlaidh is luachmhaire a bheidh an tseirbhís sin d'úsáideoirí deiridh. Déantar tagairt dó seo mar sheachtracht líonra in amanna, agus úsáidtear í, in amanna, le hidirghabhálacha a spreagadh atá dírithe ar chinntiú go bhféadadh na hoibreoirí áirithe sin idircheangal a dhéanamh.

Mar fhocal scoir, déanann an **aisiméadracht faisnéise** tagairt don staid mar a bhfuil faisnéis éagsúil ag páirtithe ar idirbhearta. Is féidir le sampla den fhaisnéis aisiméadrachta sna margaí cumarsáide leictreonaí tarlú, mar shampla, mura dtuigeann tomhaltóir sonruithe nó téarmaí agus coinníollacha táirgí agus seirbhísí. Mura bhfuil an fhaisnéis go léir ann ar earra nó ar tháirge, tá sé deacair do thomhaltoir cinneadh ar an méid luacha air – go bunúsach, cuireann sé cosc ar an mheicníocht phraghais feidhmiú go héifeachtach agus d'fhéadfadh tomhaltóiri ró-íoc as táirge, nó gan rud éigin a oireann dá gcuid riachtanas a cheannach. Tugann ComReg faoin aisiméadracht faisnéise seo trí chuir síos chruinne ar tháirgí agus dearbhuithe caighdeáin a iarraidh.

[3] Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí (Creatlach) 2011, I.R. Uimh. 333 de 2011 ("Na Creat-Rialacháin").

[4] Rialachán 25(1) de na Creat-Rialacháin.

2.9 Is í an tríú gné de na margaí cumarsáide leictreonaí ná go bhfuil siad mar chuid d'éiceachóras níos forleithne, ina bhfuil réimse margaí bainteacha, amhail margaí d'ábhar agus do sheirbhísí soláthraithe ar an idirlíon, san áireamh. Tagann cuid de luach geilleagrach agus sochaíoch na margaí cumarsáide leictreonaí óna ról a chumasaíonn nuálaíocht sna margaí seo. Tá dinimicí coimpleáscacha ag baint leis an idirchaidreamh idir na margaí seo, agus tá sé tábhachtach nach bhforbróidh na margaí cumarsáide leictreonaí ar bhealach a chuirfidh bac ar nuálaíocht.

2.10 Is príomhcheisteanna beartais phoiblí nascacht agus cumarsáid dhigiteach, agus creidtear go bhfuil siad níos riachtanaí do chuimsiú sóisialta agus d'fhorbairt gheilleagrach. Ag cur fírinní margaidh agus teipeanna féideartha margaidh san áireamh, ní dócha go bainfeadh margadh neamhrialaithe torthaí optamacha nó sásúla fiú, amach, ó thaobh na peirspictíochta sochaíche de.

2.11 Mar gheall ar na fáthanna sin, tá cumhachtaí ag ComReg idirghabháil a dhéanamh agus drochéifeachtaí na cumhachta margaidh mórthabhachtaí a rialú agus a mhaolú agus nuair a tharlaíonn siad sna margaí cumarsáide leictreonaí, tá cumhachtaí ag ComReg idirghabháil a dhéanamh sna margaí le soláthar seirbhísí i roinnt cúinsí neamhthráchtála a chinntiú agus chun tacú le cearta tomhaltóirí. Tá cumhachtaí ag ComReg úsáid an speictream raidió a bhainistiú.

## An comhthéacs dlíthiúil

2.12 Bhunaigh an tAcht um Rialáil Cumarsáide, 2002[5] ComReg mar chomharba Oifig an Stiúrthóra um Rialáil Teileachumarsáide (ODTR), ar bunaíodh í féin in 1996. Mar sin de, is í 2017 an t-aonú bliain is fiche ó tháinig rialáil gheilleagrach na hearnála cumarsáide ar an saol in Éirinn.

2.13 D'athraigh scóip sainchúraim rialála ComReg thar dhá dheichniúr anuas, ag léiriú athruithe sa bheartas intíre agus Eorpach i dtaca leis na margaí cumarsáide mar aon leis na hathruithe sa teicneolaíocht fosta. Cuimsíonn croíchúram sainiúil ComReg:

- Rialáil na líonraí agus na seirbhísí cumarsáide leictreonaí[6]
- Bainistiú speictream na minicíochta raidió agus na hacmhainne uimhrithe náisiúnta[7], agus
- Rialáil na seirbhísí poist.[8]

2.14 Tá feidhmeanna breise ag ComReg fosta, maidir le rialáil na Seirbhísí Ardráta (PRS)[9] agus na Seirbhísí Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS).[10]

[5] Rinne an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonnreagar Cumarsáide Leictreonaí) 2010 agus an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011 leasú ar an Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 ("Acht 2002"). Rinne an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí) 2010 agus an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011 leasú ar an Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 ("Acht 2002").
[6] Alt 10(1)(a) d'Acht 2002.
[7] Ibid. Alt 10(1)(b).
[8] Ibid. Alt 10(1)(ba) agus (c).
[9] Ibid. Alt 10(1)(cb).
[10] Ibid. Alt 10(1)(ca).

2.15 Tagann cuid mhór dár gcumhachtaí rialála ó threoracha agus rialacháin an AE, agus ón reachtaíocht a chuireann i bhfeidhm i ndlí na hÉireann iad (féach ar an Tábla thíos[11]). Tugtar eolas ar na treoracha ina bhfuil Creatlach Cumarsáide Leictreonaí an AE (an ECF) i mBosca Mínithe 2. Tá dlithe déanacha ón AE fosta a thugann dualgais do Rialálaithe maidir le fánaíocht[12] agus neodracht idirlín.[13]

**I measc Cumhachtaí agus Feidhmeanna ComReg seo a leanas tá**[14]

| | |
|---|---|
| Iomaíocht | Cumhachtaí le hoibleagáidí ex ante a chur ar oibreoirí a bhfuil cumhacht mhórthábhachtach margaidh acu, agus an aidhm ann fadhbanna iomaíochta féideartha a laghdú.<br>Cumhachtaí le fiosrúcháin ex post a dhéanamh ar mhí-úsáid ceannais agus ar chlaonpháirtíocht sna margaí cumarsáide leictreonaí.<br>An fheidhm leis an speictream raidió a bhainistiú agus an cuspóir ann, a úsáid agus a bhainistiú éifeachtach a chinntiú.<br>Cumhachtaí le cinntiú go mbeidh sé éasca d'úsáideoirí deiridh athrú ó sholáthraí seirbhíse amháin go sholáthraí seirbhíse eile.<br>An fheidhm le díospóidí idir oibreoirí maidir le hoibleagáidí ex ante a réiteach. |
| Cosaint Tomhaltóirí | Cumhachtaí maidir le rochtain, inacmhainne agus caighdeán na seirbhísí uilíocha. Cumhachtaí maidir le calaois agus mí-úsáid i dtaca le huimhreacha agus seirbhísí.<br>Cumhachtaí maidir le slándáil agus le hardchaighdeán na líonraí agus na seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Cumhachtaí maidir le príobháideachas sonraí.<br>Cumhachtaí maidir le conarthaí úsáideoirí deiridh agus le soláthar faisnéise baintí le húsáideoirí deiridh. Cumhachtaí maidir le billeáill, fánaíocht, neodracht idirlín agus athrú a dhéanamh.<br>Cumhachtaí maidir le comhionannas rochtana agus rogha d'úsáideoirí deiridh míchumasacha. Cumhachtaí maidir le cabhrú le húsáideoirí deiridh le gearáin in éadan oibreoirí.<br>Cumhachtaí maidir le soláthar follasachta agus foilsiú faisnéise d'úsáideoirí deiridh. Cumhachtaí maidir le rialacha um chosaint tomhaltóirí san Údarú Ginearálta.<br>Cumhachtaí maidir le PRS. |
| Infheistíocht | Cumhachtaí maidir le Soláthraí Seirbhíse Uilíoch a leagan amach a chinnteoidh go gcomhlíonfar gach iarratas réasúnta do sheirbhís sheasta cumarsáide ar leith.<br>Oibleagáid le hinfheistíocht a chur san áireamh, agus machnamh á dhéanamh ar oibleagáid rochtana ex ante a chur ar oibreoirí a bhfuil cumhacht mhórthábhachtach margaidh acu.<br>Cumhachtaí le cearta úsáide speictream raidió a thabhairt agus le húsáid uimhreacha fóin a bhainistiú.<br>An fheidhm le díospóidí idir oibreoirí a réiteach maidir le rochtain ar an mbonneagar fisiceach do na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí. |
| Forfheidhmiú agus Comhlíonadh | An fheidhm le comhlíonadh a chinntiú le hoibleagáidí rialála agus le fiosrúcháin a dhéanamh. Cumhachtaí le gníomhaíochtaí sibhialta nó forfheidhmithe choiriúil a dhéanamh.<br>Cumhachtaí le cuairteanna ó oifigigh údaraithe a thabhairt agus le hiarraidh ar dhaoine fianaise a thabhairt.<br>Cumhachtaí le Fógraí Íocaíochta Socraithe a thabhairt.<br>Cumhachtaí le Treoracha a thabhairt maidir le hoibleagáidí ex ante. |

[11] Ar mhaithe le soiléiriú, níl sé beartaithe go mbeadh liosta na gcumhachtaí a dtugtar achoimre orthu anseo ina liosta uileghabhálach. Le haghaidh tuilleadh eolais ar fheidhmeanna agus cumhachtaí ComReg, gabh agus breathnaigh ar shuíomh gréasáin ComReg - https://www.comreg.ie/about/legislation/other-key-legislation/

[12] Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 25 Samhain 2015 a leagann síos bearta a bhaineann le rochtain oscailte idirlín agus Treoir leasaithe 2002/22/EC ar sheirbhís uilíoch agus ar chearta úsáideoirí maidir le líonraí, seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus le Rialachán (AE) Uimh 531/2012 ar fhánaíocht ar na líonraí cumarsáide móibíleacha poiblí laistigh den Aontas.

[13] Rialachán 9 agus 25 ó Rialacháin na Seirbhíse Uilíche, Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 25 Samhain 2015 a leagann síos bearta a bhaineann le rochtain oscailte idirlín agus Treoir leasaithe 2002/22/EC ar sheirbhís uilíoch agus ar chearta úsáideoirí maidir le líonraí, seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus le Rialachán (AE) Uimh 531/2012 ar fhánaíocht ar na líonraí cumarsáide móibíleacha poiblí laistigh den Aontas. ("Rialacháin na Neodrachta Idirlín").

[14] Mar shoiléireacht. Níl sé beartaithe gur liosta uileghabhálach é an liosta cumhachtaí seo a dtugtar achoimre orthu. Le haghaidh níos mó faisnéise ar fheidhmeanna agus cumhachtaí ComReg, gabh agus féach ar shuíomh gréasáin ComReg - https://www.comreg.ie/about/legislation/other-key-legislation/

2.16 Ina theannta sin, roinn ComReg cumhachtaí leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí maidir le reachtaíocht iomaíochta ex ante agus le reachtaíocht um chosaint tomhaltóirí, sa mhéid is go mbaineann sé leis an earnáil cumarsáide leictreonaí agus PRS.[15] [16] Roinneann ComReg cumhachtaí roinnte agus comhlántacha le Coimisinéir Oifig an Stiúrthóra um Chosaint Sonraí maidir le gnéithe áirithe de phríobháideachas sonraí.[17] Tá cumhachtaí agus feidhmeanna éagsúla eile ag ComReg a tháinig ón reachtaíocht náisiúnta.

2.17 Leagann Acht 2002 agus na Creat-Rialacháin roinnt cuspóirí reachtúla amach dúinn le leanstan. Ina measc:

- Leas úsáideoirí deiridh seirbhísí cumarsáide sa chur chun cinn
- Infheistíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn
- Iomaíocht a chur chun cinn, agus
- Bainistiú éifeachtúil agus úsáid an speictream raidió a chinntiú.

2.18 Nuair a úsáidimid ár gcumhachtaí reachtúla, déanaimid cinntí bunaithe ar an bhfianaise agus déanaimid gníomhaiochtaí mar is cuí de réir ár gcuspóirí reachtúla. Tagann ráitis ár rúin straitéisigh agus ár spriocanna straitéiseacha lenár gcuspóirí reachtúla agus úsáidtear iad le tosaíochtaí a bhunú.

2.19 Mhol an Coimisiún Eorpach athruithe mórthábhachtacha don ECF ar na mallaibh. Tá níos mó plé ar mholtaí an Choimisiúin i gCaibidil 3.

[15] I gcás PRS, baineann na cumhachtaí le cosaint tomhaltóirí amháin.
[16] Tá comhaontuithe comhoibrithe i bhfeidhm ag ComReg (Doiciméad 03/06 agus Doiciméad 15/121) leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Tá sé beartaithe go n-éascóidh na comhaontuithe comhoibriú maidir le (i) cosaint tomhaltóirí agus (ii) ceisteanna iomaíochta idir gnóthais.
[17] Féach ar Rialachán 30 agus 33 ó Rialacháin 2011 na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach).

## BOSCA MÍNITHE 2:
## NA SAINTREORACHA

Tá an ECF mar chuid den 'Telecoms Package', ar glacadh leis in 2002 agus a ndearnadh leasú air in 2009[18] le forbairt ghasta na hearnála a chur san áireamh. Chomh maith leis an Chreat-Threoir í féin[19] a leagann amach tascanna na n-údarás reachtúil náisiúnta (NRA), agus na prionsabail a chuireann taca faoina gcuid oibre tá ceithre Threoir eile sa phacáiste, a dtugtar "Saintreoracha" orthu. Rialaíonn siad gnéithe áirithe de chumarsáid leictreonach.

- Cruthaíonn an "Treoir Údaraithe" [20] creatlach dhlíthiúil le cinntiú go bhfuil an tsaoirse ann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar ar fud an Aontais Eorpaigh. Thug an Treoir seo córas údaraithe ginearálta isteach, in áit ceadúnas indibhidiúil nó ranga, le hiontráil sa mhargadh a éascú agus ualaí riaracháin ar oibreoirí a laghdú. Mar gheall ar an Treoir Údaraithe, tá oibreoirí údaraithe i dteideal idirbheartaíocht a dhéanamh le soláthaithe eile san AE ar idircheangal. Cé go mbaineann córas an údaraithe ghinearálta le minicíochtaí raidió a úsáid, tá foráil ann go bhféadfadh Ballstáit minicíochtaí raidió a úsáid go fóill tar éis dóibh cearta aonair a cheadú, a chinnteodh, i measc rudaí eile, úsáid éifeachtach an speictrim.
- Bunaíonn an Treoir Rochtana[21] creatlach rialála do na caidrimh idir soláthraithe na líonraí agus na seirbhísí. Nuair a aithnítear go bhfuil cumhacht mhórthábhachtach ag oibreoir i margadh ar leith, is féidir leis na NRAnna oibleagáidí ar son na hiomaíochta a chur air maidir le rochtain agus idircheangal. Lena leithéid seo d'oibleagáidí, ag brath ar na cúinsí, d'fhéadfadh oibleagáidí bheith ann a bhaineann le follasacht, neamhleithcheal, scaradh cuntasaíochta, oibleagáidí rochtana ar, agus úsáide d'áiseanna líonra áirithe, nó dualgais a bhaineann le haisghabháil costais agus rialuithe praghsanna.
- Tá an Treoir Seirbhíse Uilíche[22] ag iarraidh cinntiú go mbeidh rochtain ag na húsáideoirí deiridh go léir ar mhiontacar seirbhísí cumarsáide leictreonaí ardchaighdeánacha ar phraghsanna inacmhainne, agus ag íosmhéadú saobhadh margaidh ag an am céanna. Leagann an Treoir Seirbhíse Uilíche cearta um chosaint tomhaltoirí áirithe fosta, mar shampla, maidir le faisnéis a fháil a chumasóidh tomhaltóirí na seirbhísí dá n-íocann siad síntiús a thuiscint, praghasáil agus táillí, agus maidir le soláthraithe seirbhíse a athrú. Cuireann an Treoir oibleagáidí comhfhreagracha ar oibreoirí fosta, mar shampla, maidir le húsáideoirí deiridh a chur ar an eolas faoin uair a athrófar na coinníollacha conartha.
- Leagann an Treoir um Phríobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach[23] rialacha amach le slándáil a chinntiú i bpróiseáil sonraí pearsanta, i scéala a chur chuig daoine faoi sháruithe i sonraí pearsanta agus i rúndacht na cumarsáide. Cuireann sí cosc ar chumarsáid gan iarraidh nuair nach bhfuil cead tugtha ag an úsáideoir.

Bunaíonn Rialachán (AE) Uimh 1211/2009 Comhlacht Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC). Bunaíodh BEREC le páirt a ghlacadh i gcleachtadh comhsheasmhach rialála. Is fóram é do chomhoibriú idir NRAnna, agus idir NRAnna agus an Coimisiún, i bhfeidhmiú a réimse iomlán freagrachtaí faoi chreatlach rialála an AE.

Tá an ECF faoi athbhreithniú arís i láthair na huaire. I mí Mheán Fómhair 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún moladh do threoir faoi Chód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (an ECC) a bhunú, atá beartaithe le cur in áit an ECF.

[18] Treoir 2009/140/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 25 Samhain 2009 ag leasú Treoracha 2002/21/EC ar chomhchreatlach rialála um líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, 2002/19/EC ar rochtain ar, agus idircheangal le, líonraí agus áiseanna bainteacha cumarsáide leictreonaí, agus 2002/20/EC ar údarú na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

[19] Treoir 2002/21/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 7 Márta 2002 ar chomhchreatlach rialála um líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, a leasaíodh mar ("an Chreat-Treoir") agus a aistríodh mar na Creat-Rialacháin in Éirinn.

[20] Treoir 2002/20/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 7 Márta 2002 ar údarú na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, a leasaíodh mar ("an Treoir Údaraithe") agus a aistríodh mar na Rialacháin Údaraithe in Éirinn.

[21] Treoir 2002/19/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 7 Márta 2002 ar rochtain ar, agus idircheangal le, líonraí agus áiseanna bainteacha cumarsáide leictreonaí, a leasaíodh mar ("an Treoir Rochtana"), agus a aistríodh mar na Rialacháin Rochtana in Éirinn.

[22] Treoir 2002/22/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 7 Márta 2002 ar sheirbhísí uilíocha agus ar chearta úsáideoirí maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, a leasaíodh mar ("an Treoir Seirbhíse Uilíche") agus a aistríodh mar na Rialacháin Seirbhíse Uilíche in Éirinn.

[23] Treoir 2002/58/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 12 Iúil 2002 maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (Treoir faoi phríobháideachas agus faoi chumarsáid leictreonach) a aistríodh mar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach) 2011, I.R. Uimh. 336 de 2011 ("na Rialacháin um Chosaint Sonraí agus na Rialacháin Phríobháideachais").

# TREOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN

03

3.1 Bhí éifeacht athraitheach ó bhonn, idir shóisialta agus gheilleagrach, ag an dul chun cinn teicneolaíochta i dteicneolaíochtaí cumarsáide leictreonaí – líonraí agus gléasanna – ar shaolta a lán saoránach Éireannach.

3.2 Chomh maith le fóin, taibléid agus ríomhairí pearsanta, tá réimse méadaitheach gléasanna a cheanglaíonn go digiteach le líonraí. Tá an nascacht seo lárnach sa saol agus san tráchtáil in Éirinn sa 21ú haois. Féachtar ar nascacht mar an phríomhfhorbairt i dtáirgiúlacht gheilleagrach agus i gcuimsiú sóisialta. De thoradh air sin, tá méadú sa cheapadh go bhfuil rochtain ar bhonneagar agus ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí ardchaighdeánacha, riachtanach. Mar gheall air seo, tá infheistíocht i mbonneagar na cumarsáide leictreonaí riachtanach do rath sóisialta agus geilleagrach sa todhchaí.

3.3 Ó pheirspictíocht rialála de, is cúis le roinnt dúshlán na treochtaí teicneolaíochta, sóisialta agus geilleagracha seo:

- Cé go raibh tionchar ag na hathruithe teicneolaíochta ar **eispéireas na n-úsáideoirí**, deiridh a raibh siad ag súil leis, níor fhorbair fíoreispéireas na n-úsáideoirí deiridh go haonfhoirmeach. Mar shampla, is mian le húsáideoirí deiridh go mór rochtain bheith acu ar sheirbhísí óna ngléasanna móibíleacha ag am agus in áit ar bith, taobh istigh agus amuigh, rud atá ag méadú. Cé go gciallaíonn rolladh amach na líonraí seasta agus móibíleacha ardtoillte go mbeidh sé seo ina fhéidearthacht mhéadaitheach, ní amhlaidh a bhíonn i gcónaí.

- Is féidir le hathrú teicneolaíochta tionchar bheith aige ar **éiceachóras na cumarsáide leictreonaí**. Tá na comhlachtaí teileachumarsáide ag cur seirbhísí miondíola agus mórdhíola éagsúla ar fáil, ag úsáid na líonraí ar leo iad agus na seirbhísí a sholáthraíonn oibreoirí eile, i gceist leis seo. Ina measc tá comhlachtaí i margaí bainteacha, amhail na cinn sin a sholáthraíonn inneachar agus seirbhísí ar an idirlíon. Caithfidh na rialálaithe coimpléascacht an éiceachórais seo a chur san áireamh, so-athathraitheacht fhéideartha sna teorainneacha idir na margaí cumarsáide leictreonaí agus margaí bainteacha ar leith mar aon le ról na cumarsáide leictreonaí mar chumasóir na nuálaíochta sna margaí seo ina measc.

- Cé gur bhain cuid den nuálaíocht a tháinig ón dul chun cinn teicneolaíochta i gcumarsáid leictreonach leis an mbealach a cheanglaíonn daoine lena chéile, táthar ag súil go mbainfidh an chéad ráig nuálaíochta eile le "rudaí" ceangailte agus le "**Idirlíon na nEarraí**", mar a thugtar air. Níltear cinnte go fóill cé acu a chruthóidh nó nach gcruthóidh an ráig nuálaíochta seo riachtanas breise ar bith ó thaobh rialála de, ach rud atá soiléir is ea go mbeidh an fhéidearthacht go bhfeabhsófar stíl mhaireachtála agus táirgiúlacht tábhachtach, agus sa chomhthéacs seo, tá a fhios ag ComReg ar a ról maidir le héascú na nuálaíochta agus na hinfheistíochta

- Luann gach ceann de na treochtaí seo riachtanais éagsúla na mbunlíonraí cumarsáide leictreonaí sa todhchaí ó thaobh toillte, luas agus comharthaí sóirt tábhachtacha eile de. Mar shampla, do chórais gan sreang, moltar 5G mar chineál caighdeáin chomhaontaithigh a bheidh ábalta riar ar na riachanais seo, cé nár leagadh an caighdeán amach go fóill. Ó pheirspictíocht

rialála de, níl sé soiléir fós faoina mbeidh i gceist le rialáil éifeachtach **na líonraí ag forbairt**.

3.4 I ndeireadh na dála, tá an chreatlach rialála Eorpach í féin ag athrú. Mar chuid de straitéis dhigiteach níos forleithne san Eoraip, tá an chreatlach rialála do chumarsáid leictreonach, a tugadh isteach in 2002, agus a uasdátaíodh in 2009, mar fhreagairt don fhorbairt i gcúrsaí margaidh agus polaitiúla, faoi athbhreithniú arís. Dúshlán do ComReg is ea é páirt éifeachtach a ghlacadh sa phróiseas le **rialáil a fhorbairt** agus, mar institiúid, í féin a fhorbairt mar fhreagairt, a chinnteoidh gur féidir linn leanúint ar aghaidh mar rialálaí éifeachtach agus ábhartha.

3.5 Pléitear na cúig fhachtóir seo níos mine thíos.

## Eispéireas Úsáideoirí Deiridh: An deighilt tuaithe/uirbeach agus fachtóirí déimeagrafacha eile

3.6 Le 5 nó 10 mbliana anuas, chumasaigh dul chun cinn i dteicneolaíochtaí cumarsáide leictreonaí daoine ceangal ar bhealaí nach ndearna siad riamh roimhe. Ón mbealach a choinnímid i dteagmháil le cairde agus leis an teaghlach, go dtí an bealach a dhéanaimid obair agus ár ngnó. Níl rud ar bith inár saol nach sáraíonn na nuálaíochtaí i nascacht dhigiteach. (féach ar Fhíor 1 do mhionbhreacadh síos de na gléasanna a úsáidimid sa bhaile agus san áit oibre). Go háirithe:

- Sa saol pearsanta, tá cuntas Facebook ag chóir a bheith dhá thrian de dhaoine fásta Éireannacha agus tá cuntais LinkedIn, Twitter, Google+ nó Instagram ag beagnach ceathrú de dhaoine.[24] Léiríonn éagsúlacht na líonraí seo, ó líonrú gairmiúil nó sóisialta go comhroinnt físeán agus grianghrafanna, an réimse seirbhísí atá ar fáil. Maidir le siamsaíocht, caitheann úsáideoirí Netflix na hÉireann seacht n-uaire an tseachtain ar an meán, ag úsáid seirbhísí Netflix agus thug leathchuid de na húsáideoirí seo le fios go raibh tionchar aige seo ar an méid teilifíse sceidealaithe nó beo a mbreathnaíonn siad uirthi.[25]

2/3

IN 2016 TÁ CUNTAS FACEBOOK AG CHÓIR A BHEITH DHÁ THRIAN DE DHAOINE FÁSTA ÉIREANNACHA.

1/4

TÁ CUNTAIS LINKEDIN, TWITTER, GOOGLE+ NÓ INSTAGRAM AG BEAGNACH CEATHRÚ DE DHAOINE.

[24] Ipsos MRBI, Rianaire Líonraithe Shóisialta, Deireadh Fómhair 2016.
[25] Foinse: Suirbhé ICT Tomhaltóirí ComReg, ComReg 15/123a, Samhain 2015.

- Sa timpeallacht oibre, tá tionchar an dul chun cinn sna teicneolaíochtaí cumarsáide leictreonaí soiléir fosta. D'éascaigh teacht na ngléasanna gan sreang/cumarsáide móibílí réimse éagsúil cleachtaí agus patrún oibre. Tá daoine ábalta ríomhphoist a sheiceáil, páirt a ghlacadh i nglaonna físeáin, logáil ar a ríomhairí deisce trí ghléasanna iniompartha a úsáid. Tugann a lán fostóirí gléasanna iniompartha amhail ríomhairí glúine, taibléid nó fóin cliste dá n-oibrithe foirne anois. In 2015, thug fostóirí gléas iniompartha do bheagnach breis agus 40% de dhaoine fostaithe in Éirinn, figiúr atá go maith níos mó ná meánfhigiúr an AE de 20%.[26]



**20% SEACHAS 40%**

IN 2015, THUG FOSTÓIRÍ GLÉAS INIOMPARTHA DO BHEAGNACH BREIS AGUS **40%** DE DHAOINE FOSTAITHE IN ÉIRINN, FIGIÚR ATÁ GO MAITH NÍOS MÓ NÁ MEÁNFHIGIÚR AN AE DE **20%**.


[26] Foinse: Coimisiún na hEorpa, Eochair-Tháscairí Scórchlár Chlár Oibre Digiteach.

- I gcomhthéacs tráchtála, chruthaigh cainéil ar líne do thráchtáil deiseanna do thomhaltóirí agus do ghnóthaí araon. In 2015, d'ordaigh 51% d'Éireannaigh earraí nó seirbhísí ar line, agus tá 37.4% de na díolacháin leictreonacha sa láimhdeachas iomlán i bhfiontair Éireannacha, i gcomparáid le 17.2% ar fud an AE ar an iomlán.[27] Tá comhlachtaí Éireannacha ag baint leasa as an treocht seo. Bhain trí cheathrú de chomhlachtaí Éireannacha úsáid as suíomh gréasáin in 2015, agus bhí beagnach dhá thrian d'fhiontair Éireannacha gníomhach ar na meáin shóisialta.[28]

IN 2015, D'ORDAIGH

**51%**

D'ÉIREANNAIGH EARRAÍ NÓ SEIRBHÍSÍ AR LINE



IN 2015 TÁ

**37.4%**


DE NA DÍOLACHÁIN LEICTREONACHA SA LÁIMHDEACHAS IOMLÁN I BHFIONTAIR ÉIREANNACHA

---

[27] Foinse: Coimisiún na hEorpa, Eochair-Tháscairí Scórchlár Chlár Oibre Digiteach.
[28] Foinse: Coimisiún na hEorpa, Eochair-Tháscairí Scórchlár Chlár Oibre Digiteach.

**Fíor 1: Gléasanna Baile/Oibre (%) Ceangailte le Leathanbhanda Seasta.**[29]






3.7 Cé go bhfuil athruithe gasta á ndéanamh i dteicneolaíochtaí cumarsáide agus sa bhealach a éascaíonn siad rannpháirtíocht gheilleagrach agus shóisialta á feiceáil againn, níl na treochtaí mar an gcéanna. Tá na fachtóirí taoibhe soláthair agus éilimh araon ábhartha.

3.8 Ó thaobh an tsoláthair de, ciallaíonn na fírinní tráchtála go dtarlaíonn rolladh amach líonra, idir sheasta agus mhóibíleach, i gceantair ina bhfuil dlús daonra níos airde acu, ar dtús. Ciallaíonn na fírinní tráchtála nach bhféadann rolladh amach tarlú sna ceantair thíreolaíochta go léir mar a bhfuil ganntanas daonra ann. Maidir le líonraí leathanbhanda ardluais, is é Plean Leathanbhanda Náisiúnta an Rialtais an phríomhidirghabháil dírithe ar an deighilt dhigiteach idir ceantair uirbeacha agus tuaithe a shárú. Is é an cuspóir le cinntiú go mbeidh

[29] Foinse: Suirbhé ICT ComReg ICT, 2015

rochtain ag gach foirgneamh in Éirinn ar líonra ardchaighdeánach a mbeidh toilleadh luais 30 Mbps aige ar a laghad. Aithníonn ComReg an ról comhlántach tábhachtach is féidir le hoibreoirí príobháideacha (ag úsáid teicneolaíochtaí seasta agus/nó gan sreang) bheith acu i líonraí ardchaighdeánacha a rolladh amach i gceantair tuaithe mar a bhféadann dlúis daonra bheith acu, cé go bhfuil siad níos lú i gcomparáid le ceantair níos uirbí, agus bheith ábalta tacú le méid ar leith infheistíochta tráchtála.

3.9 Níl oibleagáid ar na líonraí móibíleacha atá ann faoi láthair clúdach seasta nó seirbhísí a chur ar fáil do gach foirgneamh. Cé go bhfuil clúdach móibíleach in Éirinn ag 90% den daonra do 2G and 3G, (seachas tíreolaíocht atá i gceist), lena lán blianta anuas, agus go leanann rolladh amach líonraí 4G go fóill, is léir go bhfuil treocht mhísásaimh mhéadaithigh ann i measc úsáideoirí deiridh le caighdeán an chlúdaigh i gceantair thíreolaíochta ar leith. Sa todhchaí, ní amháin go mbraithfidh rochtain feabhsaithe ar fheidhmchláir ó na gléasanna móibíleacha ar chlúdach níos fearr ó na líonraí móibíleacha, ach ar chumas na seirbhísí bheith ag fánaíocht go héasca idir líonraí móibíleacha agus Wi-Fi sa dóigh is go bhféadfaidh clúdach gutha laistigh leas a bhaint as an leathnú an leathanbhanda sheasta atá an Plean Leathanbhanda Náisiúnta ag cur chun cinn.

3.10 Ó thaobh an éilimh de, tá roinnt fachtóirí déimeagrafacha agus sochgheilleagracha ábhartha do níos mó daoine ag fáil nuálaíochtaí mar gheall ar an dul chun cinn sna teicneolaíochtaí cumarsáide leictreonaí. Mar shampla, is fachtóir tábhachtach í aois. Léiríonn figiúirí ó 2015 gur mórdhócha go mbaineann daoine níos óige úsáid as an idirlíon; téann 95% díobh siúd atá idir 16-24 bliain d'aois ar líne uair amháin sa tseachtain ar a laghad, i gcomparáid 35% díobh siúd atá 65 bliain d'aois nó níos sine. Ar an mbealach céanna, tá tionchar ag leibhéal na gnóthachtála san oideachas ar an rochtain ar an tsochaí faisnéise, le leathchuid díobh sin a bhfuil oideachas íseal orthu ag úsáid an idirlín go seachtainiúil ar a laghad, i gcomparáid le 96% de na daoine aonair sin a bhfuil oideachas ard orthu, á úsáid.[30]

**Úsáid an Idirlíon**



| 96% | 95% | 35% |
|---|---|---|
| oideachas ard orthu | 16-24 bliain d'aois | 65 bliain d'aois nó níos sine |

3.11 Ó pheirspictíocht rialála de, dúshlán is ea é do ComReg tuiscint níos fearr bheith aige ar eispéireas na n-úsáideoirí deiridh, le bheith ar an eolas faoin réimse uirlisí beartais agus oibreoirí gníomhach san ábhar, sa dóigh is go bhféadfaidh sé an úsáid is fearr a bhaint as na huirlisí rialála atá aige. I ráiteas straitéise 2014-16, chuir ComReg béim ar a rún le bheith ar an eolas faoi riachtanais dhaonra tuaithe na hÉireann. Tá ComReg den tuairim go mbeidh a leithéid seo de mhachnaimh tábhachtach le linn na tréimhse straitéise atá le teacht.

[30] Eurostat, An Geilleagar agus an tSochaí Dhigiteach.

## An tÉiceachóras Cumarsáide Leictreonaí agus Margaí Bainteacha Eile

3.12 Iarmhairt bhreise den dul chun cinn teicneolaíochta agus margaidh le 5 go 10 mbliana anuas is ea gur tháinig forbairt ar an tacar margaí bainteach le rialáil na margaí cumarsáide leictreonaí. Tá roinnt treochtaí le tabhairt faoi deara.

3.13 Ar an gcéad dul síos, tá ceist na coinbhéirseachta ann. Déanann sí tagairt don treocht ina bhfuil na seirbhísí teileachumarsáide, teicneolaíocht an eolais agus earnálacha na meán, a d'fhorbair agus a d'fheidhmigh go neamhspleách óna chéile ar dtús, anois ag forbairt le chéile agus ag brath ar a chéile fosta. Ciallaíonn próiseas na coinbhéirseachta léibhinn, athrú ar thírdhreach íomaíochta na seirbhísí cumarsáide éagsúla (teilifís agus raidió, teileafónaíocht ghutha, seirbhísí ar line), a soláthraíodh roimhe ar léibhinn éagsúla, agus atá ar fáil go méadaitheach ar léibheann singil. Mar shampla, tá na haonáin ar ceapadh gur ghnáthchomhlachtaí meán iad, in iomaíocht leis na gnáthoibreoirí teileachumarsáide anois. Sa chomhthéacs seo, tá ceist dhlúthbhainteach ann a bhaineann le buarthaí faoi theacht chun cinn beart, ina bhfuil táirgí nó seirbhísí fosta nach bhfuil baint acu le ECS, taobh le heilimintí ECS, ábhar meán, mar shampla. (féach ar Bhosca Mínithe 3 le haghaidh níos mó plé air seo).

3.14 Baineann an dara treocht bhainteach le buarthaí sholáthraithe seirbhíse iomarcacha ('OTT'). Is seirbhísí iad OTTanna a úsáideann an t-idirlíon dá soláthar. Ina measc tá feidhmchláir teachtaireachta agus líonraí sóisialta mar aon le seirbhísí físeáin ar líne agus síntiúis. (m.sh. Netflix, Spotify, agus seirbhísí cló dhigitigh). Fuair digitiú agus soláthar seirbhísí ar an idirlíon réidh leis na teorainneacha tíreolaíochta a bhí ann do sheirbhísí teileafónaíochta, teilifíse agus meán de ghnáth. Luann teacht na n-oibreoirí OTT san éiceachóras timpeall na margaí cumarsáide leictreonaí roinnt ceisteanna a bhaineann le rialáil éifeachtach. I measc na gceisteanna atá ina n-ábhar suime ar leith is ea an cheist a bhaineann le rialáil na margaí cumarsáide leictreonaí mar a dtrasnaíonn na seirbhísí OTT na gnáthsheirbhísí teileachumarsáide mar a síleann muid orthu nó a n-úsáidtear iad ina n-áit, seirbhísí amhail seirbhísí teachtaireachta agus gutha.

3.15 Baineann ceist eile le cumas na n-oibreoirí líonra, a rialaíonn na baic sa bhonneagar, thar a soláthraítear na seirbhísí OTT, tionchar bheith acu ar thorthaí iomaíocha. Féadann an tionchar seo tarlú de dheasca gníomhaíochta aontaobhaí a dhéanann na hoibreoirí líonra, a d'fhéadfadh bac a chur ar sheirbhísí OTT ar leith nó ar na cineálacha ábhair a d'fhéadfadh bheith in iomaíocht le seirbhísí an oibreora, nó iad a laghdú. D'fhéadfadh a mhacasamhail de thionchar a chuireann bac, tarlú mar gheall ar chomhaontú nó ar pháirtíocht le soláthraithe seirbhíse OTT roghnaithe. Cé nach gnáthrud d'oibreoirí líonra é bac iomlán a chur (tá cosc curtha air seo anois faoi réir na Rialachán Neodrachta Idirlín, féach ar Bhosca Mínithe 10 i gCaibidil 6), tá méadú ag teacht ar na socruithe páirtíochta idir na hoibreoirí agus na soláthraithe seirbhíse OTT. D'fhéadfadh na socruithe páirtíochta leis na soláthraithe seirbhíse OTT deis a thabhairt don oibreoir na hioncaim sonraí a mhéadú agus cúiteamh a dhéanamh ar na laghduithe in ioncaim ón ísliú i seirbhísí gutha agus

## BOSCA MÍNITHE 3:
## COINBHÉIRSEACHT AGUS BEARTA

Déanann coinbhéirseacht sa chomhthéacs seo tagairt don treocht ina bhfuil na seirbhísí teileachumarsáide, teicneolaíocht an eolais agus earnálacha na meán, a d'fhorbair agus a d'fheidhmigh go neamhspleách óna chéile ar dtús, anois ag forbairt le chéile agus ag brath ar a chéile fosta.

Ar an leibhéal teicniúil, is féidir smaoineamh ar choinbhéirseacht mar bhonneagar ar bith atá ábalta cineál sonraí ar bith a iompar. Ó thaobh tomhaltóra de, is féidir smaoineamh ar choinbhéirseacht mar rud a thugann seirbhísí bainteacha le chéile (físeáin, teileafónaíocht, ceol, feidhmchláir) is féidir a úsáid beag beann ar ghléas an úsáideora deiridh.

Déanann cuachadh tagairt don chleachtadh a dhéanann soláthraithe seirbhíse nuair a chuireann, nó a chuachann soláthraithe seirbhíse dhá sheirbhís nó níos mó le chéile. Don soláthrai cuachta, tá tairbhí ag baint le cuachadh mar is féidir leo líon na gcustaiméirí nach dtagann ar ais a laghdú agus an custaiméir a choinneáil leo níos faide. Is féidir leis an gcuach leibhéal de 'mealltacht' a sholáthar don soláthraí. Is iad tairbhí na cuachta don tomhaltóir go bhféadfadh an chuach bheith ar fáil ar lacáiste, i gcomparáid leis na seirbhísí a cheannach ina n-aonair. Tá sé áisiúil fosta mar is féidir íoc as na seirbhísí le bille singil agus íocaíocht amháin. San earnáil cumarsáide leictreonaí, bhí an tóir ar chuacha ag méadú go mór le roinnt blianta anuas agus bhí laghdú sa tóir ar sheirbhísí singile ag an am céanna.

Agus sinne ag súil le 2021, sílimid go bhfuil dhá phríomhcheist ann a bhaineann le coinbhéirseacht agus le cuachadh agus leis an mbealach a bhfuil tionchar acu ar an margadh:

- Tá tionchar ag cuachadh ar an dinimic iomaíoch. Tá tairbhí ag an gcuachadh don soláthraí agus don tomhaltóir araon. Luann 'mealltacht' tomhaltóirí ceisteanna faoi cé acu atá nó nach bhfuil baic ar an tomhaltóir athrú ó chuacha go seirbhísí aonair nó go cuach iomaitheora. Ina theannta sin, d'fhéadfadh 'mealltacht' an tomhaltóra neartú agus níos mó tairiscintí ar fáil, seirbhísí ábhair san áireamh.
- Seans go bhfuil athrú struchtúrtha á dhéanamh sa mhargadh, atá bunaithe ar threocht dhéanach na gcomhlachtaí meán ag cónascadh agus ag fáil soláthraithe teileachumarsáide. Mar shampla, chonaiceamar Eircom ag ceannach Setanta Sports agus Virgin Media ag ceannach UTV Ireland ar na mallaibh. Cé go bhfuil daingniú á dhéanamh ar an earnáil teileachumarsáide, is dócha go leanfaidh na cineálacha cónascthaí agus éadálacha coinbhéirseachta nua ar aghaidh tionchar bheith acu ar na struchtúir margaidh.

Mar fhocal scoir, luann coinbhéirseacht buairt eile maidir le hiomaíocht. Is é sin go bhféadfadh cleachtadh na cuachta deis a thabhairt d'oibreoirí a bhfuil cumhacht mhargaidh acu i margadh amháin, tionchar bheith acu ar dhíolacháin i margadh eile. Mar shampla, d'fhéadfaidís cumhacht i margadh leathanbhanda a threisiú le grúpa táirgí a dhíol ar bhealach fochostasach, agus ar an mbealach sin, déanann siad damáiste dá n-iomaitheoirí eile.

i seirbhísí eile. Don soláthraí seirbhíse OTT, d'fhéadfadh páirtíocht le hoibreoir bheith mar bhealach lena mbranda a thaispeáint i margadh iomaíoch.

3.16 Baineann an tríú treocht le tábhacht mhéadaitheach na margaí bainteacha nuair a dhíoltar táirgí nó seirbhísí comhlántacha. Déanann táirgí nó seirbhísí comhlántacha sa chomhthéacs seo tagairt do mhargaí le haghaidh táirgí nó seirbhísí a úsáidtear taobh le seirbhísí cumarsáide leictreonaí, agus ar féidir leo tionchar mórthábhachtach bheith acu ar eispéireas an tomhaltóra ar an tseirbhís cumarsáide leictreonaí, m.sh., trealamh úsáideora deiridh. Tá tionchar ag caighdeán an mhóidéim a shuiteáil an t-úsaideoir deiridh, cé go bhfuil an tseirbhís agus an móidéim á soláthar ag an soláthraí seirbhíse céanna, mar shampla, ar eispéireas an úsáideora deiridh ar luais línte, (is iad sin, luais íoslódála agus

uaslódála leathanbhanda). Ar an mbealach céanna, braitheann an caighdeán seirbhísí a fhaigheann úsáideoirí deiridh na bhfón móibíleach ar fhachtóirí éagsúla móide ar neart an chomhartha mhóibílígh tarchurtha faighte, amhail an aimsir, an topagrafaíocht áitiúil, agus i gcás na húsáide laistigh, caighdeán an inslithe sa bhaile. Príomhfhachtóir eile is ea é feidhm an ghléis láimhe é féin. Is eol don saol mór go raibh luach ar an bhfeidhmiúlacht fhorleathan sna fóin chliste maidir leis an mbealach a fhaigheann siad na comharthaí móibíleacha tarchurtha. I gcomhthéacs na hidirghabhálacha beartais agus rialála a dhéanamh, agus i gcomhthéacs plé faoin gclúdach móibíleach, tá sé tábhachtach go tuigeann ComReg na margaí agus na teicneolaíochtaí bainteacha fós, i gcás na ngléasanna láimhe mar shampla

3.17 Faoi dheireadh, tá margaí ionchuir ann. Ina leithéid seo de mhargaí tá margaí do threalamh líonra a bhíonn domhanda de ghnáth ach atá ceisteanna mar comhchuibhiú agus caighdeánú tábhachtach. Tá ionchuir ann fosta a bhaineann le rochtain ar bhonneagar na hinnealtóireachta sibhialta amhail cuaillí, duchtanna agus suíomhanna. Tar éis Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ísliú i gCostais le Líonraí Cumarsáide Poiblí Ard-Luais a Úsáid 2016[31] a thabhairt isteach, (“Na Rialacháin um Chostais Leathanbhanda”) a chuireann an “Treoir um Chostais Leathanbhanda”[32], mar a thugtar uirthi, i bhfeidhm in Éirinn (féach ar Chaibidil 5), tá ról réitigh díospóide ag ComReg maidir le hiarratais rochtana ar an mbonneagar cumarsáide neamhleictreonaí.

3.18 Thar an iomlán, dúshlán do rialáil éifeachtach sna margaí cumarsáide leictreonaí is ea é tábhacht na margaí bainteacha agus “éiceachóras” na n-oibreoirí sin atá gníomhach sna margaí sin a thuiscint, agus ach go háirithe, tuiscint ar an fhéidearthacht le haghaidh na nuálaíochta a thiocfaidh chun cinn sna margaí seo. Tá sé tábhachtach go bhfuil ComReg ar an eolas go bhféadfadh gnéithe de na margaí cumarsáide, nó rialáil a leithéid seo de mhargaí leictreonaí, an fhéidearthacht bheith acu bac a chur ar réadú dhul chun cinn leasa a thiocfaidh chun cinn, nó de thoradh nuálaíochtaí i margaí bainteacha, agus iad a éascú fosta. Léiríonn scéal an deichniúir seo caite go raibh nuálaíocht, a tháinig chun cinn i margaí bainteacha chomh tábhachtach, ar a laghad ó thaobh na stíle maireachtála tiomána agus feabhsuithe táirgiúlachta de, agus a bhí an dul chun cinn teicneolaíochta sna teicneolaíochtaí cumarsáide leictreonaí.

## Idirlíon na nEarraí (InE)

3.19 Tá coincheap Idirlíon na nEarraí (InE) i bhfad níos mó ná an t-idirlíon ag ceangal daoine le chéile nó an t-idirlíon ag ceangal na ngléasanna le chéile. Mar chuid den InE, tá gléasanna ábalta idirghníomhú lena dtimpeallacht, agus lena chéile, gan na srianta fisiceacha tíreolaíochta


[31] I.R. Uimh. 391/2016.
[32] Treoir 2014/61/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 15 Bealtaine 2014 maidir le bearta chun costas úsáid líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a laghdú.


orthu. Tá réimse gléasanna ceangailte san fhearann poiblí cheana féin, gléasanna baile cliste amhail teirmeastait agus ceamraraí, mar aon le carranna ceangailte, san áireamh.

3.20 Táthar ag súil le méadú as cuimse i réimse agus scála a leithéid seo de ghléasanna sna blianta atá le teacht. Faoi láthair tá 1 bhilliún teach ceangailte agus 5 bhilliún daoine ceangailte. Tugann tuartha le fios go mbeidh 20 go 30 rud ceangailte faoi 2020 (nótáil go gcuireann an méid rudaí ceangailte fóin chliste, taibléid agus ríomhairí as an áireamh). D'Éirinn, tugann na tuartha le fios go mbeidh níos mó ná 1 mhilliún gléas ceangailte (féach ar Fhior 2).


3.21 Níltear ar an eolas faoi nádúr agus faoi fheidhmeanna na ngléasanna ceangailte nua seo go fóill, ach tá príomhréimsí ag baint tairbhe as na seirbhísí InE faoi láthair, carranna, seirbhísí r-shlainte, méadrú cliste/eangacha cliste, bailte cliste, cathracha cliste, tionscal/uathoibriú agus talmhaíocht san áireamh.

3.22 Mar gheall ar theacht chun cinn InE beidh dúshláin ann do ComReg. Go háirithe, tá na riachtanais ceangail do ghléasanna InE forleathan agus beidh tairiscintí nua seirbhíse ag teastáil le riar do na riachtanais indibhidiúla. Ina dteannta sin, beidh acmhainní uimhrithe tábhachtacha de dhíth le gléasanna InE a rolladh amach. Agus an fhéidearthacht ann le stíl mhaireachtála agus táirgiúlacht bainteach le InE a fheabhsú, tá ComReg ar an eolas faoina ról maidir le héascú na nuálaíochta agus na hinfheistíochta.






**Fíor 2: Ceangail ghléasanna ceallacha M2M in Éirinn 2013–202533**[33]





[33] Foinse: Analysis Mason, Réamhfhaisnéis Feabhra 2016.

## Fabhrú Líonraí

3.23 Le blianta anuas, lean oibreoirí ar aghaidh le hinfheistiú i líonraí seasta agus móibíleacha (féach ar Chaibidil 7 le haghaidh níos mó plé ar infheistiocht agus ar rolladh amach líonraí). Maidir le líonraí seasta, chonaiceamar Eircom ag uasghrádú a líonra copair le seirbhísí NGA[34], a sholáthar, agus d'uasghrádaigh Virgin Media a líonra go DOCIS 3.0. Maidir le líonraí móibíleacha, tá rolladh amach líonraí 4G á leanúint ar aghaidh. Léiríonn Fíor 3 go bhfuil líon na síntiúsóirí ar na líonraí NGA níos mó ná iad siúd atá ar na líonraí CGA.

3.24 Iarmhairt de chlúdach méadaitheach na líonraí seasta ardchaighdeánacha leathanbhanda ardluais is ea go dtósóidh oibreoirí ag breathnú ar fáil réidh le heilimintí de na líonraí oidhreachta amhail cuid de nó de na lúib chopair áitiúla go léir agus úsáid teicneolaíocht PSTN le seirbhísí gutha a sholáthar. Is dócha go mbeidh méadú ar an ascnamh go líonraí IP-uilig, le seirbhísí gutha soláthraithe thar IP, sna cúig bliana atá le teacht, cé nach mbeidh sé críochnaithe taobh istigh den tréimhse ama sin.

**Fíor 3: Síntiúsóirí NGA agus CGA[35]**





[34] Seirbhísí a sholáthraíonn luas níos mó ná 24 Mbit/s.
[35] Cuireann CGA CGA Bitstream, CGA SABB & LLU san áireamh. Cuireann NGA NGA Bitstream, VUA, Cable agus FTTH san áireamh. Foinse: Tuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí ComReg.

3.25 Agus sinne ag súil le 2021, tá a fhios againn go mbeidh níos mo daoine agus gnóthaí ag déanamh níos mó dá dtascanna laethúla ar líne, agus ag an am céanna, beidh nascacht ag teastáil ó chuid mhór gléasanna nua. Mar chuid de chomhairliúchán a rinne ComReg ar na mallaibh le hathearraíocht a bhaint as costais agus as tairbhí bhanda 700MHz3[36] choimisiúnaigh ComReg Frontier Economics le breathnú ar an éileamh dóchúil ar shonraí móibíleacha sa todhchaí. Reáchtáil Frontier cásanna éagsúla le breathnú ar éileamh, agus faoina mbunchás, mheas siad go mbeadh an méid tráchta sonraí a iomprófar ar líonraí móibíleacha 3G agus 4G in 2035 33 uair níos mó ná na leibhéil atá ann faoi láthair.[37,38] Beidh tionchar ag an méadú san úsáid ar thoilleadh agus ar chumas a bheidh ag teastáil ó na líonraí le soláthar, agus cuirfidh sé brú mór ar na líonraí seasta agus móibíleacha atá ann faoi láthair cur lena dtoilleadh le riar d'éilimh na n-úsáideoirí deiridh.

3.26 Ó pheirspictíocht an bhonneagair de, má mhéadófar an toilleadh is dócha go gcuirfear seirbhísí snáithín chun cinn níos mó don úsáideoir. Ligfidh an cur chun cinn snáithín seo don úsáideoir, do na hoibreoirí líonraí an toilleadh, a bheidh de dhíth do na líonraí seasta, a sholáthar agus toilleadh a sholáthar do na líonrai gan sreang.[39] Mar gheall go bhfuiltear ag tuar go mbeidh 78% de thrácht idirlín na hEorpa Iartharaí déanta trí mheán an fhíseáin in 2021, beidh líonraí tréchuir aird de dhíth.[40]

MAR GHEALL GO bhFUILTEAR AG TUAR GO mBEIDH 78% DE THRÁCHT IDIRLÍN NA hEORPA IARTHARAÍ DÉANTA TRÍ MHEÁN AN FHÍSEÁIN IN 2021, BEIDH LÍONRAÍ TRÉCHUIR AIRD DE DHÍTH.



[36] Féach ar Dhoiciméad ComReg 15/62, 15/62a agus 15/62.
[37] Tagann an leibhéal fáis seo le chéile le Meán-Ráta Fáis Iolraithe (CAGR) de 18% don tréimhse. Tá CAGR níos airde de 28% ag an gcéad tréimhse samhla suas go 2025, a thitfidh go 9% sna blianta atá fágtha le castachtaí nádúrtha na réamhfhaisnéise ar fhás fadtéarmach a léiriú.
[38] Frontier Economics, 2015, A Cost Benefit Analysis of the Change in Use of the 700 MHz Radio Frequency Band In Ireland – A Report Prepared for ComReg, Meitheamh.
[39] Ligfidh suiteáil snáithín i mbunstáisiúin agus i gcealla beaga d'oibreoirí gan sreang, an toilleadh a sholáthar dá n-úsáideoirí.
[40] Innéacs Amharclíonraithe Cisco, Meitheamh 2016 agus Uasdátú ar Réamhfhaisnéis na Tráchta Domhanda Sonraí Móibíleacha, 2016–2021 Páipéar Bán, Feabhra 2017.

## BOSCA MÍNITHE 4:
## TUARTHA FAOIN MÉID TRÁCHTA SA TODHCHAÍ

Tá sé úsáideach le tuartha faoin méid tráchta déanta ag Cisco agus ag eagraíochtaí eile a scrúdú ar mhaithe le tionchar éilimh na n- úsáideoirí deiridh ar na líonraí cumarsáide leictreonaí a thuiscint.

Mar shampla, tuarann Cisco, ar bhonn domhanda:

- Beidh méadú ar thrácht IP faoi thrí sna cúig bliana atá le teacht agus beidh méadú 100 uair níos mó ó 2005 go 2020.
- Beidh méadú níos gaiste ar thrácht idirlín na huaire gnóthaí (an tréimhse 60 nóiméad is gnóthaí sa lá), ná an meánmhéid tráchta idirlín. Méadóidh trácht idirlín uaire gnóthaí faoi fhachtóir de 4.6 idir 2015 agus 2020, agus méadóidh an mheánthrácht idirlín faoi dhó, móide
- Trácht ó ghléasanna gan sreang agus móibíleacha is cúis le dhá thrian den thrácht iomlán IP faoi 2020. Gléasanna sreangnasctha is cúis le 34 faoin gcéad de thrácht IP faoi 2020, móide gléasanna Wi-Fi agus móibíleacha is cúis le 66 faoin gcéad den trácht IP.
- Beidh naoi n-oiread de mhéadú i bhfíseáin mhóibíleacha idir 2016 agus 2021, agus faoi 2021, beidh físeáin mar 78% den trácht mhóibíleach iomlán.
- Ginfidh an gnáthfhón móibíleach 6.8 GB de thrácht an mhí faoi 2021, ceithre oiread de mhéadú thar an mheánmhéid de 1.6 GB an mhí.
- Beidh seacht n-oiread de mhéadú i dtrácht dhomhanda sonraí móibíleacha idir 2016 agus 2021.

Leis an bhfás seo a chur i gcomhthéacs, is ionann an trácht dhomhanda idirlín in 2020 agus 95 oiread de mhéid an idirlín dhomhanda iomláin in 2005. Tá luais leathanbhanda ag méadú go gasta fosta; táthar ag súil go mbeidh dhá oiread luas leathanbhanda faoi 2020 agus bainfidh siad 47.7 Mbps amach faoin mbliain féin. Tá luasanna ceangail móibíleacha ag méadú fosta agus sáróidh siad 20 Mbps faoi 2021, suas ó 6.8 Mbps in 2016.

Maidir le hIarthar na hEorpa tuarann Cisco ach go háirithe:

- Beidh ceithre oiread de mhéadú sa trácht físeáin idirlín ó 2015 go 2020, meánráta fáis iolraithe bliantúil de 31%. Is cúis le 82 faoin gcéad de thrácht faoi 2020 an trácht físeáin IP.
- Bainfidh an trácht mhíosúil IP 25 GB per capita amach faoi 2020, suas ó 10 GB per capita in 2015. Bainfidh trácht idirlín 21 GB per capita faoi 2020, suas ó 7 GB per capita in 2015, agus 1 GB an mhí in 2008. In 2000, bhí an trácht idirlín per capita ag 10 MB an mhí, agus
- Beidh méadú sé oiread i dtrácht sonraí móibíleacha ó 2015 go 2020, meánráta fáis iolraithe bliantúil de 45%, le gléasanna neamh-RP ag baint amach 67% den trácht IP iomlán in 2020, suas ó 42% in 2015.
- Faoi 2021, beidh cumas 4G+ ag 65% de ghléasanna agus de cheangail mhóibíleacha in Iarthar na hEorpa.

(Foinse: Innéacs Amharclíonraithe Cisco, Meitheamh 2016 agus Uasdátú ar Réamhfhaisnéis na Tráchta Domhanda Sonraí Móibíleacha, 2016–2021 Páipéar Bán, Feabhra 2017).

3.27 Bhí an trácht dhomhanda IP ó ghléasanna neamh-RP mar 42% den méid iomlán tráchta IP in 2015, agus beidh sí mar 67% den méid iomlán tráchta IP in 2020 (féach ar Bhosca Mínithe 4).[41] Tá cineál ceangail gan sreang idir iad féin agus an líonra fisiceach ag teastáil ó ghléasanna neamh-RP i gcoitinne. Beidh dúshláin ag an athrú i dtreo gléasanna móibíleacha agus soghluaiseacht úsáideora don bhealach a bhainistítear speictream lena úsáid éifeachtúil a uasmhéadú.


3.28 D'fhéadfadh leibhéil nua de chastacht bheith ag teastáil ó na hailtireachtaí líonra mar gheall ar na riachtanais éagsúla atá á gcur orthu. Is gá do na líonraí seo bheith ábalta toilleadh ard a sholáthar do dhaoine, agus freastal ar cheangal méid mór 'rudaí' nua a mbeidh riachtanais líonra éagsúla acu. De réir mar a fhorbraíonn éilimh úsáideoirí deiridh agus a bhunaítear cásanna-úsáide éagsúla agus samhlacha gnó éagsúla, tá sé deacair a rá faoin mbealach a fhorbróidh an teicneolaíocht agus an bonneagar bunaidh. Agus é sa staid sonraíochta, tá an tseirbhís 5G ag iarraidh caighdeán reáchtála solúbtha agus oiriúnaitheach a sholáthar a bheidh ábalta ceangal a sholáthar thar réimse leathan speictream ceadúnaithe agus díolmhaithe ó cheadúnas. Is ábhar é seo a ndéanfaimid monatóireacht air agus ar a ndéanfaimid taighde.

## Fabhrú Rialála

3.29 Mar is léir ón bhfianaise thuas, tá margaí cumarsáide leictreonaí an-dhinimiciúil, le teicneolaíochtaí agus imreoirí earnála nua ag teacht chun cinn, go gasta i roinnt cásanna. Le go mbeidh freagairtí éifeachtacha agus cuí ann, caithfidh an timpeallacht rialála bheith dinimiciúil agus freagrúil. Aithníodh an gá dó seo ar an leibhéal Eorpach. Faoina straitéis Mhargaidh Dhigitigh Shingil (DSM), mhol an Coimisiún nuachóiriú ECF reatha an AE.

3.30 Tá na margaí cumarsáide leictreonaí mar chuid amháin den DSM. Is í an fhís atá ann don DSM ná margadh inmheánach Eorpach ina gcinnítear saorghluaiseacht agus inar féidir le daoine agus gnóthaí aonair rochtain bheith acu de réir a chéile ar ghníomhaíochtaí ar líne, agus iad a dhéanamh de réir coinníollacha na hiomaíochta cóire, agus leibhéal ard chosaint sonraí tomhaltóra agus pearsanta, beag beann ar a náisiúntacht nó a n-áit chónaithe. Sa straitéis DSM, ar glacadh leis ar 6 Bealtaine 2015, tá 16 thogra, a mheasann an Coimisiún go bhféadfadh sé €415 billiún sa bhliain a chur ar fáil do gheilleagar na hEorpa, postanna a chruthú, agus seirbhísí poiblí a fheabhsú, a luaithe agus a chuirfear i bhfeidhm iad.[42]

[41] Ibid.
[42] Féach ar: https://ec.europa.eu/commission/priorities/digital-single-market_en




3.31 Tá i bhfad níos mó ná tairbhe gheilleagrach i gceist le mianta an Choimisiúin don DSM áfach. Nótálann an Coimisiún fosta go dtabharfaidh DSM cuimsitheach deiseanna do shaoránaigh, a fhad agus atá na scileanna digiteacha cearta acu. Is féidir le níos mó úsáide as na teicneolaíochtaí digiteacha rochtain saoránach ar fhaisnéis agus ar chultúr a fheabhsú, a ndeiseanna poist a fheabhsú, agus rialtas nua-aimseartha, oscailte a chur chun cinn.

3.32 Tá an DSM bunaithe ar thrí réimse:

- **Rochtain**: rochtain níos fearr do thomhaltóirí agus do ghnóthaí ar earraí agus ar sheirbhísí digiteacha ar fud na hEorpa
- **Timpeallacht**: na coinníollacha cearta agus cothrom na Féinne a chruthú do na líonraí digiteacha agus do na seirbhísí nuálaíochta le go mbeidh siad ábalta éirí go maith leo, agus,
- **Geilleagar agus Sochaí**: fás féideartha an gheilleagair dhigitigh a uasmhéadú.

## BOSCA MÍNITHE 5:
## AN DRÉACHT-CHÓD CUMARSÁIDE (DCC)

I mí Eanáir 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún dréacht-threoir a bhunaigh Cód Eorpach Cumarsáide Leictreonaí (ECC)[43], atáthar ag iarraidh Treoir shingil nua uasdátaithe a chur in áit na dTreoracha Creatlaí, Rochtana, Údaraithe agus Seirbhíse Uilíche atá mar chuid den Chreatlach atá ann faoi láthair. Mhaígh an Coimisiún go bhfuil fórálacha an ECC ann le:

- Iomaíocht agus intuarthacht d'infheistíochtaí a mhéadú
- Iomaíocht a spreagadh agus rialáil a laghdú nuair a chomhinfheistíonn oibreoirí iomaíochta i líonraí an-ardtoillte
- Úsáid níos fearr as speictream raidió a sholáthar, tréimhsí ceadúnaithe níos faide san áireamh
- Cosaint níos láidre a chinntiú do thomhaltóirí, le béim ar leith ar chinntiú go mbeidh an ceart ag grúpaí leochaileacha ar chonarthaí idirlín inacmhainne,
- Timpeallacht níos sábháilte a chruthú d'úsáideoirí deiridh agus rialacha níos cothroime a chruthú do na himreoirí go léir, imreoirí nua ar line (is iad sin OTTanna), san áireamh, nuair is cuí é

In uasdátu molta a rinneadh don tírdhreach rialála san Eoraip, d'fhoilsigh an Coimisiún a dhréachtmholtaí le rialachán BEREC a uasdátú fosta. Dhearbhaigh an Coimisiún a rún go mbeadh an reachtaíocht leasaithe seo ann le ról na NRAnna agus BEREC a threisiú, rud a chinnteodh go bhfeidhmeodh na rialacha ar bhealach níos comhordaithe, agus comhchuibhithe ar fud an AE.

Cuireann ComReg fáilte roimh mholadh an Choimisiúin an Chreatlach a uasdátú leis na forbairtí teicneolaíochta agus iomaíocha sa mhargadh teileachumarsáide a léiriú, agus tacaíonn sé le croíchuspóirí rialála na Creatlaí reatha a choinneáil, is iad sin, iomaíocht, an margadh inmheánach agus leas úsáideoirí deiridh a chur chun cinn. Tacaíonn ComReg le moladh an Choimsiúin próifíl na gcuspóirí áirithe seo um chur chun cinn ceangail a ardú, gan tosaíocht a thabhairt do chuspóir rialála amháin níos mó ná ceann eile. Tá roinnt buarthaí ar ComReg faoin ECC áfach. Is í réamhthuairim ComReg ach go háirithe nach bhfuil fórálacha áirithe bailí agus cuí agus go bhfuil an fhéidearthacht ag cuid eile solúbthacht ComReg le leasú a dhéanamh ar na cúinsí náisiúnta a laghdú agus nach bhféadfaidís cur leis na torthaí atá beartaithe. Ina measc tá:

- Cumhacht chroise an Choimisiúin Eorpaigh ar réitigh mholta
- Piarathbhreithniú éigeantach ar na cinntí bainistíochta speictrim déanta ag BEREC, ag an gCoimisiún Eorpach agus ag údaráis náisiúnta rialála
- Fad ceadúnais de 25 bliain ar a laghad a leagan síos don speictream comhchuibhithe
- Cumhacht an Choimisiúin Eorpaigh glacadh le hachtanna feidhmithe ceangailteacha ar ghnéithe áirithe de bhainistiú speictrim
- Comhchuibiú iomlán d'fhórálacha úsáideoirí deiridh
- BEREC a iompú ina Ghníomhaireacht AE, agus ní thiocfaidh an Stiúrthóir Feidhmeannach di ó NRA, agus
- Rialáil éadrom nó rialáil ar bith i gcúinsí nuair a chomhlíonfar critéir comhinfheistíochta áirithe

Tá an Dréacht-Chód Cumarsáide agus Rialachán BEREC faoi réir phróiseas reachtaíochta an AE, ina mbeidh ionchur ó Pharlaimint na hEorpa agus Ballstáit (tríd an gComhairle). Beidh ról gníomhach ag ComReg le linn an phóisis seo nuair a thabharfaidh siad comhairle shainiúil agus neamhspleách, de réir mar a iarrfar í, agus, trína bhallraíocht BEREC, sna institiúidí Eorpacha. Aithníonn ComReg an dúshlán dó féin fosta, mar institiúid, le forbairt mar fhreagairt do na hathruithe sa chreatlach rialála, a chinnteoidh go leanfaimid ar aghaidh ag feidhmiú mar rialálaí éifeachtach agus ábhartha.

[43] Moladh do Threoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ag bunú an Chóid Eorpaigh um Chumarsáid Leictreonach.

3.33 Laistigh den réimse timpeallachta tá na straitéisí DSM sin a bhaineann leis na margaí cumarsáide leictreonaí. Molann straitéis DSM leasú ar an gcreatlach rialála ach go háirithe. I mí Mheán Fómhair 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún dréacht-threoir ag bunú an ECC (féach ar Bhosca Mínithe 5 do níos mó plé ar an dréacht-ECC agus ar thuairimí ComReg). Mhaígh an Coimisiún gur beartaíodh go spreagfadh fórálacha an ECC níos mó iomaíochta agus infheistíochta, go gcuirfidís le bearta um chosaint tomhaltóirí agus go leasóidís an socrúchán institiúideach.

3.34 Tá Dréacht-Rialachán ECC agus BEREC faoi réir phróiseas reachtaíochta an AE, ina mbeidh ionchur ó Pharlaimint na hEorpa agus ó na Ballstáit (tríd an gComhairle). Beidh ról gníomhach ag ComReg le linn an phróiseas seo nuair a thabharfaidh siad comhairle shainiúil agus neamhspleách, de réir mar a iarrfar í, agus, trína bhallraíocht BEREC, sna institiúidí Eorpacha. Aithníonn ComReg an dúshlán dó féin fosta, mar institiúid, le forbairt mar fhreagairt do na hathruithe sa chreatlach rialála, a chinnteoidh go leanfaimid ar aghaidh ag feidhmiú mar rialálaí éifeachtach agus ábhartha.

# 04

# RÚN STRAITÉISEACH COMREG

Fíor 4: Creatlach Straitéiseach ComReg

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fís | Misean | Ról | PRIONSABAIL |
| Ag leagan amach na rialacha d'iomaíocht éifeachtach | | | NA HUIRLISÍ ATÁ AGAINN |
| Ag cosaint tomhaltóirí agus ag cur in iúl dóibh | Ag cruthú na gcoinníollacha d'infheistíocht | | |
| Comhlíonadh le hoibleagáidí rialála a chinntiú | | | |
| Bainistíocht páirtithe leasmhara éifeachtach | Tuiscint níos doimhne ar mhargaí, margaí bainteacha san áireamh | Anailísíocht sonraí láidir, caighdeán agus infhaighteacht seirbhíse san áireamh | AN BEALACH A THACAIMID LENÁR RÓL |
| Eagraíocht mheabhrach, sciliúil agus spreagúil a choinneáil | | | |
| Macántacht Neamhchlaontacht Éifeachtúlacht Feabhas Follasacht | | | ÁR LUACHANNA |

4.1 Is é ról ComReg le cinntiú go bhfeidhmíonn na margaí cumarsáide go héifeachtach ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí. Éascaímid forbairt na hearnála cumarsáide leictreonaí in Éirinn, a mheallann infheistíocht, a spreagann nuálaíocht, agus a chumhachtaíonn tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach, trí rialáil éifeachtach agus ábhartha.

4.2 Is féidir na huirlisí atá againn lenár ról agus misean a dhéanamh a rangú i gceithre réimse leathana:

- Iomaíocht
- Cosaint do Thomhaltóirí
- Infheistíocht, agus
- Comhlíonadh agus Forfheidhmiú.

4.3 Cuireann forbairt ár n-eagraíochta taca faoinár gcumas le soláthar. Léirítear an caidreamh seo inár gcreatlach straitéiseach i bhFíor 4 thuas.

4.4 Ó tharla gur luadh na treochtaí aitheanta i gCaibidil 3, d'fhorbraíomar cúig ráiteas rún straitéiseach, a dhéanann cur síos ar na rudaí a bhfuil súil againn baint amach sna cúig bliana atá le teacht tríd na huirlisí atá againn a úsáid.

## 01 Rún Straitéiseach 01: IOMAÍOCHT

| Na rialacha a leagan síos d'iomaíocht | Cuireann an margadh seo nuálaíocht agus an rogha is mó oibreoirí mórdhíola agus miondíola ar fáil |
|---|---|

## Iomaíocht

4.5 Baineann rialacha le haghaidh iomaíochta éifeachtaí a leagan síos le rialacha margaidh bainteach le rochtain mhargaidh agus le hiompar oibreoirí a bhfuil cumhacht mhórthábhachtach acu. Baineann sé fosta le bainistiú éifeachtach an speictrim agus acmhainní uimhrithe mar ionchuir riachtanacha i soláthar seirbhísí sna margaí cumarsáide leictreonaí. Is é an rún straitéiseach a bhaineann leis an ról seo ná go **gcuireann an margadh nuálaíocht agus an rogha is mó oibreoirí mórdhíola agus miondíola ar fáil.**

## 02 Rún Straitéiseach 02: COSAINT TOMHALTÓIRÍ

| Cosaint Tomhaltóirí agus faisnéis a thabhairt dóibh | Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach |
|---|---|

## Cosaint agus faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí

4.6 Baineann cosaint agus faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí le rialacha a leagan síos a chinntíonn gur féidir leis an tomhaltóir bunseirbhísí a fháil, agus go bhfuil an t-eolas go léir acu le déileáil leis an margadh go muiníneach. Is é an rún straitéiseach a bhaineann leis an ról seo gur **féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach**. Cabhraíonn úsáideoirí deiridh atá níos mó ar an eolas, agus atá réidh agus ábalta soláthraithe a athrú, le hiomaíocht a chur chun cinn.

## 03 Rún Straitéiseach 03: INFHEISTÍOCHT

| Na coinníollacha a chruthú d'infheistíocht | Chuir infheistíocht éifeachtúil ar chumas rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide a fháil |
|---|---|

### Ag cruthú na gcoinníollacha d'infheistíocht

4.7 Is í iomaíocht éifeachtach an spreagthach príomhá taobh thiar d'infheistíocht éifeachtúil, agus, sa mhéid sin, iarrann ComReg na coinníollacha d'infheistíocht a chruthú trí iomaíocht a chur chun cinn go príomhá. Baineann sé seo le hinfheistíocht agus nuálaíocht éifeachtúil a chur chun cinn i mbonneagair nua agus níos fearr, agus le cinntiú go gcuireann na dualgais rochtana rioscaí na n-infheistíochtaí a dhéanamh i mbonneagar san áireamh mar is cuí. Is é an rún straitéiseach bainteach leis an ról seo gur chumasaigh **infheistíocht éifeachtúil rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide.**

4.8 Cé go mbeidh infheistíocht bhreise ag teastáil leis na torthaí margaidh inmhianaithe a bhaint amach, níos mó ná mar a bhainfí amach i margadh iomaíoch éifeachtach, mar shampla, maidir le bearta cosanta tomhaltóirí, ba chóir dá leithéid seo d'infheistíocht bheith á déanamh ar bhealach a chruthaíonn íos-shaobhadh sna margaí agus nach mbrúnn amach infheistíocht thráchtála, mar shampla. Ina theannta sin, leis na coinníollacha d'infheistíocht a chruthú, caithfimid ár bhfeidhmeanna rialála a dhéanamh ar bhealach cuí, intuartha. Cruthóidh sé sin cinnteacht rialála agus méadóidh sé mealltacht na hearnála d'infheisteoirí.

## 04 Rún Straitéiseach 04: FORFHEIDHMIÚ & COMHLÍONADH

| Comhlíonadh le hoibleagáidí rialála a chinntiú | Cloíonn aonáin rialaithe le hoibleagáidí rialála |
|---|---|

### Forfheidhmiú agus Comhlíonadh

4.9 Níl éifeacht ar bith ag na hoibleagáidí rialála mura gcloíonn na haonáin rialaithe leo. Is í feidhm ComReg le cinntiú go gcloíonn na hoibreoirí le hoibleagáidí. D'fhéadfadh a leithéid seo d'oibleagáidí eascairt go díreach ón reachtaíocht nó ó na bearta curtha i bhfeidhm ag ComReg, agus é ag déanamh a fheidhmeanna rialála. Is é an rún straitéiseach bainteach leis an ról seo **go gcloíonn na haonáin rialaithe leis na hoibleagáidí rialála**. Príomhcheist faoi straitéis ComReg maidir le forfheidhmiú agus comhlíonadh is ea go dtagann na dreasachtaí a chloíonn leis na hoibleagáidí chun cinn ó fhachtóirí seachtracha a bhaineann le héifeacht díspreagtha an réimis rialála, mar aon le fachtóirí atá inmheánach don oibreoir rialaithe.

# 05 Rún Straitéiseach 05: EAGRAÍOCHT

| Eagraíocht | Is rialálaí éifeachtach agus ábhartha sinn |
| --- | --- |


## Eagraíocht

4.10 Is síordhúshlán é le feidhmiú mar rialálaí éifeachtach agus ábhartha sna margaí cumarsáide leictreonaí mar, caithfear coinneáil suas leis na forbairtí teicneolaíochta agus margaidh. Tá sé soiléir go bhfuil na hearnálacha cumarsáide leictreonaí agus na margaí bainteacha ag éirí níos casta agus áit a bhféadtaí línte geala bheith ann idir na codanna éagsúla den éiceachóras, ní amhlaidh atá sé seo ag éirí anois.

4.11 Le ligean dúinn ár rólanna a dhéanamh agus glacadh leis na hionchais athraitheacha, creidimid gur gá dúinn díriú ar bheith ag feidhmiú mar rialálaí éifeachtach agus ábhartha. Feicimid na buneilimintí de seo, ina measc, **rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara éifeachtach**, **anailísíocht sonraí láidir** (caighdeán agus infhaighteacht seirbhíse san áireamh), **tuiscint dhomhain ar na margaí,** margaí bainteacha ina measc, agus **meitheal oibre meabhrach, sciliúil agus spreagtha a choinneáil.** Aithnímid an gá le hacmhainneacht shásúil fosta lenár straitéis a chomhlíonadh.

4.12 Tá an earnáil cumarsáide leictreonaí broidiúil, casta agus ag éirí níos bunúsaí maidir le feidhm sochaí agus ghnó na hÉireann. Aithnímid gur gá dúinn machnamh leanúnach a dhéanamh ar ár ngníomhaíochtaí, agus athrú de réir mar is gá lenár misean a chomhlíonadh, agus seasamh lenár luachanna in ainneoin éilimh, iompar tomhaltóirí, teicneolaíochtaí agus timpeallachta idirnáisiúnta atá ag athrú.

4.13 I gCaibidil 5 go 9, leagaimid amach na spriocanna straitéiseacha bainteach le gach ceann de na cúig rún straitéiseacha.



05

# SOCRÚ NA RIALACHA D'IOMAÍOCHT ÉIFEACHTACH

## 01 Rún Straitéiseach 01: CUIREANN AN MARGADH SEO NUÁLAÍOCHT AGUS AN ROGHA IS MÓ OIBREOIRÍ MÓRDHÍOLA AGUS MIONDÍOLA AR FÁIL.

**Cad í an chuma atá air seo?**

- Tá rogha soláthraithe sna margaí cumarsáide leictreonaí mórdhíola agus miondíola ann
- Tá an iomaíocht chomh láidir agus is féidir; tá rialacha ann le dochar a laghdú nuair atá an iomaíocht lag
- Tá caighdeán na dtáirgí agus na seirbhísí cumarsáide leictreonaí ar na cinn is airde inár bpiarghrúpa
- Tá fianaise shoiléir ann de:
  - Iomaíocht thar tréimhse ama
  - Nuálaíocht i margaí cumarsáide leictreonaí agus i margaí bainteacha, agus
  - Tomhaltóirí ag feidhmiú a rogha

## Réamhrá

5.1 Is é ár bprionsabal treorach go mbaineann margaí iomaíocha éifeachtúla torthaí optamacha amach ó thaobh infheistíochta, agus praghais, caighdeáin, rogha agus nuálaíochta a théann chun tairbhe do thomhaltóirí.

5.2 Aithnímid nach mbaineann margaí, na cinn a fheidhmíonn go maith ó thaobh iomaíochta fiú, torthaí amach a bhíonn sásúil i gcónaí ó thaobh peirspictíocht na sochaí de. Ba chóir dár n-idirghabhálacha rialála bheith leagtha amach le míléimh margaidh a íoslaghdú.

5.3 Aithníonn ComReg an difear idir éifeachtúlacht statach agus éifeachtúlacht dhinimiciúil. Nuair a chuireann idirghabhálacha éifeachtúlacht statach chun cinn, spreagann sin na praghsanna i dtreo costais sa ghearrthéarma. Ar an taobh eile, déanann éifeachtúlacht dhinimiciúil tagairt d'infheistíocht agus do nuálaíocht thar tréimhse ama. Sa mhéid is go n-íslíonn spreagadh praghsanna i dtreo costais sa ghearrthéarma na dreasachtaí nuálaíochta thar tréimhse ama, tá trádmhalartú ann.

5.4 Tá an trádmhalartú seo an-tábhachtach sna margaí cumarsáide leictreonaí nuair a athraíonn teicneolaíocht go gasta, agus dá thoradh sin, féadfaidh tairbhí móra geilleagracha leasa bheith ar fáil nuair a éascaítear nuálaíocht.

5.5 Sa chomhthéacs seo, aithníonn ComReg freisin go bhfuil na forbairtí sna margaí bainteacha tábhachtach ó pheirspictíocht na hiomaíochta de. Aithníonn ComReg ach go háirithe nach gcuirfidh na hoibreoirí traidisiúnta amháin infheistíocht agus nuálaíocht isteach sna margaí cumarsáide leictreonaí (i margaí seasta ags móibíleacha) ach go gcuirfidh oibreoirí eile amhail soláthraithe seirbhíse OTT iad isteach fosta.

5.6 Agus sinn ag comhlíonadh ár bhfeidhmeanna leis an chéad rún straitéiseach seo a bhaint amach, déanfaidh ComReg machnamh ar na bearta cuí a bheidh le déanamh chun iomaíocht a chur chun cinn

(m.sh. iontráil nua), nuair a bheidh siad bailí agus cuí go hoibiachtúil, agus nuair a íoslaghdóidh siad an saobhadh sna margaí seo a mbeidh baint acu leo, agus i margaí bainteacha fosta.

5.7 Leagann an Chaibidil seo spriocanna straitéiseacha ComReg amach a bhfuil baint acu le rialacha a leagan síos d'iomaíocht éifeachtach, agus an cuspóir ardleibhéil acu, na margaí cumarsáide leictreonaí a sholáthróidh nuálaíocht agus an rogha is mó oibreoirí mórdhíola agus miondíola, a fhíorú. Mar a léiríodh i bhFíor 5, is í tuairim ComReg go mbaineann rialáil le hiomaíocht a spreagadh le:

- **Monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí**, margaí bainteacha san áireamh, mar a dtuigtear teipeanna margaidh go maith maidir le,
- Idirghabháil **dhírithe a chumasú**,
- Dírithe ar **iomaíocht a éascú**.

5.8 Aithníonn ComReg gur próiseas dinimiciúil é seo ar a bhfuil monatóireacht leanúnach, uasdátú agus leasú de dhíth, agus thar tréimhse ama, ba chóir scóip na rialála a laghdú.

## Iomaíocht i Margaí Seasta agus Móibíleacha

### Iomaíocht ar líonraí seasta

5.9 Is féidir dhá chineál iomaíochta bainteach le líonraí cumarsáide leictreonaí seasta a dhéanamh amach: iomaíocht bunaithe ar sheirbhísí agus iomaíocht bunaithe ar bhonneagar. Deirtear go dtarlaíonn fíoriomaíocht bunaithe ar sheirbhísí nuair a úsáideann oibreoirí iontrála líonra an oibreora atá ceannasach lena seirbhísí féin a sholáthar. Tarlaíonn iomaíocht bunaithe ar bhonneagar nuair a dhéanann oibreoirí iontrála infheistíochtaí i mbonneagar agus nach mbraitheann siad ar ionchuir soláthraithe ag an oibreoir SMP le dul in íomaíocht do chustaiméirí sna margaí íoslódála.

**Fíor 5: Ag Rialáil le hIomaíocht a Chur Chun Cinn**



5.10 Ó thaobh na praiticiúlachta de, tá céimeanna san iomaíocht idir an dá thaobh ina bhfuil soláthraithe seirbhíse ag déanamh infheistíochtaí bonneagair ar leith, agus ceannach ionchur mórdhíola comhlántacha cuí amhail rochtain ar shruth giotán, i gceist.[44] I gcoitinne, thar tréimhse ama, déanann soláthraithe seirbhíse iomaíocha níos mó infheistíochta nó infheistíocht níos doimhne i gceantair a bhfuil dlús daonra acu ná i gceantair a bhfuil níos lú dlús daonra acu, mar nach féidir le bonn síntiúsóirí iomarcach tacú lena leithéid seo d’infheistíocht.

5.11 Ligeann iomaíocht bunaithe ar infheistíocht líonra “níos doimhne” d’oibreoirí iontrála níos mó smachta bheith acu ar na táirgí agus na seirbhísí soláthraithe thar na líonraí agus ar an bpraghas sin dá solathraíonn siad iad. Síltear go bhfuil cumas níos lú ar fhíoriomaíocht ar leibhéal seirbhíse tairbhí bainteach le hiomaíocht láidir,



## BOSCA MÍNITHE 6:
## DRÉIMIRE NA hINFHEISTÍOCHTA

Is é an fáth a bhfuil rialáil rochtana san earnáil cumarsáide leictreonaí ná le hiomaíocht a fhorbairt. Tugann iomaíocht éifeachtach na praghsanna anuas, feabhsaíonn sí caighdeáin agus cuireann sí níos mó roghanna agus nuálaíochta ar fáil sa mhargadh. Tá baic arda iontrála ag tionscail ar leith (amhail cumarsáid leictreonach, leictreachas agus uisce), mar sin de, gan dreasachtaí rialála, féadann iontrálaithe bheith mall ag sárú na mbac iontrála nó gan iad a shárú, agus b’fhéidir le hiomaíocht bheith mall le teacht chun cinn, dá dtiocfadh sí fiú.

Tá dhá phríomhbhealach leis an iomaíocht seo a chur chun cinn, ceann amháin trí rochtain a thabhairt d’iomaitheoirí ar chodanna áirithe de líonra an oibreora atá ceannasach, (sa chás seo Eircom), i dteannta le soláthraithe seirbhíse ag cur deireadh léi, nó ag déanamh infheistíochta, nó dreasachtaí a rolladh amach do líonra iomaíoch.

Déanann cur chuige an dréimire infheistíochta arna mholadh ag Martin Cave[45] iarracht iontráil bunaithe ar sheirbhísí agus iontráil bunaithe ar bhonneagar le chéile, le hiomaíocht a chur chun cinn. Déanann an cur chuige seo iarracht an trádmhalartú a chothromú i gceart idir na tairbhí gearrthéarmacha, ó iomaíocht bunaithe ar sheirbhísí agus gan bac a chur ar iontráil bunaithe ar áiseanna san fhadtéarma.

Tá roinnt ‘rungaí’ ar an dréimire ar ar féidir leis na soláthraithe iomaíocha ‘dul suas’ mar caithfidh siad infheistíochtaí níos mó a dhéanamh. Cúitítear iad seo mar gur féidir leo níos mó smachta bheith acu ar an líonra, mar aon le scála a úsáid agus a gcorrlach oibriúcháin a mhéadú. Is féidir leis na rungaí bheith sa réimse ó athdhíol fíorsheirbhísí an oibreora atá ceannasach go díchuachadh na lúibe logánta a thabharfaidh rochtain don iomaitheoir ar an bpéire copair sa bhaile, agus gan ar rud ar bith eile.

[44] Is táirge mórdhíola rochtain shruth giotán ina soláthraítear toilleadh tarchuir ar bhealach a ligeann do Chuardaitheoirí Rochtana a seirbhís leathanbhanda míondíola féin (nó seirbhísí breisluacha ar bith eile), a chur ar fáil d’úsáideoirí deiridh. Tá cosán rochtana snáithín (nó meascán de chopar agus snáithín) de dhith ar Shruth giotán, ach ní cheadaíonn sé don Chuardaitheoir Rochtana smacht bheith acu ar an gcosán rochtana nó trealamh eile a chur leis.

[45] Cave, Martin, 2006, Encouraging Infrastructure Competition via the Ladder of Investment. Telecommunications Policy, Iml. 30 (Uimhir 3-4). lgh. 223-237.

mar tá athdhíol tháirge an oibreora atá ceannasach i gceist. Ní chuireann éascú na hiomaíochta ar leibhéal seirbhíse le hiomaíocht áfach, mar shampla, trí ligean d'oibreoirí beart iomlán seirbhísí a sholáthar. Ina theannta sin, ligeann cur chun cinn na hiomaíochta ar leibhéal seirbhíse, mar chuid de straitéis rialála le hiontráil agus forbairt a éascú, d'oibreoirí iontrála bonn síntiúsóirí a bhunú agus barainneachtaí scála a bhaint amach sula ndéantar an infheistíocht riachtanach bhonneagair in iomaíocht bunaithe ar bhonneagar.

5.12 In Éirinn, is é Eircom an iarmhonaplacht a bhí i gceannas soláthar líonra sheasta. Clúdaíonn líonra beagnach uileláithreach Eircom 2 mhilliún áitreabh sa Stát. Ó 2011, bhí Eircom ag rolladh amach a chéad ghlúine eile den líonra rochtana, bunaithe ar theicneolaíocht shnáithín chuig an gcaibinéad (FTTC), VDSL malairt-sheolta (EVDSL) agus snaithín chuig an mbaile (FTTH). Tá níos mó ná 1.6 mhilliún áitreabh ag úsáid na chéad ghlúine eile le líonra rochtana Eircom, mar freastalaíonn sé ar thart ar 500,000 síntiúsóir faoi láthair.[46]

5.13 Tá iomaíocht éagsúil ar leibhéal líonra neamhspleách ag Eircom ó Virgin Media agus SIRO. Is comhfhiontar idir ESB Networks agus Vodafone an dara ceann. Tá níos mó ná 807,50047[47] áitreabh ag úsáid líonra Virgin Media le 367,70048[48] díobh acu mar shíntiúsóirí idirlín. Tá líonra Virgin Media teoranta do cheantair uirbeacha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, na Gailimhe, Luimnigh agus Phort Láirge. Tháinig SIRO, a thosaigh ag rolladh amach líonra NGA in 2015, san earnáil le déanaí agus, go dtí seo, tá an rolladh amach teoranta, ach meastar go bhfuil sé ag timpeall is thar 36,500 teach.[49] D'fhógair SIRO pleananna le dul thar 500,000 áitreabh in 51 baile faoi dheireadh 2018.[50] Tá méid oibreoirí líonra eile ann freisin, m.sh., Magnet.

5.14 Tá iomaíocht ag Eircom ó BT, Vodafone, Sky agus ó oibreoirí níos lú eile (oibreoirí seasta gan sreang ina measc), a rinne léibhéil éagsúla d'infheistíocht sa bhonneagar, mar gheall ar tháirgí rochtana mórdhíola, ar tugadh údarás dóibh ag rialáil, bheith ar fáil sa chuid is mó. Mar atáthar ag súil, tá méid an rolladh amach bonneagair níos mó i gceantair uirbeacha mar a bhfuil an dlús daonra/áitreabh níos mó. Ina leithéid seo de cheantair, chuaigh BT agus Vodafone suas níos airde ar an dréimire infheistíochta (féach ar Bhosca Mínithe 6 don phlé ar an dréimire infheistíochta).

## Iomaíocht ar Líonraí Móibíleacha

5.15 Cosúil le líonraí seasta, tá dhá chineál iomaíochta san earnáil mhóibíleach. Sa chéad dul síos, tá iomaíocht ar leibhéal líonra idir na hoibreoirí líonra móibíleacha (MNOnna). Sa dara dul síos, tá cineál iomaíochta ar leibhéal seirbhíse ina gceannaíonn oibreoirí

[46] Féach ar Thuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí ComReg, R4 2016 ag : https://www.comreg.ie/publication/irish-communications-market-quarterly-key-data-report-data-q4-2016/
[47] Féach ar Ráitis Airgeadais Comhdhlúthaithe Virgin Media 2016 ag: http://www.libertyglobal.com/pdf/fixed-income/Virgin-Media- December-31-2016-FINAL.pdf
[48] Féach ar Thuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí ComReg, R4 2016.
[49] Féach ar: https://www.siliconrepublic.com/comms/siro-ftth-broadband
[50] Féach ar: http://siro.ie/siro-invest-e40-million-roll-6-new-towns-end-2016/

líonra fhíorúíl mhóibíligh, (MNVOnna) mar a thugtar orthu, toilleadh ó cheann de na hoibreoirí líonra, in áit a líonra rochtana móibílí féin a thógáil (túir, crainn cumarsáide agus aisiompar bainteach). Príomhdhifear idir an iomaíocht líonra mhóibíligh agus sheasta is ea de bhrí go gcaithfidh an t-oibreoir ceannasach faoi láthair, Eircom, táirgí rochtana mórdhíola a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhíse de réir na rialála, agus ar an dóigh sin, teacht chun cinn na hiomaíochta a éascú, níl a leithéid seo de bhearta rialála i bhfeidhm, nó measta mar riachtanach, maidir le líonraí móibíleacha (féach ar Bhosca Mínithe 7 don phlé ar na margaí atá faoi thionchar rialáil ex ante).

5.16 Príomhdhifear eile leis an iomaíocht i líonraí móibíleacha is ea na socruithe líonra comhroinnte tráchtála atá ann. Ligeann na socruithe líonra comhroinnte do dhá oibreoir líonra, nó níos mó, codanna ar leith dá lionraí a roinnt. I líonraí móibíleacha, is féidir le réimse socruithe roinnte bheith ann ó bhonneagar éigníomhach a roinnt (amhail suíomhanna, crainn cumarsáide agus aeróga), go codanna níos gníomhaí dá líonra, roinnt croíbhonneagar san airéamh. Is iad na tairbhí atá ann d'oibreoirí móibíleacha a roinneann bonneagar, an cumas le costais a laghdú.[51] Ar an drochuair, d'fhéadfaí an iomaíocht laghdú, mar d'fhéadfadh oibreoirí smacht ar roinnt oibrithe líonra, agus ar roghanna straitéiseacha teicneolaíochta a chailleadh.

5.17 Tá trí phríomh-NMO ag cur seirbhísí ar fáil thar líonraí móibíleacha a ndearna siad féin infheistíocht iontu, faoi láthair; Eircom, Vodafone agus Three. Tá socrú líonra comhroinnte ag Three agus Eircom áfach. Tá roinnt MVNOnna ann, mar shampla, Tesco Mobile agus iD nach bhfuil a líonra féin acu, ach rinne siad socruithe le Three, a chuir ar a gcumas seirbhísí móibíleacha a sholáthar. I measc na MVNOnna eile ann tá Virgin Media, Lycamobile agus Postfone.


## Staid na hiomaíochta i margaí miondíola – seasta agus móibíleach

5.18 Léiríonn Fíor 6 thíos leibhéal chomhdhlúthacht an mhargaidh i margaí miondíola seasta leathanbhanda, gutha sheasta agus gutha mhóibíligh. Maidir leis na margaí seasta, léiríonn an titim de réir a chéile i gcomhdhlúthacht an mhargaidh mhiondíola, atá ag teacht le treocht i bhfad níos fadtéarmaí, sna margaí gutha agus leathanbhanda, níos mó iomaíochta sna margaí seo. Is í an fhainic go bhfuil iomaíocht theoranta bunaithe ar áiseanna taobh amuigh de na ceantair is uirbí faoi láthair.[52]

[51] Is féidir le pobail bheith i bhfabhar socruithe comhroinnte mar is féidir leo an méid ceall-shuíomhanna atá de dhíth le seirbhís a sholáthar, a laghdú nó is féidir leo rochtain bheith acu ar nascacht níos luaithe mar gheall ar na costais níos lú do na hoibreoirí le líonra a úsáid.

[52] Eisceacht amháin maidir leis an saintréithiú seo is ea an margadh línte ar léas mar ar tháinig an iomaíocht bunaithe ar áiseanna chun cinn taobh amuigh de na ceantair is uirbí fiú.

**Fíor 6: Comhdhlúthacht Mhiondíola (HHI), R2 2013 – R2 2016[53]**




[53] Foinse: Tuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí ComReg

5.19 Léiríonn an fíor scéal eile ar an taobh móibíleach de. Tagann an léim i gcomhdhlúthacht an mhargaidh le chéile le Three ag fáil O2 i lár 2014. Suas go dtí an cónascadh, is é an laghdú sa chomhdhlúthacht an treocht fhadtéarmach sna margaí miondíola móibíleacha. Ba é príomhthoradh an chónasctha mhóibíligh deireadh a chur le hiomaitheoir ar leibhéal líonra. Sa phacáiste réiteach ar ghlac Coimisiún na hEorpa leis, tá dhá MNVO á gcruthú. Ina theannta sin, cé gur cuireadh deireadh le socrú líonra comhroinnte amháin de thoradh ar an gcónascadh, leasaíodh agus neartaíodh líonra comhroinnte eile. Feicfimid linn maidir leis an tionchar deiridh a bheidh ar iomaíocht sna margaí móibíleacha.

## Monatóireacht a Dhéanamh ar Mhargaí

5.20 Leis na margaí cumarsáide leictreonaí a rialáil go héifeachtach, tá sé tábhachtach tuiscint bheith ann ar a fheabhas atá na margaí ag feidhmiú, ar an áit a bhfuil na teipeanna margaidh, agus ar na tionchair dhifriúla atá ag na margaí - seasta, móibíleach agus bainteach – ar a chéile.

5.21 Cuireann ComReg acmhainní móra in anailís mhargaidh, atá ag teastáil ón gcreatlach rialála, a dhéanamh. Is é cuspóir na hanailíse margaidh seo cinneadh a dhéanamh ar cé atá nó nach bhfuil cumhacht mhórthábhachtach mhargaidh ag oibreoir ar bith, agus má tá, na bealaí a d'fhéadfadh fadhb iomaíochta ar bith a réiteach. Rinne Coimisiún na hEorpa moltaí faoi na margaí atá le hanailísiú agus faoin modheolaíocht atá le húsáid.

5.22 Ní hí cumhacht an mhargaidh amháin an t-aon fháth nach bhféadfadh margaí feidhmiú go maith nó na torthaí a mheasfadh an tsochaí a bheadh sásúil, a bhaint amach. D'fhéadfadh margaí gan feidhmiú go maith, nó a mar a bhféadfaí ag súil leo, mar gheall ar aisiméadrachtaí faisnéise, seachtrachtaí nó claontachtaí iompair bheith ann, mar shampla, mar gheall ar an mbun-nádúr neamhthráchtála le margaí nó deighleoga margaidh ar leith a sholáthar fosta.

5.23 Measaimid go bhfuil sé tábhachtach do ComReg an anailís ar an margadh, de réir na creatlaí rialála, a chur le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na hiomaíochta i margaí eile laistigh den éiceachóras cumarsáide leictreonaí. Is féidir léi seo margaí cumarsáide leictreonaí nach bhfuil molta d'anailís mhargaidh níos mó, (amhail rochtain fhorleathan ar líonraí móibíleacha[54]), margaí ina bhfuil soláthar ionchur riachtanach i gceist, (amhail rochtain ar chuaillí, duchtaí agus ceall-shuíomhanna), margaí do tháirgí a dhíoltar i mbeart le ECS (amhail ábhar meán), agus margaí do tháirgí a bhfuil tionchar criticiúil acu ar eispéireas ECS an úsaideora deiridh (amhail gléasanna láimhe móibíleacha), a chur san áireamh.

[54] Féach ar Bhosca Mínithe 7 don phlé ar mholtaí an Choimisiúin ar mhargaí atá faoi thionchar rialachán ex ante.

## SPRIOC **01**

Monatóireacht rialta a dhéanamh ar éifeachtúlacht na hiomaíochta ar fud na margaí cumarsáide, margaí seasta agus móibíleacha, agus margaí bainteacha.

5.24 Sa chomhthéacs seo, ceapann ComReg go mbeadh se inmhianaithe **monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na hiomaíochta go rialta ar fud na margaí cumarsáide, seasta agus móibíleacha, agus na margaí bainteacha**.

5.25 Chuirfeadh an ghníomhaíocht seo leis an anailís ar na margaí de réir na Rialachán Rochtana. Chuirfeadh sé comhthéacs ar fáil ár gcumhachtaí rialála a úsáid i margaí molta. Ina theannta sin, chabhródh sé linn na háiteanna a aithint ina bhféadfaimis machnamh a dhéanamh ar úsaid lánroghnach a bhaint as na cumhachtaí atá againn faoi láthair, amhail anailís an mhargaidh a dhéanamh ar mhargaí neamh-mholta de réir na creatlaí rialála.

5.26 Chabhródh an ghníomhaíocht linn an fhéidearthacht do theipeanna margaidh ar mhargaí cumarsáide leictreonaí, margaí a d'fhéadfadh bheith mar chúis le fadhbanna i margaí eile, agus a mhalairt, a aithint. Chuirfeadh sé ar ár gcumas, bheith eolach ach go háirithe ar cé acu atá nó nach bhfuil nuálaíocht i margaí bainteacha á gcumasú nó tréithe de na margaí cumarsáide leictreonaí ag cur baic orthu. D'fhéadfadh sé seo cé acu is gá nó nach gá cur leis an réimeas rialála a aithint, sa dóigh is gur féidir tabhairt faoi na ceisteanna seo.

5.27 Threoródh sé seo ár dtosaíochtaí maidir le machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht eile atá le déanamh, nó ar na cumhachtaí breise a d'fhéadfadh bheith de dhíth orainn. (Maidir leo seo, nótálaimid go dtéann na cumhachtaí faoin ECF i ndlínsí eile, amhail an RA, le cumhachtaí faoin dlí um iomaíocht náisiúnta le tabhairt faoi na teipeanna margaidh a thagann chun cinn ó thréithe margaidh eile, seachas cumhacht mhór mhargaidh. Murab ionann is an anailís mhargaidh de réir Rialachán Rochtana, ní thiocfadh cur i bhfeidhm oibleagáidí rialála go díreach as an gcineál measúnaithe seo, sa dóigh is go bhféadfaí na measúnuithe tosaigh a dhéanamh ar leibhéal níos airde, agus measúnú níos mine a dhéanamh nuair is gá.

5.28 Ní thugann an chreatlach dhlíthiúil mandáid don chineál gníomhaíochta seo. In ainneoin a tábhachta, mar sin de, is tosaíocht níos lú í a bhraitheann ar ComReg ag cur go leor oibrithe foirne ar fáil don tasc. Déanfar scóip na gníomhaíochta monatóireachta agus na croímhargaí cumarsáide leictreonaí a bheimid ag dul a rialú, de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil agus an naisc idir an mhonatóireacht ar na margaí

5.29 I gcomhthéacs na sprice seo mar sin de, sa tréimhse atá le teacht:

- **Monatóireacht Mhargaidh:** Cuirfidh ComReg tús le, agus na hacmhainní ar fáil, clár oibre a mbeidh aidhm aige ár dtuiscint ar an iomaíocht i margaí seasta, móibíleacha agus bainteacha a fhorbairt. Rachaidh an clár oibre seo leis na measúnuithe margaidh

níos doimhne a dhéanfar i gcomhthéacs Chreatlach SMP (féach thíos) agus úsáidfear iad le faisnéis a thabhairt ar ghníomhaíochtaí ComReg ar fud a fheidhmeanna go léir.

- **Cumhachtaí leis an Margadh a Fhiosrú**: Déanfaidh ComReg staidéar ar eispéiris dhlínsí eile a úsáideann cineál cumhachtaí fiosraithe margaidh, a ligeann do ghníomhaíochtaí mionscrúduithe margaidh agus a chuireann bearta réitigh i bhfeidhm mura bhfuil an iomaíocht ag feidhmiú go maith, agus molfaidh sé dá leithéid seo de chumhachtaí in Éirinn má shílimid go mbeidh siad cuí.

**SPRIOC 02**

Rialáil na margaí cumarsáide leictreonaí dírithe ar theipeanna sna margaí a laghdú agus cosc a chur ar dhochar.

5.30 Spreagadh do dhara sprioc ComReg is ea an toradh air seo. Is sprioc ComReg í ach go háirithe **go mbeidh rialáil na margaí cumarsáide leictreonaí dírithe ar theipeanna sna margaí a laghdú, agus cosc a chur ar dhochar**. Ligfidh tuiscint níos fearr ar na fáthanna nach bhféadfadh na margaí bheith ag feidhmiú go maith d'úsáideoirí deiridh, do ComReg na hidirghabhálacha rialála a dhíriú níos fearr ar fud a fheidhmeanna go léir. Ina theannta sin, sa chomhthéacs seo, éascóidh tuiscint ar na margaí bainteacha faisnéis ar an bhféidearthacht atá ag rialáil na margaí cumarsáide leictreonaí le bac a chur ar nuálaíocht agus leis na tairbhí leasa a fhíorú.

## Iomaíocht agus Roghanna do Thomhaltóirí a Chur Chun Cinn

5.31 Tá trí phríomhbhealach ina bhféadann ComReg iomaíocht agus roghanna do thomhaltóirí i margaí cumarsáide leictreonaí a chur chun cinn:

- Iomaíocht a chur chun cinn trí Chreatlach SMP
- Cinntiú go nglacann bainistíocht an speictrim náisiúnta agus na hacmhainne uimhrithe an tionchar féideartha a d'fhéadfadh bheith ag sannadh agus dáileadh na n-ionchur riachtanach seo ar mhargaí íoslódála san áireamh, agus
- Soghluaiseacht custaiméirí a chinntiú (is é sin. custaiméirí atá toilteanach agus ábalta athrú mar fhreagairt do shocruithe níos fearr ar an margadh).

**SPRIOC 03**

Tá ár gcuid oibre ag iarraidh iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn agus roghanna do thomhaltóirí a éascú laistigh den Margadh Singil

5.32 Cé go mbaineann an chéad dá chineál idirghabhálacha go príomhá le hidirghabhálacha soláthair bainteach leis na hionchuir riachtanacha sin le dul isteach agus in iomaíocht sna margaí, is idirghabháil éilimh í seo an dara ceann seo a mbeidh cuspóir aici cinntiú go mbeidh an t-úsáideoir saor leas a bhaint as na roghanna a bheidh ar fáil sa mhargadh dá mbeadh a leithéid seo de roghanna ann (mar shampla, iontráil, mar a tharla).

5.33 Ar fud gach ceann de na catagóirí gníomhaíochta, tá ComReg ag iarraidh **iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn agus roghanna do thomhaltóirí a éascú laistigh den Margadh Singil.** Mar a nótáladh i gCaibidil 2, ó pheirspictíocht an gheilleagair, téann nóisean an mhargaidh shingil leis an gcuspóir iomaíocht a chur chun cinn. Nuair a éascaítear iontráil agus méadú i margaí náisiúnta agus réigiúnacha, feabhsaítear iomaíocht agus baineann úsáideoirí sult as na tairbhí bainteacha, ó thaobh praghsanna, roghanna agus caighdeáin de.

**Rochtain ar an Margadh: Creatlach SMP**

5.34 Tá an cumas le dul isteach i margaí agus leis an sciar den mhargadh a fhás, trí iomaíocht a dhéanamh ar na buanna, bunúsach i nóisean na hiomaíochta éifeachtaí. Is é rún straitéiseach ComReg maidir le cur chun cinn iomaíochta éifeachtaí trí Chreatlach SMP, go **laghdaíonn rialáil cumhacht an mhargaidh agus go n-éascaíonn sí iontráil agus méadú sa mhargadh, agus sna margaí cumarsáide leictreonaí mórdhíola agus miondíola, nuair is féidir léi.**

## SPRIOC **04**

Laghdaíonn rialáil cumhacht an mhargaidh agus éascaíonn sí iontráil agus méadú sa mhargadh agus sna margaí cumarsáide leictreonaí mórdhíola agus miondíola, nuair is féidir léi

5.35 Faoin gcreatlach rialála, nuair a aithnítear go bhfuil cumhacht mhórthábhachtach ag oibreoir i margadh ar leith, d'fhéadfadh ComReg réimse oibleagáidí ar son iomaíochta a bhrú, de réir mar is cuí, ar a leithéid seo d'oibreoir, iad sin a bhaineann le rochtain, praghasáil, neamhleithcheal agus follasacht ina measc. Tá a leithéid seo d'oibleagáidí leagtha amach le hiomaíocht a chur chun cinn trí chur ar chumas iontrálaithe dul in iomaíocht chothrom le hoibreoir SMP. Sa chomhthéacs seo, tá sé tábhachtach go bhfaighidh cuardaitheoirí rochtana an caighdeán seirbhíse sásúil i soláthar ionchur mórdhíola ó oibreoir SMP. Laistigh de Chreatlach SMP, rialaíonn ComReg naoi margadh faoi láthair (féach ar Bhosca Mínithe 7).

5.36 Le fáil amach cé acu a éileofar nó nach n-éileofar rialáil SMP ar na margaí cumarsáide leictreonaí, is minic a bhíonn sé riachtanach idirdhealú a dhéanamh idir na margaí miondíola (nó margaí íoslódála) mar a ndíolann oibreoirí seirbhísí do thomhaltóirí, agus na margaí mórdhíola (nó margaí uaslódála) mar a ndíolann oibreoirí ionchuir mhórdhíola d'oibreoirí eile, a mbaineann siad úsáid astu le seirbhísí miondíola a sholáthar do thomhaltóirí (agus/nó seirbhísí mórdhíola d'oibreoirí eile). Is iad cuspóirí ComReg rialáil a bhrú agus tabhairt faoi na margaí sin nach dócha go mbeidh iomaíocht éifeachtach, agus seo á ndéanamh aige, tabhairt faoi bhuarthaí iomaíochta trí oibleagáidí rialála a bhrú ar an leibhéal is réamhtheachtaí agus is féidir. Ó thaobh na praiticiúlachta de, bíonn rialáil dírithe ar thabhairt faoi bhaic ar an leibhéal mórdhíola seachas ar an leibhéal miondíola de ghnáth. Áit a soláthraíonn rialáil mhórdhíola iomaíocht éifeachtach i margaí miondíola go hiartheachtach, stopfaidh ComReg ag rialáil na margaí miondíola sin. Stopfaidh ComReg ag rialáil margaí mórdhíola fosta nuair a fhorbróidh iomaíocht éifeachtach.

## BOSCA MÍNITHE 7:
## MARGAÍ ATÁ FAOI THIONCHAR RIALÁIL EX ANTE

Tá ComReg freagrach as measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil margaí Cumarsáide Leictreonaí in Éirinn iomaíoch go héifeachtach de réir an ECF, mar a tiontaíodh sa dlí náisiúnta iad. D'athraigh na margaí seo thar am agus tá siad aitheanta i moltaí eagsúla an Choimisiúin Eorpaigh. Is é Moladh 2014 ar Tháirgí agus ar Mhargaí Seirbhíse Ábhartha[55] ("Moladh 2014") an moladh reatha agus aithníonn sé cúig mhargadh mar atá faoi thionchar rialáil ex ante.

- Margadh 1: Críochnú glao mórdhíola ar líonraí teileafóin phoiblí indibhidiúla soláthraithe ar shuíomh seasta
- Margadh 2: Críochnú glao gutha mórdhíola ar líonraí móibíleacha indibhidiúla
- Margadh 3a: Rochtain áitiúil mórdhíola ar shuíomh seasta
- Margadh 3b: Rochtain lárnach mórdhíola soláthraithe ar shuíomh seasta do tháirgí mórmhargaidh; agus
- Margadh 4: Rochtain ardchaighdeánach mórdhíola soláthraithe ar shuíomh seasta.

Tá anailísí ComReg ar na margaí atá aitheanta i Moladh 2014, ar siúl faoi láthair. Mar sin de, tá na cinntí reatha bunaithe ar mhargaí aitheanta i moladh ón gCoimisiún in 2007. D'fhéadfadh ComReg, de réir coinníollacha ar leith a chomhlíonadh, rialáil a dhéanamh ar mhargaí nach n-aithníonn an Coimisiún atá faoi thionchar rialáil ex ante. Rialaíonn ComReg roinnt margaí ar an mbonn seo.

Seo na margaí a rialaíonn ComReg faoi láthair bunaithe ar chinneadh SMP:*

- Críochnú Glao Mórdhíola ar Líonraí Teileafóin Phoiblí Indibhidiúla Soláthraithe ar Shuíomh Seasta (01/2014)
- Críochnú Glao Gutha Mórdhíola ar Líonraí Móibíleacha Indibhidiúla (02/2014)
- Rochtain áitiúil mhórdhíola ar shuíomh seasta (03a/2014)
- Rochtain lárnach mhórdhíola soláthraithe ar shuíomh seasta do tháirgí mórmhargaidh (03b/2014)
- Rochtain ardchaighdeánach mhórdhíola soláthraithe ar shuíomh seasta (04/2014)
- Rochtain Miondíola ar Líonraí Teileafóin Phoiblí ar Shuíomh Seasta (01/2007)
- Rochtain Sheasta Mhórdhíola agus Tionscnamh Glao Mórdhíola ar an Líonra Teileafóin Phoiblí Soláthraithe ar Shuíomh Seasta (02/2007)
- Margadh Craoltóireachta A – Rochtain Mhórdhíola ar Sheirbhísí Tarchuir Chraolacháin Trastíre Náisiúnta (18/2003)
- Margadh Craoltóireachta B – Rochtain Mhórdhíola ar Sheirbhísí Ilphléacsaithe DTT (18/2003)

* Nótálann an coinbhinsiún ainmnithe uimhir an mhargaidh agus bliain an mholta ábhartha. Mar shampla, déanann (02/2014) tagairt do Mhargadh 2 de Mholadh 2014.

[55] Moladh an Choimisiúin ar 9 Deireadh Fómhair ar mhargaí táirgí agus seirbhísí ábhartha laistigh den earnáil cumarsáide, atá faoi thionchar rialáil ex ante de réir Threoir 2002/21/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar chomhchreatlach rialála um líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

5.37 Nuair atá rialáil SMP riachtanach áfach, leanfaidh ComReg ar aghaidh díriú ar chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí a spreagann iomaíocht bunaithe ar bhonneagar agus ar sheirbhísí araon, mar tagann siad le chéile agus tacaíonn siad le prionsabal 'dréimire na hinfheistíochta' (féach ar Bhosca Mínithe 6). Déanfaidh cur chuige rialála ComReg iarracht deiseanna a chumasaíonn níos mó iomaíochta bunaithe ar bhonneagar a éascú,nuair is cuí é, mar cumasaíonn sé seo forbairt iomaíochta níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe. Maidir leis seo, nuair is cuí é, leanfaimid ar aghaidh na hoibleagáidí a bhrú, a chuirfidh ar chumas oibreoirí rochtain níos éifeachtaí bheith acu ar shócmhainní líonra bhonneagar éigníomhach oibreoir SMP, rochtain ar dhuchtaí, cuaillí, snáithín dorcha agus ar áiseanna bainteacha riachtanacha eile san áireamh.

5.38 Ceapadh Eircom go raibh SMP aige ar fud réimse margaí mórdhíola agus i roinnt margaí rochtana miondíola. Bhrúigh ComReg réimse oibleagáidí rialála ar Eircom a raibh cuspóir acu iomaíocht a chur chun cinn, agus ligean d'oibreoirí eile dul in iomaíocht chothrom le Eircom. In ainneoin brú na n-oibleagáidí rialála seo áfach, tá ComReg buartha, i bhfianaise bonneagar comhtháite ingearach Eircom, (ina dtéann sé in iomaíocht ar an leibhéal miondíola agus mórdhíola), agus a staid SMP i margaí ar leith, go bhfuil an cumas agus an spreagadh aige dul i mbun iompar a idirdhealaíonn in éadan oibreoirí iomaíocha.

5.39 Is í an tuairim atá againn go mbraitheann an próiseas seo a mhór ar éifeachtúlacht na rialála i margaí réamhtheachtacha, cé go bhfuil dírialáil margaí miondíola agus mórdhíola iartheachtacha inmhianaithe. Le blianta déanacha anuas, bhrúamar réitigh chuí ar na margaí mórdhíola, mar chreidíomar go méadódh siad na deiseanna go dtarlódh sé seo. Mar shampla, táimid ag moladh faoi láthair mandáid a thabhairt d'úsáid níos mó de Chomhionannas Ionchur ina gcaithfidh Eircom na córais TF céanna a úsáid lena rannóg Mhiondíola agus a chustaiméirí Mórdhíola a sholáthar. Táimid ag moladh sonrú oibleagáidí níos mine a rialódh rochtain oibreoirí ar bhonneagar éigníomhach Eircom, ar a dhuchtaí, a chuaillí agus ar a shócmhainní líonra fisiceacha eile.

5.40 Maidir leis an sprioc seo, thar an tréimhse atá le teacht:

- **Anailís ar an Margadh**: Tá ar ComReg a mheasúnú ar na margaí a uasdátú ó am go ham. Tugann ComReg go leor acmhainní don ghníomhaíocht seo agus tá sé ag déanamh anailíse ar na margaí leagtha amach i Moladh 2014 an Choimisiúin faoi láthair. Is margaí chríochnú glao gutha seasta agus chríochnú glao gutha móibíleacha mórdhíola Margaí 1 agus 2, agus tá ComReg ag súil le comhairliúchán poiblí a dhéanamh ar anailís uasdátaithe na margaí críochnaithe seo in 2017. Is margaí rochtana áitiúla mórdhíola agus rochtana lárnaí mórdhíola Margaí 3a agus 3b. D'fhoilsigh ComReg comhairliúchán poiblí ar na margaí seo in 2016 agus tá sé

ag súil le cinneadh deireanach a dhéanamh in 2017. Baineann Margadh 4 le rochtain ardchaighdeánach mórdhíola agus rinne ComReg comhairliúchán poiblí ar a anailís in 2016, agus táthar ag súil le cinneadh a dhéanamh in 2017.

- **Líonraí Oidhreachta**: I measc na réiteach a brúdh ar Eircom, tá oibleagáid ann gan rochtain ar áiseanna deonaithe gan cead ComReg a tharraingt siar.[56] Más mian le Eircom athrú go líonra uile-IP, is dócha go mbeadh tarraingt siar nó athruithe ar tháirgí agus ar sheirbhísí mórdhíola (agus miondíola) i gceist. D'fhoilsigh ComReg glao d'ionchuir cheana féin ar impleachtaí tharraingt siar copair[57] inar chuireamar béim ar an ngá le cinntiú nach mbeadh drochthionchar ar iomaíocht agus go dtacófaí le cearta tomhaltóirí i rith an athraithe. I mí Iúil 2016, scríobh Eircom chuig ComReg ag iarraidh cead le fáil réidh le líonraí agus seirbhísí oidhreachta. Tá ComReg den tuairim go bhfuil machnamh ar na ceisteanna seo tráthúil agus riachtanach agus d'iarr sé ar Eircom anailís agus measúnú tionchair a dhéanamh, pleananna agus amlínte san áireamh, ar a fháil réidh le seirbhísí oidhreachta. Nuair a bheidh tuiscint níos fearr ag ComReg ar phleananna Eircom agus nuair a gheobhaidh sé a anailís, beidh sé ar intinn ag ComReg tús a chur le rannpháirtíocht fhorleathan leis na páirtithe leasmhara go léir, comhairliúchán poiblí féideartha ina measc, chun próiseas ceada a fhorbairt, a dhéanfaidh machnamh ar na ceisteanna go léir agus ar na himpleachtaí d'iarratas ar bith le haghaidh ceada. Sa rannpháirtíocht seo, beidh machnamh inter alia ar na critéir ba chóir cur i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar iarratas ar bith ó Eircom don chead le rochtain mhórdhíola a tharraingt siar.

- **Struchtúr Comhtháite Ingearach Eircom**: Mar a nótáladh thuas, tá buarthaí ar ComReg faoi struchtúr comhtháite ingearach Eircom agus a staid SMP i margaí bainteacha áirithe go bhfuil an cumas agus an spreagadh aige dul i mbun iompar a idirdhealaíonn in éadan oibreoirí iomaíocha. Sa ráiteas straitéiseach deireanach a d'fhoilsíomar in 2014, nótálamar gur thosaigh Eircom ar chlár ar thug sé "Leasú Mórdhíola" air, agus an cuspóir aige gnás a dhéanamh de chomhlíonadh a oibleagáidí rialála. Chuireamar in iúl go bhféadfadh le héifeachtúlacht an chláir seo difear a dhéanamh do

[56] Féach ar Chaibidil 7 don phlé ar straitéis ComReg maidir le hinfheistíocht ó Eircom, an USP ainmnithe, sa líonra oidhreachta copair.
[57] Féach ar Uimh. Dhoiciméad ComReg 16/01.

mhionsonraí na réiteach a shíleamar a bhí riachtanach le brú agus cé acu ba ghá nó nár ghá machnamh a dhéanamh ar réitigh struchtúrtha amhail deighilt feidhmeanna. Chuireamar in iúl go ndéanfaimis athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chláir a luaithe agus a bheadh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse ama sásúla ar leith. Sa chomhthéacs seo, in 2016, mar sin de, thosaigh ComReg ar athbhreithniú ar rialú rialála Eircom ó pheirspictíocht oibríochtúil agus struchtúrtha, agus an cuspóir aige fáil amach cé acu atá/nach bhfuil nó is/ní féidir lena chleachtaí agus a shocruithe rialaithe rialála bheith láidir go leor, sa mhéid is go léiríonn agus go gcinntíonn siad comhlíonadh leanúnach leis na hoibleagáidí rialála. Cabhróidh toradh an athbhreithnithe le ComReg fáil amach má bhíonn nó mura mbeidh níos mó gníomhaíochtaí de dhíth

5.41 Sa deireadh, taobh amuigh de Chreatlach SMP, tá ról ag ComReg rochtain ar bhonneagar fisiceach a éascú, agus an cuspóir atá ann, cumarsáid leictreonach faoi Alt 57 d'Acht 2002 agus faoi Rialacháin um Laghdú Costais Leathanbhanda[58], a sholáthar.

5.42 Leagann Alt 57 d'Acht 2002 ceart oibreora líonra bheith i mbun comhaontaithe le bonneagar fisiceach a chomhroinnt le soláthraí bonneagair fhisicigh, agus an cuspóir atá ann, seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar. Is é ról ComReg faoi Alt 57 d'Acht 2002:

- An tréimhse a chríochnófar idirbheartaíochtaí a lua go sonrach, agus
- Feidhmiú mar an comhlacht réitigh díospóide ar eagla go dtarlóidh díospóid maidir le hidirbheartaíocht ar bhonneagar fisiceach a chomhroinnt. D'fhoilsigh ComReg a phróiseas le díospóidí a thiocfaidh chun cinn a láimhseáil maidir le hAlt 57 d'Acht 2002.[59]

5.43 Tháinig na Rialacháin um Laghdú i gCostas Leathanbhanda i bhfeidhm ar 20 Iúil 2016 agus is é a bpríomhchuspóir, creatlach ceart agus oibleagáidí a chur i bhfeidhm d'oibreoirí líonra, atá dírithe ar an gcostas le húsáid líonraí cumarsáide poiblí ard-luais, a éascú agus a laghdú ar leas gnóthaí agus tomhaltóirí. Tá na Rialacháin um Laghdú i gCostas Leathanbhanda ábhartha maidir le hoibreoirí líonra cumarsáide poiblí (amhail soláthraithe líonraí leathanbhanda), agus le hoibreoirí líonraí fóntas, (is iad sin, iad siúd atá sna hearnálacha gáis, leictreachais, uisce, iarnróid, bóithre, port agus aerfort).

5.44 Tá trí fheidhm ag ComReg faoi na Rialacháin um Laghdú i gCostas Leathanbhanda, is iad sin:

---

[58] ComReg, 2012, Gnáthaimh réitigh forbartha ag cur Alt 57 d'Acht um Rialachán Cumarsáide 2002, 12/108, Deireadh Fómhair.

[59] ComReg, 2012, Gnáthaimh réitigh forbartha ag cur Alt 57 d'Acht um Rialachán Cumarsáide 2002, 12/108, Deireadh Fómhair

- An fheidhm le comhlíonadh na Rialachán um Laghdú i gCostas Leathanbhanda a chinntiú.
- Feidhmeanna an chomhlachta réitigh díospóide náisiúnta ar eagla go dtiocfaidh díospóidí chun cinn idir oibreoirí líonra maidir leis na Rialacháin um Laghdú i gCostas Leathanbhanda. D'fhoilsigh ComReg a phróiseas le díospóidí a d'fhéadfadh teacht anuas a láimhseáil maidir leis na Rialacháin um Laghdú i gCostas Leathanbhanda[60], agus
- Feidhmeanna "Pointe Faisnéise Singil" (SIP) le rochtain ar fhaisnéis a éascú, maidir leis na ceadanna reachtúla d'oibreacha sibhialta atá de dhíth le gnéithe de líonraí cumarsáide poiblí ard-luais a fhorbairt. Tá an SIP foilsithe ar shuíomh gréasáin ComReg.[61]

## Rochtain ar Ionchuir Riachtanacha: Acmhainn Speictrim agus Uimhrithe

**SPRIOC 05**

Cuireann bainistíocht speictrim do na margaí cumarsáide leictreonaí, inter alia, cur chun cinn na hiomaíochta san áireamh.

### Speictream

5.45 Is ionchur riachtanach i soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá raidió-bhunaithe speictream raidió mar mheán trínár féidir sonraí a tharchur. Sa chuid is mó de na líonraí cumarsáide, líonraí seasta fiú, tá deighleáin gan sreang. Mar sin de, tá sé riachtanach go bhfuil speictream ar fáil d'iontráil agus do mhéadú a lán oibreoirí sna margaí cumarsáide leictreonaí. Tá an ráchairt ar speictream raidió ag méadú go fóill, atá bunaithe ar riachtanais mhéadaitheacha na sochaí ó thaobh rochtana ar sheirbhísí sonraí diana, agus tú ag gluaiseacht (féach ar Bhosca Mínithe 8 le haghaidh níos mó plé). Sa chomhthéacs seo, is sprioc ComReg **go gcuireann bainistíocht speictrim do na margaí cumarsáide leictreonaí, inter alia, cur chun cinn na hiomaíochta san áireamh.**

5.46 Is acmhainn ghann speictream raidió a bhfuil cuid mhór úsáidí éagsúla féideartha agus úsáideoirí deiridh aige. Tríd is tríd, is í bainistíocht speictrim an próiseas le húsáid minicíochtaí raidió a rialú, agus a úsáid éifeachtach a chur chun cinn ar mhaithe leis an tsochaí. Tá machnamh ar réimse leathan fachtóirí i gceist le bainistíocht speictream raidió (m.sh. riarachán, rialáil, sóisialta, geilleagrach agus teicniúil). Baineann bainistíocht speictrim ach go háirithe le **leithdháileadh** agus **sannadh**, mar aon le monatóireacht ar, comhlíonadh agus forfheidhmiú coinníollacha ceadúnais agus caighdeán trealaimh.

[60] ComReg, 2016, Rialacháin um Laghdú i gCostas Leathanbhanda – Próiseas Díospóide, 16/77r, Meán Fómhair.
[61] Féach ar https://www.comreg.ie/industry/electronic-communications/single-information-point-bcrr/single-information-point-sip/

5.47 Déanann dáileadh speictrim tagairt d'ainmniú bandaí minicíochta áirithe atá cineál amháin nó níos mó cineál seirbhísí cumarsáide raidió, nuair is cuí é, faoi choinníollacha sonraithe. Aithníonn sé seo na seirbhísí a d'fheadfadh banda minicíochta raidió a úsáid agus is gníomhaíocht thábhachtach é sa phróiseas comhchuibhithe idirnáisiúnta, mar a pléifear níos moille i gCaibidil 7. Leagann plean minicíochta raidió ComReg d'Éirinn[62] leithdáiltí speictream raidió na hÉireann amach, agus tá an plean seo uasdátaithe go rialta de réir na bhforbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta.

5.48 Déanann ainmniú speictrim tagairt do na gníomhaíochtaí bainistíochta speictrim sin a bhfuil ceist, agus údarú úsáide nó cearta úsáide do mhinicíochtaí raidió i gceist. In Éirinn, tá cead ó ComReg de dhíth le trealamh raidió bheith agat agus/nó é a úsáid. Is iad ceadúnas nó díolúine cheadúnais faoi na hAchtanna um Theileagrafaíocht Raidió, 1926-2009 an cineál ceada a bheith i gceist. Baineann bunús obair bainistíochta speictrim ComReg le ceadúnú speictrim. Mar shampla, (a) gné dhíreach na gceart speictrim a rialú (m.sh. coinníollacha teicniúla, gné thíreolaíochta, fad ama an cheadúnais, coinníollacha ceadúnais srl), (b) bronnadh ceart speictrim a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, agus (c) cearta úsáide/ceadúnas úsáide a bhronnadh.

5.49 Maidir le hainmniú ceart speictrim do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, socraíonn ComReg an cur chuige ainmnithe speictrim cás ar chás i bhfianaise fíricí nó cúinsí áirithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Ina ainneoin seo[63]:

- Nótálann ComReg na tairbhí soiléire a chuireann ceantanna ar fáil le cearta úsáide speictrim a bhronnadh i mbandaí comhchuibhithe do sheirbhísí seasta/móibíleacha leathanbhanda gan sreang, agus tugann sé faoi deara go dtacaíonn eispéireas bainistíochta speictrim na hÉireann agus idirnáisiúnta le húsáid leanúnach chuí ceantanna i gcoitinne, agus
- Síleann sé gur uirlisí tábhachtacha iad comórtais do chearta speictrim (ceantanna ach go háirithe), agus teorainneacha comórtais speictrim le hiomaíocht a chosaint agus a chur chun cinn – do chearta speictrim agus d'iomaíocht iartheachtach.

[62] Doiciméad ComReg 13/118R.
[63] Féach ar Chaibidil 7 de Straitéis Bainistíochta Speictrim Com Reg ó 2016 go 2018 (Doiciméad 16/50) do smaointeoireacht reatha ComReg ar roinnt ceisteanna bainistíochta speictrim topaiciúla, úsáid ceantanna le cearta úsáide speictrim do ECS a bhronnadh agus teorainneacha iomaíochta ar speictream san áireamh.

## BOSCA MÍNITHE 8: RÁCHAIRT MHÉADAITHEACH AR SHEIRBHÍSÍ SONRAÍ MÓIBÍLEACHA

Ó 2012, mhéadaigh úsáid sonraí ar na líonraí móibíleacha go mór. Cé gur mhéadaigh seirbhísí gutha mhóibíligh faoi bhreis agus 10% sa tréimhse R1 2012 go R1 2016, mhéadaigh, úsáid sonraí móibíleacha faoi níos mó ná 500%. Ina theannta sin, faoi R1 2016, ba í 2.7 GB de shonraí in aghaidh na míosa, meánmhéid na tráchta an t-úsáideoir fóin chliste a baineadh amach, cé gurbh í 7.4 GB de shonraí in aghaidh na míosa, meánmhéid na tráchta an sintiúsóir tiomnaithe leathanbhanda mhóibíligh a baineadh amach. Is ionann seo agus 69% de mhéadú bliain ar bhliain d'úsáid fón cliste, agus méadú 7% bliain ar bhliain d'úsáid leathanbhanda mhóibíligh. Sa tréimhse chéanna in 2012, ba í 300 MB in aghaidh na míosa meánmhéid na tráchta an t-úsáideoir fóin chliste agus 2.8 GB in aghaidh na míosa do leathanbhanda móibíleach in aghaidh na míosa a baineadh amach.

Is dócha gur tharla na méaduithe seo mar gheall ar roinnt fachtóirí, ina measc:

- níos mó cumas agus clúdach líonra 3G agus 4G
- níos mó sciar de mhargadh na bhfón cliste – ag 84% de shíntiúis mhóibíleacha faoi láthair (ag cur leathanbhanda mhóibíligh agus M2M tiomnaithe as an áireamh)
- teorainneacha ar shonraí móibíleacha ag ardú, agus pleananna “all you can eat”, agus
- níos mo úsáide as físeáin agus as feidhmchláir iomarcacha (OTT)

Táthair ag súil le go mbeidh méadú breise san éileamh ó úsáideoirí do shonraí móibíleacha mar gheall ar sciar níos mó den mhargadh agus níos mó cumais sna gléasanna (go háirithe fóin chliste 4G). Rinne Frontier Economics tuarascáil in 2015 do ComReg a mheas go mbeadh méadú faoi 33 oiread ar a laghad ar éileamh úsáideoirí do shonraí móibíleacha, idir 2015 agus 2035.

Táthar ag súil go méadóidh trácht sonraí móibíleacha sa todhchaí go mór mar gheall ar, agus gan mar gheall ar amháin, na forbairtí i bhfóin chliste mhóibíleacha go príomhá, atá ceangailte le húsáideoirí deiridh ag úsáid idirlín mhóibíligh feidhmchlár cliste. Le níos mó sciar den mhargadh agus níos mó úsáide de na fóin chliste, is léir go mbíonn úsáideoirí deiridh ag súil go mór le rochtain ar sheirbhísí idirlín/físeáin mhóibíligh ag am agus ag áit ar bith cosúil leis an tseirbhís ghlaonna gutha ar baineadh sult aisti ó thaobh rochtana ar fud na tire. Ina theannta sin, is léir go mbíonn úsáideoirí deiridh fón cliste ag súil go mór le rochtain ar sheirbhísí idirlín/físeáin mhóibíligh le leibhéal seirbhísí cosúil leo siúd sa bhaile / pointe Wi-Fi ó thaobh luasanna sonraí agus intaofachta de.

Le riar do na hionchais sin, is gá leanúint ar aghaidh luasanna agus toilleadh na líonraí tiomnaithe móibíleacha soláthraithe a fhorbairt thar tréimhse ama, agus beidh úsáid dhul chun cinn mhéadaithigh na teicneolaíochta amhail comhbhailiúchán iompróirí de dhíth.

(Foinse: Ráiteas Straitéise Bhainistíocht Speictrim Raidió 2016–2018[64])

[64] ComReg, 2016, Ráiteas Straitéise Bhainistíocht Speictrim Raidió 2016-2018, Doiciméad 16/50, Meitheamh.

5.50 Thar an tréimhse atá le teacht, bainteach leis an sprioc seo, tá sé ar intinn ag ComReg na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- **Léasanna Speictrim**: Tá sé ar intinn ag ComReg creatlach um léasanna speictrim a bhunú. Is uirlis bhainistíochta speictrim iad aistrithe agus nó/léasanna speictrim, mar aon le bearta eile ar féidir leo úsáid éifeachtach chearta speictrim a mhéadú. Fóráiltear aistrithe speictrim i mbandaí an Chlár Polasaí um Speictream Raidió (RSPP)[65] in Éirinn sna Rialacháin Teileagrafaíochta Raidió (Aistriú Chearta Úsáide Speictrim) 2014 ("na Rialacháin Aistrithe) agus i Rialachán 19 de na Creat-Rialacháin.[66]
- **Leagan Amach Bhronnadh Speictrim**: Déanfaidh ComReg cinnte go leagfar an próiseas/na próisis bhronnta le cearta úsáide speictrim, de bharr na ngnathchúinsí, reachtaíocht ábhartha agus spriocanna beartais san áireamh.
- **Is féidir eisiúint speictrim chomhchuibhithe a úsáid do sheirbhísí leathanbhanda móibíleacha, fánaíochta, agus seasta gan sreang**: Tá sé ar intinn ag ComReg an próiseas bronnta do bhanda 3.6GHz a chríochnú faoi R3 2017, agus, leis an bpróiseas/na próisis bhronnta do bhandaí 700 MHz, 1.4 GHz, 2.3 GHz agus/nó 2.6 GHz a chur chun cinn go mór le linn an dá bhliain atá le teacht.
- **Eisiúint speictrim eile:** Leanfaidh ComReg speictream raidió a chur ar fáil agus a thabhairt ar bhealach tráthúil chun tacú leis an réimse éagsúil úsáideoirí speictrim fíora agus féideartha.
- **Éag chearta speictrim:** Leanfaidh ComReg machnamh a dhéanamh ar éag na gceart speictrim raidió atá ann faoi láthair go maith roimh éag an cheadúnais, agus leagfaidh sé moltaí sannta speictrim amach maidir leis an rud céanna.

## SPRIOC **06**

Éascaíonn bainistiú uimhreacha iomaíocht.

### Uimhreacha

5.51 Tá rochtain ar uimhreacha riachtanach d'fheidhmiú na margaí cumarsáide leictreonaí. Rialaíonn ComReg an earnáil

[65] Cinneadh 243/2012/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 14 Márta 2012 ag búnú chlár polasaí speictrim raidió ilbhliantúil (RSPP). Tá sé beartaithe ag an gcinneadh seo plean oibre a chruthú a chuirfidh leis an margadh inmheánach um theicneolaíochtaí agus seirbhísí gan sreang, go háirithe de réir thogra Europe 2020 agus an Chlár Oibre Dhigitigh don Eoraip.

[66] Nótálann ComReg gur tharla aistriú cearta speictrim sna bandaí comhchuibhithe, in Éirinn agus in áiteanna eile san Eoraip, go príomhá i gcomhthéacs idirbhearta smachta níos corparáidí, (is iad sin, cónascanna nó ceannacháin amhail idir MNOnna). Ní bhaineann na Rialacháin Aistrithe le haistrithe speictrim a bheith mar chuid de chónasc nó de cheannachán a chaithfidh cur in iúl don Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí nó don Choimisiún Eorpach.

teileachumarsáide in Éirinn de réir an AE agus na reachtaíochta intíre, agus tá sé freagrach as bainistiú na Scéime Uimhrithe Náisiúnta, ina measc, coinníollacha a leagan síos do chearta le huimhreacha a úsáid. Is é ról ComReg an gá le cothromaíocht a aimsiú idir caomhnú na hacmhainne náisiúnta finidí seo agus cinntiú go mbeidh soláthar sásúil uimhreacha ann le riar ar éilimh na gcustaiméirí agus na soláthraithe seirbhíse atá ann faoi láthair agus nua. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg go **n-éascóidh bainistiú uimhreacha iomaíocht**. Mar sin féin, caithfidh coinníollacha úsáide nua a thacaíonn le hiomaíocht agus le nuálaíocht cinntiú go gcosnófar tomhaltóirí in aghaidh mí-úsáide uimhreach go fóill.

5.52 Is dócha go gcoinneofar uimhreacha mar na gnáthaitheantóirí uilíocha idir anois agus 2021 agus níos faide anonn. Cuirtear muinín in uimhreacha mar tá siad comhordaithe ar an leibhéal náisiúnta (ag NRAnna) agus ar an leibhéal idirnáisiúnta (ag an ITU).

5.53 Is dócha go mbeidh dhá threocht ábhartha do rialáil éifeachtach thar an tréimhse go 2021. Sa chéad dul síos, maidir le InE, beidh uimhreacha de dhíth ar a lán meaisíní. Níl réiteach domhanda ar bith ann do sheirbhísí cumarsáide móibíleach go móibíleach (M2M) idirnáisiúnta. Sa dara dul síos, beidh gá le machnamh a dhéanamh ar shamhlacha gnó atá ag teacht chun tosaigh. Tiocfaidh méadú ar na seirbhísí agus feidhmchláir OTT a úsáideann uimhreacha thar an tréimhse go 2021, ar ndóigh. Forbróidh líonraí oibreoirí móibíleacha traidisiúnta agus samhlacha gnó fosta. Is dócha go mbeidh seirbhísí amhail 'Wi-Fi calling', dúchasach nó gan dúchasach ina ngnáthrudaí. D'fhéadfadh soláthraithe gléasanna láimhe tionchar SIMeanna in-ath-ríomhchláraithe a úsáid le dul suas sa sreang luacha mhóibíligh. Caithfear an chreatlach uimhrithe agus chomh-inoibritheach athrú le riar ar na samhlacha nua seo. D'fhéadfadh impleachtaí bheith ann fosta don chreatlach idirnaisc mhórdhíola agus gá le riar ar chásanna athraithe níos casta d'úsáideoirí deiridh.

5.54 Beidh ComReg ag déanamh na rudaí seo a leanas a bheidh bainteach leis an sprioc seo:

- **Plean Uimhrithe**: Feidhm bainistíochta phlean uimhrithe leanúnach a sholáthar le go leor uimhreacha a chur ar fáil ar bhonn comhionann agus soiléir do na soláthraithe seirbhíse go léir a mbeidh siad de dhíth orthu.
- **Coinníollacha Uimhrithe**: Na Coinníollacha Úsáide Uimhrithe agus an Próiseas Iarratas a uasdátú in 2017 agus gach 2 bhliain tar éis sin ar a laghad, chun tacú le forbairtí margaidh agus

teicneolaíochta nua (m.sh. táirgí nua FMC, M2M, OTT, eSIM), agus le cinntiú go gcosnófar tomhaltóirí go fóill.

- **Uimhriú do Sheirbhísí Móibíleacha, OTT agus M2M**: Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an uimhriú do sheirbhísí móibíleacha, OTT agus M2M in 2017, agus an aidhm a bheas ann, tacú le seirbhísí nuálaíochta nua (go háirithe seirbhísí idirnáisiúnta M2M), gan an gá le huimhir ar bith a athrú d'úsáideoirí deiridh na seirbhísí móibíleacha atá ann faoi láthair.

## SPRIOC **07**

Tá baic ísle ann do thomhaltóirí agus iad ag déanamh a roghanna.

### Fachtóirí Éilimh: Ag Athrú

5.55 Ní bhraitheann iomaíocht éifeachtach sna margaí cumarsáide leictreonaí ar mhachnaimh soláthair bainteach le héascaíocht na hiontrála sna margaí, nó ar ionchuir riachtanacha a chur ar fáil, amháin. Braitheann iomaíocht éifeachtach ar fhachtóirí éilimh fosta, go príomhá ar chumas agus ar thoilteanas custaiméirí soláthraithe a athrú mar fhreagairt do bheart níos fearr sa mhargadh. Má bhíonn fáth éigin a bhfuil úsáideoirí deiridh doghluaiste, ní bheidh oibreoirí nua ábalta bonn custaiméirí nua a mhéadú agus ní bheidh na hoibreoirí atá ann faoi láthair spreagtha dul in iomaíocht trí théarmaí airgeadais, caighdeán seirbhíse nó táirgí nuálaíochta níos fearr a chur ar fáil.

5.56 Is féidir smaoineamh ar dhoghluaiseacht tomhaltóirí mar bhaic orthu a roghanna a dhéanamh. D'fhéadfadh a leithéid seo de bhaic teacht chun cinn ar fháthanna éagsúla,mar shampla:

- De dheasca conarthaí teorantacha
- Mar go gceannaítear seirbhísí mar chuid de bhearta
- Mar go bhfuil an fhaisnéis atá riachtanach le cinntí a dhéanamh costasach le fáil (nó níl sé ar fáil), nó
- Mar go bhfuil an fhaisnéis deacair le tuiscint nó le comhshamhlú.

5.57 Tá na machnaimh go léir seo tábhachtach i gcomhthéacs na margaí cumarsáide leictreonaí. I gcomhthéacs iomaíocht a chur chun cinn, tá sé ar cheann de rúin straitéiseacha ComReg cinntiú go bhfuil baic ísle ann do thomhaltóirí, agus iad ag déanamh a roghanna. Is é an dara rún straitéiseach ardleibhéil ComReg **úsáideoirí deiridh a chosaint agus iad a chur ar an eolas**. Pléitear rúin straitéiseacha bhainteacha agus cláir oibre ar leith go mion sa chéad chaibidil eile.

# COSAINT AGUS FAISNÉIS A THABHAIRT DO THOMHALTÓIRÍ

06

## 02 Rún Straitéiseach 02: IS FÉIDIR LE TOMHALTÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE A ROGHNÚ AGUS A ÚSÁID GO MUINÍNEACH.

**Cad é an chuma atá air seo?**

- Seirbhísí riachtanacha agus bunaidh ar fáil do gach duine de réir mar a athraíonn an teicneolaíocht
- Cosnaítear úsáideoirí leochaileacha
- Cumhachtaítear tomhaltóirí trí fhaisnéis shoiléir agus shásúil agus trí réiteach éifeachtach
- Caitheann soláthraithe Seirbhísí Ardrátа (PRS) agus ECS le tomhaltóirí go cothrom
- Faigheann tomhaltóirí na seirbhísí atá ina gconradh agus dá n-íocann siad

## Réamhrá

6.1 Ba chóir d'iomaíocht éifeachtach na tairbhí do thomhaltóirí a uasmhéadú. Ní bhaineann margaí, na cinn a fheidhmíonn go maith fiú, na torthaí is optamaí ó pheirspictíocht na sochaí, amach i gcónaí. Is cúis fhéideartha amháin do theipeanna margaidh agus do dhrochthorthaí tomhaltóra cumhacht an mhargaidh. Ina theannta sin, ní fhéadfadh idirghabhálacha atá ann le tabhairt faoi chumhacht an mhargaidh sna margaí soláthair mhórdhíola, mar shampla, tabhairt faoi na ceisteanna féideartha go léir do na deighleoga tomhaltóra go léir sna margaí miondíola.


6.2 Ní gá go bhfuil ceisteanna ann do thomhaltóirí sna margaí cumarsáide leictreonaí nach dtagann chun cinn ó choinníollacha iomaíocha. Mar shampla, easpa rochtana ar bhunseirbhísí, táimhe tomhaltóirí mar gheall ar dheacrachtaí le hathrú, easpa faisnéise soiléire nó comparáidí, ina measc, maidir le caighdeán na seirbhíse, is féidir leo go léir bac a chur ar thomhaltóirí roghanna láneolacha a dhéanamh nó gníomhú orthu. D'fhéadfadh ceisteanna teacht chun cinn maidir le soláthraithe seirbhíse gan tacú le cearta tomhaltóirí, nó gan meicníochtaí gearán nó réitigh shásúla a chur ar fáil nuair a thiocfadh fadhbanna chun cinn. Tá sé mar aidhm ag níos mó ceart a thabhairt do thomhaltóirí, cinntú go mbeidh ag athrú soláthraí seirbhíse éasca agus gasta go leor. Ar a bharr sin, cé go bhféadfadh na tomhaltóirí go léir bheith leochaileach do dhochar, d'fhéadfadh roinnt tomhaltóirí ar leith bheith níos leochailí.

6.3 Tá an cumas ar thomhaltóirí a roghanna a dhéanamh sa mhargadh riachtanach i bhfeidhmiú margaidh iomaíoch. Is í an aidhm i dtaca le reachtaíocht cosanta tomhaltóirí a fhorbairt ná an fhaisnéis agus an chumhacht éagothrom do thomhaltóirí a cheartú agus iad ag déanamh cinntí ceannacháin ar féidir le tomhaltóirí cumhachtaithe, mar inneall na margaí iomaíocha, ról tábhachtach bheith acu i bhfeabhsú feidhmíochta geilleagraí agus nuálaíocht a spreagadh.

6.4 Leagann an Chaibidil seo amach spriocanna straitéiseacha ComReg maidir le **tomhaltóirí a chosaint agus iad a chur ar an eolas**, agus an cuspóir ardleibhéil atá ann, cinntiú gur féidir **le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach**. Is féidir linn smaoineamh ar thomhaltóiri ag déanamh a mbealaigh tríd an margadh, nó "turas" agus ar ról ComReg ann i dtrí fhrása leathana, arna léiriú i bhFíor 7 thíos:

- Sula ndéantar an cinneadh ceannacháin nuair atá an tomhaltóir ag iarraidh **tuiscint** a fhorbairt agus a gcuid féin a dhéanamh den **eolas**,
- Is amhlaidh a cheannaíonn an tomhaltóir, a bhféadfadh an soláthraí reatha a **athrú**, **conradh** a dhéanamh dá gcuirfí **bille** chucu bheith i gceist,
- Ar deireadh, muna mbeadh an táirge nó an tseirbhís chomh maith lena mbeifí ag súil leis, mar a tharla, d'fhéadfadh an custaiméir eispéireas **gearán** bheith acu.

**Fíor 7: Turas na dTomhaltóirí**



## Comhcheisteanna na dTomhaltóirí


6.5 Tríd is tríd, leanann na margaí cumarsáide leictreonai ar aghaidh roghanna agus luach níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí. Tá an glacadh leis na seirbhísí seo ag fás fós, fás sna seirbhísí IP-bhunaithe/OTT san áireamh, a spreagann éileamh ar sheirbhísí seasta agus móibíleacha níos mó ard-luais. Tá méadú sa méid beart atá tomhaltóirí ag ceannach. Tá fadhbanna ag cuid mhór tomhaltóirí le soláthraithe go fóill áfach.

6.6 D'fhéadfadh tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh le líne tomhaltóirí faoi cheisteanna a bhaineann le Solátharaithe ECS agus PRS araon.[67] Maidir le miondealú ar na ceisteanna ECS a tháinig chun cinn bhí: billeáil, ba agus is iad ceisteanna conartha agus seirbhíse na príomhcheisteanna a tháinig chun cinn ó thomhaltóirí (féach ar Fhíor 8). Baineann ceisteanna soiléire le catagóirí eile áfach, go háirithe maidir le ceisteanna seirbhíse PRS agus ag athrú.

6.7 Seo roinnt fothreochtaí atá suntasach fosta. Bhí an méid ceisteanna a tháinig chun cinn ó thomhaltóirí maidir le billeáil, ina raibh ceisteanna amhail gearradh táille ró-airde, agus táillí a bhfuil díospóid ann fúthu ag dul i méid. Ina mhalairt de sin, bhí ceisteanna conartha, ina bhfuil ceisteanna a bhaineann le téarmaí coinníollacha, agus pionóis ar chonradh a chur ar ceal, ag ísliú. Is ceist thábhachtach go fóill PRS agus tá sé ina ábhar buartha méadaitheach mar gheall ar na ceisteanna a tháinig chun cinn ó thomhaltóirí.


6.8 Ní hé gearán foirmiúil an toradh i gcónaí a thagann as na ceisteanna a thagann chun cinn ó thomhaltóirí. Mura luann tomhaltóir a gceist leis an soláthraí seirbhíse, molann ComReg don tomhaltóir gearán foirmiúil a chur isteach chuig an soláthraí seirbhíse agus taifeadaimid é seo mar cheist (agus taifeadtar an teagmhálaí fosta). Mura mbeidh réiteach ar an ngearán taobh istigh de 10 lá oibre, d'fhéadfadh an tomhaltóir dul ar ais go ComReg agus is féidir linn an gearán a lua don soláthraí seirbhíse (agus athraítear stádas na teagmhála ó cheist go gearán ar ár gcóras inmheánach). Léiríonn Fíor 9, thíos méid coibhneasta na gceisteanna in éadan na ngearán.

**Fíor 8: Miondealú ar na Ceisteanna Logáilte (Ceisteanna/Gearáin), 2011 - 2016[68]**




[67] Tuairiscíonn ComReg staitisticí ar líne tomhaltóra ar bhonn ráithiúil. Ar fáil ag: www.comreg.ie/publications/
[68] Foinse: ComReg.

**Fíor 9: Ceisteanna/Gearáin Iomlána ECS agus PRS le chéile, 2011 - 2016[69]**




## Turas na dTomhaltóirí

**SPRIOC 08**

Tuigeann ComReg riachtanais, roghanna, iompair agus tuairimí forbartha na dtomhaltóirí.

## Ag ullmhú tomhaltóirí don chinneadh

6.9 Is táirgí coimpléascacha táirgí agus seirbhísí teileachumarsáide. Tá an choimpléascacht seo ag méadú, mar shampla, cuirtear na seirbhísí i mbearta ar bhealaí nua agus éagsúla. Sa chomhthéacs seo, is féidir le cinnteoireacht bheith deacair do thomhaltóirí. Ciallaíonn sé sin nach bhféadfann na margaí feidhmiú go héifeachtach. Fachtóir athiolraithe a aithníonn ComReg is ea nach ndéanann tomhaltóirí cinntí "geilleagracha, reásúnta" i gcónaí (féach ar Bhosca Mínithe 9) agus nach roghnaíonn siad an táirge is fearr ar an bpraghas is ísle. Sa chomhthéacs seo, is í an sprioc atá againn go dtuigeann **ComReg riachtanais, roghanna, iompair agus tuairimí forbartha na dtomhaltóirí.** Creidimid go bhfuil sé seo riachtanach má táimid le bheith ar an eolas faoi na rudaí a bhfuil tionchar acu ar chinnteoireacht tomhaltóirí, agus mar sin de, le hidirghabhálacha rialála éifeachtacha a dhéanamh. Sa chomhthéacs seo, leanfaidh ComReg ar aghaidh taighde rialta ar thomhaltóirí a dhéanamh. Ba chóir don obair seo dul leis na measúnuithe margaidh molta a pléadh sa chaibidil roimhe seo (féach ar an bplé maidir le Sprioc 1), agus leis na cláir taighde neamhspleácha ag an ESRI ina bhfuil ComReg páirteach. Tá bealaí níos dírithe agus níos ceist-shainiúla ag ComReg le déileáil le riachtanais, roghanna, iompair agus tuairimí tomhaltóirí agus leo a thuiscint.

[69] Foinse: ComReg.

6.10 Is iad na príomhbhealaí trína bhfaighimid léargais ar roghanna agus eispéiris tomhaltóirí maidir le cumarsáid leictreonach atá ag forbairt:

- **Taighde:** Déanann ComReg suirbhéanna margaidh rialta le roghanna, iompair, agus tuairimí athraitheacha tomhaltóirí a thuiscint. Déanaimid suirbhéanna margaidh fosta i gcomhthéacs gníomhaíochtaí rialála áirithe. Thar an tréimhse atá le teacht, tá rún ag ComReg an obair seo a fhorbairt i gcomhthéacs straitéise sonraí foriomláine (féach ar Chaibidil 9).
- **Painéil chomhairleacha:** Reáchtálann ComReg painéil ó am go ham le léargais ar cheisteanna tomhaltóirí a fháil, ceisteanna do dhaoine le míchumais san áireamh.
- **Ceisteanna agus sonraí gearán:** Déanann ComReg anailís ar na sonraí seo a fhaighimid ó thomhaltóirí le léargas a fháil ar threochtaí agus ar cheisteanna tomhaltóirí a thagann chun cinn.

## SPRIOC **09**

Beidh rochtain ag na tomhaltóirí go léir, úsáideoirí leochaileacha san áireamh, ar fhaisnéis shoiléir agus shásúil a éascóidh roghanna eolasacha.

6.11 Is ceist ábhartha ar leith faisnéis lochtach áirithe le dúshláin, ina measc, teicneolaíochtaí atá ag forbairt go gasta, samhlacha praghasála coimpléascacha, bearta, agus conarthaí dlíthiúla mionsonraithe. Gan treoir nó tacaíocht shásúil, d'fhéadfadh tomhaltóirí mothú nach féidir leo rogha eolasach a dhéanamh, agus d'fhéadfaidís cinneadh a chur ar ceal, go deo, b'fhéidir. Mar sin de, rud atá tábhachtach agus a chumasaíonn tomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh is ea go mbeidh **rochtain ag na tomhaltóirí go léir, úsáideoirí leochaileacha san áireamh, ar fhaisnéis shoiléir agus shásúil a éascóidh roghanna eolasacha**. Is minic gur féidir linn táirgí nó seirbhísí a chur i láthair ar bhealaí nach bhféadfadh seasamh do na tomhaltóirí go cruinn nó go bhféadfadh iad a chur amú. Táimid ábalta na rialacha a leagan síos faoi na bealaí a chuirtear táirgí agus seirbhísí áirithe i láthair do thomhaltóirí. Ba chóir go leor faisnéise a fháil i bhformáid a bheidh úsáideach agus comparáideach, agus a léireoidh an táirge nó an tseirbhís go cruinn, cabhrú leis an tomhaltóir cinneadh eolasach a dhéanamh.

## BOSCA MÍNITHE 9:
## IOMPAR TOMHALTÓIRÍ

Chonacthas ar thomhaltóirí mar ghníomhaithe "réasúnta, geilleagrach" go traidisiúnta, a bhfuil eolas iomlán acu ar idirbheart áirithe, a bhaineann ciall as an eolas seo go cruinn, agus a dhéanann an cinneadh a uasmhéadóidh a leas pearsanta. Aithníodh go raibh próisis chinnteoireachta tomhaltóirí níos casta ná seo. Tá níos mó oibre á déanamh ar na claontachtaí atá nádúrtha in iompar tomhaltóirí ar féidir leo torthaí fo-optamacha a bhaint amach.

Tugann taighde déanta ag an ESRI le fios go raibh gnéithe ann a bhí sonrach sa mhargadh teileachumarsáide a chuirfidh dúshlán ar thomhaltóirí ó thaobh cinnteoireachta de:

- Is minic a bhíonn táirgí nó seirbhísí coimpléacsach, mar a tharlaíonn, mar bharr ar an donas gur minic a cheannaítear seirbhísí ECS le teicneolaíochtaí (m.sh. gléasanna láimhe) agus seirbhísí (m.sh. ábhar) comhlántacha. Tá an próiseas cinnteoireachta seo níos casta fós mar gheall ar neamhchinnteacht na dtomhaltóirí faoi leibhéil na húsáide sa todhchaí.
- Níl baint ag luach na seirbhíse le caighdeán an táirge nó an tsoláthraí ina lán dóigheanna, ach socraítear é de réir mar a úsáideann an t-úsáideoir an teicneolaíocht.
- Ciallaíonn ráta an athraithe theicneolaíochta go ndéantar cinntí ceannacháin gan don tomhaltóirí triail a bhaint as an táirge.
- Mar go bhfuil rochtain idirlín ar fáil ar réimse gléasanna is féidir le tomhaltóirí ilchinntí agus cinntí éagsúla faoin ábhar ba mhaith leo úsáid agus faoin uair ba mhaith é a úsáid, ar bhonn laethúil. Caithfidh siad an cinneadh seo a thuar ag pointe an cheannaigh.

Cruthaíonn na tréithe margaidh seo deacrachtaí do thomhaltóirí cinntí réasúnta a dhéanamh a mhéadódh an fhéidearthacht go mbeidh torthaí fo-optamacha ann.

D'fhéadfadh an fhéidearthacht go mbeadh claontachtaí leanúnacha ag baint torthaí fo-optamacha amach forbairt réiteach cuí a éileamh agus d'fhéadfadh sí an bonn a bhaint ó éifeachtúlacht na n-idirghabhálacha reatha. Creideadh gan cheist ach go háirithe gur féidir le tomhaltóirí faisnéis a chomhshamhlú go cruinn agus go n-éascódh soláthar sonraí breise níos mó cinnteoreachta cruinne.

Bhain taighde ESRI Price Lab an bonn ón tuairim seo nuair a fuair sé amach nach raibh tomhaltóirí ábalta cinntí maithe ceannacháin a dhéanamh nuair a chuir na cuir síos ar na táirgí iallach orthu smaoineamh ar bharraíocht rudaí ag an aon am amháin.[70] A luaithe agus a chaithfidh tomhaltóirí níos mó ná dhá nó trí fhachtóir a mheas ag an am céanna, bíonn siad ag streachailt le margaí maithe a aithint. Is ábhar suime é seo sa teileachumarsáid, mar beidh sé i bhfad níos deacra do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir na roghanna mar gheall ar nádúr coimpléascach na mbeart.

Tugann torthaí staidéar Price Lab le fios gur féidir le tomhaltóirí tairbhe a bhaint as má choinnítear na cuir síos ar na táirgí simplí go leor. Nótálann an tuarascáil gur féidir le suíomhanna gréasáin comparáide praghsanna neamhspleácha a chomhtháthaíonn faisnéis cabhrú le tomhaltóirí atá ag streachailt le méid nó castacht na faisnéise ar tháirgí; tá uirlis comparáide praghsanna againn ar ár suíomh gréasáin faoi láthair: www.comreg.ie/price–comparison/


Is taighde atá ag dul ar aghaidh faoi láthair eacnamaíochtaí iompraíochta a thugann léargais ar nádúr agus ar iompar na dtomhaltóirí agus leanfaidh sé ar aghaidh faisnéis a thabhairt dúinn.

[70] Lunn, Pete et al, 2016, PRICE Lab: An Investigation of Consumers' Capabilities with Complex Products, ESRI.

6.12 Bainteach leis an sprioc seo thar an tréimhse atá le teacht, seo a leanas cuid den obair atáimid ag déanamh maidir le rochtain níos fearr a chur ar fáil, a chuirfidh ar chumas tomhaltóirí roghanna níos eolaí a dhéanamh nuair a bheidh na táirgí agus na tairiscintí ag éirí níos coimpléascaí:

- **Suíomh gréasáin**: Is príomhuirlis ár suíomh gréasáin le dul i dteagmháil le tomhaltóirí (agus le páirtithe leasmhara fosta). In 2016, rinneadh uasdátú agus daingniú iomlán ar ár suíomh gréasáin agus tá sé ar fáil go maith ar na gléasanna go léir, ar léitheoirí scáileáin agus ar hacmhainní eile dóibh sin a bhfuil riachtanais rochtana acu. Óstálann ár suíomh gréasáin uirlis comparáide praghsanna a éascaíonn cinnteoireacht do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile: (https://www.comreg.ie/price-comparison/).
- **Comparáid praghsanna:** Le linn 2017, tá rún ag ComReg uirlis comparáide praghsanna nua a thabhairt isteach ina mbeidh na rudaí seo a leanas:
  - Na bearta imeartha triaraí agus cuad-imeartha sa mhargadh
  - Follasacht maidir le costas trealamh teirminéil, go háirithe, costais roimh ré ar dhul i gconradh le seirbhísí cumarsáide a fháil, agus
  - Meastachán níos cruinne ar úsáid, mar shampla, an cumas a chur ar tairiscint le feidhmchlár a íoslódáil ar d'fhón cliste agus/nó le bille a uaslódáil.
- **Staitisticí Líne Tomhaltóirí a Fhoilsiú:** In R3 2015, thosaigh ComReg ag foilsiú staitisticí ráithiúla maidir leis na ceisteanna a luaigh tomhaltóirí a rinne teagmháil leis an líne tomhaltóra. Cabhraíonn na foilseacháin seo leis an gcineál ceisteanna atá ag tarlú a thuscint. Tá rún ag ComReg níos mó gráinneachta bheith acu sna tuarascálacha seo amach anseo.
- **Cód Cleachtais um Dhéileáil le Gearáin:** Tá ComReg ag dul i gcomhairle faoi láthair ar na híosriachtanais do chóid cleachtais um dhéileáil le gearáin sholáthraithe seirbhíse. Tá ComReg ag pleanáil tús a chur le feachtas feasachta sa dóigh is go dtabharfar níos mó faisnéise do thomhaltóirí maidir le cóid cleachtais agus leis an bpróiseas bainteach le réiteach a iarraidh.
- **Neodracht Idirlín**:Tá riachtanais fhollasachta sa reachtaíocht nua um Neodracht Idirlín[71] i dtaca le conarthaí (i dtaca le luasanna freisin), agus beimid ag déanamh cinnte go gcomhlíonfaidh na soláthraithe seirbhíse na riachtanais seo (féach ar Bhosca Mínithe 10 don phlé ar Neodracht Idirlín agus ar choincheap bainteach an "rátáil nialasach").

[71] Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 25 Samhain 2015 a leag bearta síos a bhaineann le rochtain oscailte idirlín agus a leas Treoir 2002/22/EC ar sheirbhísí uilíocha agus ar chearta úsáideoirí maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus le Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ar fhánaíocht ar líonraí cumarsáide móibílí poiblí taobh istigh den Aontas ("Na Rialacháin Neodrachta Idirlín).




## BOSCA MÍNITHE 10:
## NEODRACHT IDIRLÍN AGUS RÁTÁIL NIALASACH

**Neodracht Idirlín**

Is coincheap Neodracht Idirlín gur chóir go gcaithfí le gach cineál tráchta go cothrom. Is é sin nár chóir do ISP bac nó teorainn a chur ar rochtain ar shórt nó cineál tráchta áirithe bunaithe ar an áit ónár tháinig siad. Mar shampla, níor chóir do ISP bac nó teorainn a chur ar thrácht Netflix agus bheith i bhfabhar tráchta ó Amazon Prime. Níor chóir do ISP bac a chur ar úsáideoir cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin áirithe nó seirbhís áirithe a úsáid.

Feictear ar neodracht idirlín mar phrionsabal bunaidh an idirlín. Ligeann neodracht idirlín d'fhorbairt feidhmchlár agus seirbhísí agus dá soláthar ar an idirlíon agus í féin ag dul in iomaíocht ar a cuid buanna féin gan teorainn.

Glacadh leis na Rialacháin Neodrachta idirlín[72] a chuireann cosc ar ISPanna bac a chur ar an trácht idirlín nó í a mhoilliú seachas nuair a bheidh sé riachtanach.

Tháinig rátáil nialasach chun tosaigh leis na rialacháin seo mar is féidir feiceáil ar rátáil nialasach mar chineál leithcheala atá bunaithe ar cé atá ag cur nó ag fáil na tráchta. Ligeann na rialacháin do rátáil nialasach i gcásanna ar leith.

**Rátáil Nialasach**

Is rud í 'Rátáil nialasach' nuair a chuireann soláthraí seirbhísí idirlín (ISP) praghas nialasach ar an trácht sonraí bainteach le feidhmchlár nó le cineál feidhmchlár (agus ní chuirtear na sonraí leis an teorainn sonraí i bhfeidhm ar an tseirbhís rochtana idirlín). Mar shampla, ní fhéadfadh ISP táille a ghearradh ar úsáideoir as na sonraí úsáidte le feidhmchlár sruthaithe ceoil áirithe nó leis na feidhmchláir sruthaithe ceoil go léir a úsáid.

Tá rátáil nialasach níos coitianta sna tairiscintí móibíleacha agus is féidir leo tairbhí a chur ar fáil do thomhaltóirí, ag ligean dóibh cineálacha sonraí áirithe a úsáid (físeán, ceol, na meáin shóisialta), gan cuid dá liúntas sonraí a úsáid nó gan táillí sonraí breise a thabhú.

Cé go bhféadfadh rátáil nialasach roinnt tairbhí a chur ar fáil do thomhaltóirí, tháinig buarthaí chun cinn maidir leis an gcleachtadh ar bhonn iomaíochta agus neodrachta idirlín. Ó thaobh na hiomaíochta de, is í an bhuairt go bhféadfadh feidhmiú na ratála nialasaí oibreoirí líonra a chumasú le buaiteoirí a roghnú, trína bheith ag claonadh chothrom na Féinne i bhfabhar soláthraithe seirbhíse OTT áirithe. Bheadh an lámh in uachtar ag soláthraí seirbhíse OTT a bhfuil rátáil nialasach acu ar sholáthraithe eile a mbeadh ar a n-úsáideoirí deiridh táillí sonraí a íoc leis an tseirbhís a úsáid.

[72] Ibid.

6.13 Mar a pléadh roimhe, is léir go bhfuil treocht de mhíshástacht mhéadaitheach ann i measc úsáideoirí deiridh faoi chaighdeán an chlúdaigh i gceantair thíreolaíochta áirithe. Is ceist a bhfuil tábhacht náisiúnta aige é clúdach móibíleacha leoga. Tá sé sin soiléir mar cuireadh sa chlár um Rialtas é mar thosaíocht agus bunaíodh Tascfhórsa Fón Móibíleach agus Leathanbhanda. I dtaca le ComReg, chuir se tús le sruth oibre leis na fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar eispéireas móibíleach tomhaltóirí a thuiscint níos fearr. Thar an tréimhse atá le teacht, tá rún againn:

- **Tástáil Gléasanna Láimhe**: Tá rún ag ComReg faisnéis a thabhairt ar íogaireacht ghléasanna láimhe agus ar chlúdach líonra. Ligfidh siad seo do thomhaltóirí roghanna eolasacha a dhéanamh faoi leibhéal an chomhartha ar féidir leo bheith ag súil leis ó na gléasanna láimhe éagsúla.
- **Tuiscint ar Thomhaltóirí**: Taighde margaidh a dhéanamh dírithe ar an tuiscint níos fearr a fhorbairt ar eispéireas tomhaltóirí faoi chlúdach móibíleach.
- **Faisnéis Chlúdaigh**: Tá rún ag ComReg léarscáil chlúdaigh náisiúnta ilghnéitheach a chruthú agus a fhoilsiu ar line, a chuideoidh le tomhaltóirí an soláthraí líonra a riarfaidh níos fearr ar a riachtanais san áit ina gcónaíonn agus ina n-oibríonn siad, a roghnú. Beidh sé d'aidhm an léarscáil a fhoilsiú in 2018.

## Rochtain ar agus ag úsáid táirgí agus seirbhísí

### SPRIOC 10

Seasann a soláthraithe seirbhíse le cearta tomhaltóirí i rith a dturais

6.14 Anois agus iad cumhachtaithe le faisnéis, shoiléir agus shásúil, baineann an chéad chuid eile den turas custaiméara, leis an gcinneadh le táirgí agus seirbhísí a cheannach, rochtain bheith acu orthu agus iad a úsáid. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg **go seasann a soláthraithe seirbhíse le cearta tomhaltóirí ar a dturas.**

6.15 Is iad na bunbhearta um chosaint tomhaltóirí, an tseirbhís uilíoch, rochtain ar na seirbhísí ghlaonna éigeandála agus bearta le comhionannas sa rochtain agus i roghanna d'úsáideoirí míchumasacha a chinntiú. Is soláthar íosbheart seirbhísí áirithe do na húsáideoirí deiridh go léir ar an gcaighdeán ceart agus ar phraghas inacmhainne í seirbhís uilíoch. Is líontán sábháilteachta an tseirbhís uilíoch a chinntíonn rochtain réasúnta ar líonra cumarsáide leictreonaí agus a sholáthraíonn seirbhís ghutha ag láithreán seasta[73] faoi láthair. Cinntíonn sí seo go mbíonn rochtain ag saoránaigh uilig na hÉireann ar bhunseirbhísí cumarsáide leictreonaí (féach ar Bhosca Mínithe 11 le haghaidh níos mó plé uirthi).

[73] Tá oibleagáidí i bhfeidhm fosta maidir le táillefóin agus le heolairí clóite.

6.16 I dteannta na mbuncheart seo, faigheann tomhaltóirí cosaint maidir le:

- Ag ceannach agus ag tabhairt ceada
- Ag athrú
- An conradh
- Ag úsáid na seirbhíse
- An bille, agus
- Réiteach gearán.

6.17 Is féidir leis an bpróiseas athraithe bheith deacair do thomhaltóirí, go háirithe, le linn an aistrithe go hardlíonraí nua, mar caithfidh an tomhaltóir déileáil leis an soláthraí atá siad ag fágáil agus leis an soláthraí chuig a mbeidh siad ag bogadh. Nuair a tharlaíonn athrú, is í an chiall atá leis sin, is féidir, de réir na dtéarmaí sa chonradh atá ag an tomhaltóir faoi láthair, d'fhéadfadh tomhaltóir tréimhse fógartha a chur in iúl má bhí sé laistigh den íosthéarma nó mura raibh athrú sa chonradh. Ar a bharr sin, mar gheall ar am an athraithe idir na seirbhísí, is féidir le duine gan seirbhís bheith acu ar feadh tréimhse ama. Is féidir leis an bpróiseas seo bheith níos deacra nuair a bhreathnaímid ar sheirbhísí cuachta nach bhfuil seirbhísí neamh-ECS iontu.

## BOSCA MÍNITHE 11: SEIRBHÍSÍ RIACHTANACHA AGUS BUNAIDH

Is é cuspóir na Seirbhíse Uilíche cinntiú go bhfuil bunseirbhísí teileafóin líne seasta ar fáil ar phraghas réasúnta. Leagtar scóip na seirbhíse uilíche amach i dTreoir AE 2002 a cuireadh i bhfeidhm in Éirinn ag Rialacháin Chomhphobal na hEorpa (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Cearta Seirbhíse Uilíche agus Úsáideoirí) 2003 – I.R. Uimh.308 de 2003 (mar a leasaíodh).

**Oibleagáidí na Seirbhíse Uilíche (USO)**

Is é Eircom an 'Soláthraí Seirbhíse Uilíche' (USP) ainmnithe reatha agus tá roinnt oibleagáidí aige maidir le soláthar seirbhísí áirithe.

- Líne teileafóin a sholáthar: Caithfidh Eircom riar do gach iarratas 'réasúnta' le haghaidh líne teileafóin. Caithfidh an tseirbhís a sholáthrófar bheith ábalta glaonna fóin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta; cumarsáid faics; agus cumarsáid sonraí a dhéanamh ar rátaí atá dóthanach le rochtain fheidhmúil idirlín a cheadú. Caithfidh Eircom rochtain a chur ar fáil ag láithreán seasta ar phraghas aonghnéitheach agus ar chaighdeán sonrach.
- Soláthar táillefón poiblí: Caithfidh Eircom táillefóin a sholáthar ar fud an Stáit le riar ar riachtanais réasúnta na n-úsáideoirí deiridh ó thaobh an chlúdaigh thíreolaíochta, inrochtaineachta agus chaighdeán na seirbhísí de. Is iad na táillefóin sin atá clúdaithe faoin USO na cinn sin atá ar fáil ar an tsráid agus in áiteanna eile, agus iad ar fáil don ghnáthphobal an t-am ar fad.
- Soláthar seirbhísí eolaire: Caithfidh Eircom eolaire teileafóin clóite a sholáthar do thomhaltóirí saor in aisce. D'fhéadfadh Eircom é seo a sholáthar ar bhonn roghnach. Tá an ceart ag gach úsáideoir, trína soláthraí seirbhíse, ar iontráil san eolaire teileafóin.
- Caidhp phraghais mhiondíola: Brúdh an caidhp phraghais atá ann faoi láthair ar Eircom ó mhí Dheireadh Fómhair 2007 agus tugann sé cosaint ar chíos líne agus ar tháille ceangal PSTN agus ISDN BR. Déanann an caidhp phraghais cinnte nach féidir le Eircom na praghsanna a mhéadú faoi níos mó ná an ráta boilscithe, mar atá foilsithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh.

I dteannta na Seirbhíse Uilíche, tá tomhaltóirí i dteideal rochtana ar sheirbhísí freagartha glaonna éigeandála fosta. Caithfidh gach soláthraí seirbhísí teileachumarsáide atá ar fáil go poiblí, rochtain shaor ar sheirbhísí éigeandála a sholáthar.

6.18 A luaithe agus atá an próiseas athraithe tosaithe ag an tomhaltóir, caithfidh an conradh na tairiscintí seirbhíse bainteach leis an bplean praghais a leagan amach go soiléir. Is minic a bheidh leibhéal mionsonraí ar théarmaí agus ar choinníollacha na seirbhíse sna conarthaí nach bhféadfaidh an custaiméir bheith ar an eolas fá dtaobh díobh agus iad ag cinneadh ar an táirge nó an tseirbhís a cheannach. Tá riachtanas ann sa dlí a leagann amach an íosfhaisnéis a chaithfidh Soláthraithe Seirbhíse cur in iúl do thomhaltóirí i gconradh.

6.19 Ní mór caitheamh le tomhaltóirí go cothrom agus de réir a gceart tomhaltóra agus i rith tréimhse aistrithe ar bith. Níos tábhachtaí fós, caithfear athrú ar bith ar na téarmaí agus na coinníollacha conartha, a bhainfeadh le seirbhís nua nó le hathsheirbhís ar bith, a chur in iúl d'úsáideoirí deiridh. Caithfidh tomhaltóirí a gcead eolasach a thabhairt do chonradh nua ar bith, lena mbaineann sé.

6.20 Cé go bhfuil sé tábhachtach go léiríonn na conarthaí an táirge nó an tseirbhís go cothrom, tá sé chomh tábhachtach go bhfuil na cearta cuí ag tomhaltóirí nuair nach bhfuil an táirge nó an tseirbhís chomh maith lena bhfuil siad ag súil. Mar shampla, ní fhéadfadh seirbhís mhóibíleach bheith chomh maith lena mbeadh an tomhaltóir ag súil léi mura raibh an t-eolas cruinn ag an tomhaltóir faoin gclúdach ag na háiteanna ina gcónaíonn, ina n-oibríonn, agus ina dtaistealaíonn siad. Sa chomhthéacs seo, aithníonn ComReg go bhfuil sé níos éasca do thomhaltóirí dul i gconradh ná mar atá sé le conradh a fhágáil nuair nach bhfuil an táirge nó an tseirbhís chomh maith lena raibh siad ag súil. Cuireann ComReg fáilte roimh thograí amhail tairiscint oibreoir amháin do rogha gan cheist le conarthaí a chealú agus le gléasanna láimhe a thabhairt ar ais laistigh de 30 lá ar mhaithe le deis a thabhairt do thomhaltóirí triail a bhaint as an tseirbhís sula nglacfaidh siad léi. Ar an láimh eile áfach, is féidir le forálacha conartha, amhail tréimhsí fógartha fada, mar a bhí luaite thuas, éifeacht bheith acu agus cosc a chur ar thomhaltóirí ag déanamh a roghanna ar féidir leis cur isteach ar an dinimic iomaíoch sa tionscal.

6.21 Baineann cuid eile d'eispéireas tomhaltóirí leis an mbille. Ba chóir don bhille a fhaigheann an tomhaltóir na táirgí agus na seirbhísí a d'aontaigh an tomhaltóir sa chonradh, agus le ceannach, a léiriú go cruinn. Is minic is féidir go gcuirtear bille chuig an tomhaltóir do sheirbhísí nach bhfuil siad ag fáil, nó go bhfuil táillí sa bhille nach raibh a fhios acu a bhí ann ag an am a chuaigh siad isteach sa chonradh, nó go bhfuil táillí míchearta nó táillí úsáide, mar shampla, do ghlaonna ar uimhreacha neamhthíreolaíocha, áit a bhfuil drochfhollasacht taraife, ann.

6.22 Maidir leis an sprioc seo, déanfaidh ComReg na rudaí seo a leanas:

- **Ag déanamh monatóireachta ar chomhlíonadh:** Leanfaidh ComReg ar aghaidh monatóireachta a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse ag comhlíonadh a n-oibleagáidí, maidir le rochhtain ar sheirbhísí éigeandála, seirbhísí uilíocha, inaistritheacht uimhreach, ag athrú, conarthaí, billeáil, neodracht idirlín agus fánaíocht, san áireamh
- **Uimhriú Neamhthíreolaíoch**: Críochnóidh ComReg a athbhreithniú ar uimhreacha neamhthíreolaíocha in 2017, le praghsanna réasúnta a chinntiú do thomhaltóirí agus do

ghnóthaí, agus le cinntiú go mbeidh praghasáil soiléir do ghlaoiteoirí. D'fhéadfadh tacaíocht a thabhairt d'fheachtas faisnéise tomhaltóirí go 2018 agus bearta follasachta taraife eile bheith i gceist.

- **Ag déanamh monatóireachta ar neodracht idirlín**: I bhfianaise na riachtanas nua ar sholáthraithe seirbhíse i dtaca le neodracht idirlín, tá ComReg ag cur cláir mhonatóireachta agus chomhlíonta i bhfeidhm maidir le heilimintí, cleachtaí bainistithe tráchta, agus conarthaí tomhaltóra san áireamh, de réir ár gcumhachtaí.
- **Fánaíocht**: Leanfaidh ComReg ar aghaidh monatóireacht a dhéanamh ar na soláthraithe seirbhíse ag cloí le cur i bhfeidhm na Rialachán Fánaíochta leasaithe.[74]

## Gearáin agus Réiteach Tomhaltóirí

**SPRIOC 11**

Tomhaltóirí le meicníochtaí éifeachtacha réitigh bheith acu.

6.23 Mar a pléadh roimhe, tá roinnt céimeanna ar thuras tomhaltóirí agus le linn an phróisis. Tá acmhainn do thomhaltóirí agus do sholáthraithe easaontú ar:

- Cé acu a d'aontaigh nó nár aontaigh an custaiméir seirbhís[75] a cheannach
- Cad é a aontaíodh, nó
- Caighdeán an táirge nó na seirbhísí atá curtha ar fáil, agus / nó
- An méid atá á ghearradh orthu.

6.24 Le go bhfuil muinín ag tomhaltóirí as an bpróiseas is gá go bhfuil próiseas réitigh acu a thugann aghaidh ar an difríocht chumhachta idir an t-oibreoir mór agus iad mar dhuine aonair. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg go bhfuil **meicníochtaí réitigh éifeachtacha ag na tomhaltóirí.** I ngach cás caithfidh an tomhaltóir an t-ábhar a ardú lena Soláthraí Seirbhíse roimh theagmháil a dhéanamh le ComReg. Tá sé de dhualgas ar gach Soláthraí ECS Cód Cleachtais maidir le láimhseáil gearán a bheith acu le go bhfuil siad ábálta cur in iúl conas le déileáil le díospóidí agus cad iad na céimeanna a chaithfidh an tomhaltóir a leanúint. Más rud é nach bhfuil réiteach ar ghearán an tomhaltóra laistigh de 10 lá, is féidir leo ansin teagmháil a dhéanamh ansin le ComReg. Cuireann ComReg seirbhís ar fáil do thomhaltóirí ar féidir leo teagmháil a dhéanamh leis an líne tomhaltóra ar fhón, ríomhphost agus téacs.

6.25 Sa chomhthéacs seo, sa tréimhse amach romhainn beidh ComReg ag dul sa tóir orthu seo a leanas:

- **Gearáin**: Tá dualgas ar ComReg cinntiú go bhfuil corás gearán agus réitigh d'úsáideoirí deiridh na

[74] Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 25 Samhain 2015 ag leagan bearta síos faoi rochtain oscailte idirlín agus faoi Threoir 2002/22/EC ar sheirbhís uilíoch agus faoi chearta úsáideoirí maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh 531/2012 ar fhánaíocht ar líonraí cumarsáide móibílí laistigh den Aontas, a leasú.

[75] Is ceist ar leith í seo maidir le PRS.

Soláthraithe Cumarsáide Leictreonaí, mar atá leagtha amach i Rialachán 27 de Rialacháin um Chearta na nÚsáideoirí curtha i bhfeidhm. Tá ComReg ar an eolas go dtiteann roinnt cód cleachtais faoi íoschaighdeáin chuí ComReg. Tá ComReg ag iarraidh faoi láthair feabhas a chur ar na híoschaighdeáin i gcóid chleachtais chun déileáil le gearáin agus athrú a cinnitiú a dhéanfaidh caighdeánú ar na gealltanais, mar shampla amanna freagartha i ngach Soláthraí Cumarsáide Leictreonaí, chomh maith le cur chuige níos córasaí do na riachtanais ar na cóid chleachtais go ginearálta a spreagadh.

- **Réiteach Malartach Díospóidí (ADR)**: Measaimid gurb iad ComReg is fearr le déileáil le ECS agus díospóidí PRS. I 2015, tugadh dlí nua isteach i ndáil le réiteach malartach díospóide do dhíospóidí tomhaltóra (I.R. Uimh. 343 de 2015). I 2017, rachaimid i gcomhairle ar phróiseas láimhseála gearán ComReg agus beidh sé seo á chuimsiú ar ghnéithe ábhartha ADR.

## Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

## SPRIOC **12**

Tá ComReg go héifeachtach ar son tomhaltóirí.

6.26 Oibreoimid le húsáideoirí deiridh ar bhealaí éagsúla. Ina measc seo tá teagmháil dhíreach le húsáideoirí deiridh aonair ar an bhfón agus trí ríomhphost, ar sholáthar faisnéise trí mheán ár suímh ghréasáin agus ar na meáin shóisialta, agus rannpháirtíocht indíreach tríd na meáin. Bímid i mbun rannpháirtíochta trí theagmhálacha le comhlachtaí ionadaíocha, agus sinne ag cruinniú faisnéise faoi riachtanais úsáideoirí deiridh trí shuirbhéanna taighde margaidh. Coinneoimid an meascán de chainéil rannpháirtíochta faoi athbhreithniú le héifeachtacht leanúnach a chinntiú.

6.27 Le leasa úsáideoirí deiridh a chur chun cinn, is féidir linn breathnú ar ár gcumhachtaí rialála féin agus don fhéidearthacht úsáid a bhaint as ár dtionchar le comhlachtaí rialála eile, agus le hearnáil na tionsclaíochta .Tá sé mar aidhm againn bheith mar **chrann taca éifeachtach do thomhaltóirí**. Mar shampla, san am atá caite, d'oibríomar le hÚdarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann le cabhrú leo rialacha, a bhaineann le héilimh a dhéanann soláthraithe seirbhíse teileachumarsáide, a leagan síos. D'oibríomar fosta leis an earnáil tionscail chun tionchar a oibriú orthu seirbhísí áirithe a sholáthar go deonach, ina measc, seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.



TÁ SÉ MAR AIDHM AGAINN BHEITH MAR CHRANN TACA ÉIFEACHTACH DO THOMHALTÓIRÍ.

07

# AG CRUTHÚ NA gCÚINSÍ D'INFHEISTÍOCHT

## 03 Rún Straitéiseach 03: CHUMASAIGH INFHEISTÍOCHT ÉIFEACHTACH ROCHTAIN INACMHAINNE, ARDCHAIGHDEÁNACH, AGUS FHORLEATHAN AR SHEIRBHÍSÍ AGUS AR FHEIDHMCHLÁIR CUMARSÁIDE

**Cad é an chuma atá air?**

- Clúdach bonneagair a chuireann ar chumas gach úsáideoir deiridh bheith rannpháirteach sa tsochaí dhigiteach.
- Soláthraithe bonneagair in iomaíocht lena chéile, áit ina bhfuil ciall gheilleagrach leis.
- Seirbhísí ECS mórdhíola a riarann d'éileamh ar an margadh
- Earnáil atá tarraingteach d'infheisteoirí

7.1 Mar a pléadh roimhe, rud atá lárnach i dtuairim ComReg ar rialáil is ea an prionsabal go mbaineann margaí a fheidhmíonn go maith na torthaí optamacha amach, i dtéarmaí praghsanna, cáilíochta, rogha agus nuálaíochta. Clúdaíonn an prionsabal seo leibhéal na hinfheistíochta a dhéanann oibreoirí. Is é sin, spreagann margaí atá ag feidhmiú go maith dreasachtaí tráchtála ar féidir bheith ag brath orthu le cinntiú go bhfuil na hoibreoirí príobháideacha ag baint leasa as an dul chun cinn sa teicneolaíocht, agus as na hinfheistíochtaí cuí chun táirgí agus seirbhísí nuálacha a thabhairt chun an mhargaidh, agus le caighdeán na seirbhíse go ginearálta a fheabhsú.

7.2 Mar sin féin, aithníonn ComReg nach bhféadfadh margaí neamhrialaithe cumarsáide leictreonaí feidhmiú maith go leor chun na dreasachtaí cearta d'infheistíocht a chur ar fáil. Lena chois sin, ní fhéadfadh na margaí is fearr rialáilte torthaí a bhaint amach atá optamach nó ionadaíoch fiú. Go háirithe, ní fhéadfadh dreasachtaí bunaithe ar an margadh amháin, oibreoirí sna margaí cumarsáide leictreonaí a bhrú i dtreo na n-infheistíochtaí cuí a dhéanamh chun seirbhísí a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh neamhgheilleagrach.

7.3 Leagtar amach sa chaibidil seo spriocanna straitéiseacha ComReg a bhaineann leis na coinníollacha a chruthú le haghaidh infheistíochta, agus an rún straitéiseach ardleibhéil ann, cinnitiú go gcumasaíonn an infheistíocht éifeachtach rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach, fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide. Aithníonn ComReg, ar leibhéal bunúsach, go mbaineann na coinníollacha a chruthú maidir le hinfheistíocht le cinnteacht rialála chomh maith agus a bhaineann sé le múnlú dreasachtaí oibreoirí.

7.4 Ar bhealach amháin, tá tionchar ag láithreacht ComReg ar gach infheistíocht a dhéantar i margaí cumarsáide leictreonaí, ach athraíonn tionchar ár láithreachta. Tá sé úsáideach idirdhealú a dhéanamh idir na suíomhanna difriúla ina bhfuil infheistíocht déanta (féach ar Fhíor 10):


- **Infheistíocht thráchtála**: Tá infheistíocht ann atá go hiomlán tráchtáil-bhunaithe ina nádúr. Is é ag éascú na hinfheistíochta trí chinnteacht rialála a chothú, bacainní ar iontráil a ísliú, agus cur ar fáil na n-ionchur cuí a chinntiú nuair is féidir, príomhról ComReg sa chomhthéacs seo.

Is féidir le sainordú ar sholáthar na n-ionchur mórdhíola faoin gcóras SMP, ag cur praghsanna a ligeann leordhóthanach ar infheistíocht, bainistiú éifeachtach ar an speictream raidió, agus dea-riarachán ar an acmhainn uimhrithe náisiúnta, bheith i gceist leis seo.

- **Infheistíocht dhreasaithe**: Tarlaíonn roinnt infheistíochta mar thoradh díreach ar idirghabháil mhargaidh ag ComReg. Mar shampla, tá oibleagáid ar gach soláthraí seirbhíse teileafóin poiblí infheistíocht a dhéanamh chun rochtain gan bhriseadh ar an tseirbhís freagartha ghlaonna éigeandála a chinntiú.
- **Idirghabháil Stáit**: Tarlaíonn roinnt infheistíochta i gcomhthéacs na hidirghabhála dírí ón Stát sa mhargadh, m.sh., an Plean Náisiúnta Leathanbhanda. Cé gur féidir gné phríobháideach bheith ag baint le hinfheistíocht den chineál seo, ní féidir leis tarlú gan rannpháirtíocht airgeadais dhíreach ó chomhlacht poiblí. Cé nach bhfuil baint dhíreach ag ComReg i gcásanna den chineál sin, tá ról aige go fóill comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Stát sa dóigh is go dtacaíonn na hidirghabhálacha le feidhmiú éifeachtach an mhargaidh.

7.5 Ar deireadh, tá infheistíocht a tharlaíonn, ní go díreach i margaí cumarsáide leictreonaí, ach i margaí gaolmhara. D'fhéadfadh an bealach ina dtugann ComReg faoina ról maidir leis na margaí cumarsáide leictreonaí, tionchar bheith aige ar dhreasachtaí le hinfheistíocht a dhéanamh i margaí gaolmhara áirithe agus a mhalairt.

**Fíor 10: Réimsí Infheistíochta**



## Patrún na hInfheistíochta ón Earnáil Phríobháideach


7.6 Mhéadaigh infheistíocht phríobháideach in earnáil na cumarsáide leictreonaí thar an tréimhse 2009 go 2015, mar a thaispeántar i bhFíor 11. Thar tréimhse seacht mbliana, bhí infheistíocht iomlán de € 3.79b ann. Tháinig an buaicphointe in 2012, nuair a bhuaigh ComReg an Duais Multi-Band Spectrum. I rith na bliana sin, bhí €482m den infheistíocht iomlán de € 804m inchurtha i leith an speictream raidió.

7.7 Léiríonn Fíor 12 treocht na hinfheistíochta idir 2009-2014 mar chéatadán den ioncam tionscail iomlán, d'Éirinn agus do mheánmhéid an AE 27. Sa bhliain 2014, rinneadh infheistíocht de € 37.1b i mbonneagar cumarsáide leictreonaí an AE, le € 566m infheistithe in Éirinn. Is ionann é seo is 14.8% den ioncam iomlán in earnáil na cumarsáide leictreonaí in Éirinn sa bhliain sin, a bhí níos mó ná meán an AE de 12.4% don bhliain sin. Tá sé le feiceáil go bhfuil infheistíocht mar chuid den ioncam reatha iomlán níos mó ná meán an AE ó 2012, rud a léiríonn an meon dearfach geilleagrach a bhaineann leis an aisghabháil in Éirinn.[76]


7.8 Tá infheistíocht déanta ag oibreoirí i líonraí seasta agus móibíleacha. I líonraí seasta, tá uasghrádú ar a líonra copair déanta ag Eircom le gur féidir leis seirbhís NGA a chur ar fáil[77]. Tá uasghrádú déanta ag Virgin Media ar a líonra go dtí DOCIS 3.0 agus thosaigh SIRO ag rolladh amach a líonra FTTH trí úsáid a bhaint as bonneagar ESB atá ann cheana. Sa tréimhse 2011-2016, inar tharla méadú suntasach ar luasanna íoslódála mar gheall ar rolladh amach na dteicneolaíochtaí cábla agus snáithín VDSL, (féach ar Fhíor 3, Caibidil 3, do mhéid na síntiús NGA agus CGA idir 2010 agus 2016). Faoi dheireadh 2016, bhí rochtain ar sheirbhís leathanbhanda ardluais (30 Mbps nó níos mó) ag 70% de sheoltaí in Éirinn.

76 Foinse: An Coimisún Eorpach, Príomh-Tháscairí Scórchlár Chlár Oibre Digiteach.
77 Seirbhísí a sholáthraíonn luas íoslódála níos mó ná 24 Mbit/s.

**Fíor 11: Infheistíocht in ECS/ECN (Éire, € milliún)**[78]




**Fíor 12: Infheistíocht in ECS/ECN (Éire/meánmhéid AE mar % den láimhdeachas)**[79]




[78] Foinse: Tuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí ComReg.
[79] Foinse: An Coimisún Eorpach, Príomh-Tháscairí Scórchlár Chlár Oibre Digiteach.

# BOSCA MÍNITHE 12: CEANT SPEICTREAM ILBHANDA 2012


Sa bhliain 2012, chríochnaigh ComReg an próiseas Dhuais Speictrim IlBhanda (MBSA) le 140 MHz de speictream péireáilte a scaoileadh i mbandaí 800 MHz, 900 MHz 1800 MHz.

Shann MBSA na cearta speictrim fadtéarmacha i ngach ceann de na bandaí seo go dtí 2030 go rathúil, le 150 MHz sa bhreis curtha leis, a rinne dúbailt ar an méid speictrim péireáilte sannta (go háirithe i bhfobhandaí 1 GHz), agus mar sin ag éascú na seirbhíse nua agus feabhsaithe a sholáthar do thomhaltóirí.

Lig ceant MBSA d'oibreoirí móibíleacha a gclúdach 3G a leathnú amach agus seirbhísí nua 4G a rolladh amach. Tá na figiúirí ar an rolladh amach seo á leiriú sa ghraf thíos a thaispeánann méadú láidir i síntiúis 4G go mall i 2014 go dtí deireadh 2016.

Ba chóir tabhairt faoi deara, cé go mbeidh deireadh leis na teicneolaíochtaí níos sine ar nós 2G agus 3G san fhadtéarma, níl an teicneolaíocht 4G le bheith ann in áit 2G agus 3G sa mhéid is go bhfuil fáil ar 2G agus 3G le síntiús 4G agus 2G ar fáil le 3G.

**Síntiúis Mhóibíleacha de réir na Teicneolaíochta Úsáidte, R1 2015 – R1 2016**




Foinse: Tuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí ComReg

7.9 Maidir le líonraí móibíleacha, níl oibleagáid ar na MNO clúdach uileláithreach nó seirbhísí a sholáthar do gach áitreabh:

- Tá sé ráite ag na MNO go bhfuil clúdach daonra iomlán acu ar fud na tíre do na seirbhísí 2G atá ann faoi láthair (is é sin, guth agus téacs).
- Tá clúdach taobh amuigh 3G ar fáil go forleathan ag níos mó ná 90-95% den phobal[80], agus
- Maidir le 4G, deir Vodafone[81] go bhfuil clúdach os cionn 90% clúdach acu i ngach contae in Éirinn. Deir Eircom[82] go bhfuil clúdach 95% acu agus tá Three[83] ag infheistiú € 300m in uasghrádú a líonra.

7.10 Cé go bhfuil rolladh amach seirbhísí 4G fós ar siúl in Éirinn, tá sé chun tosaigh ar na Ballstáit eile den AE ag 93.7% de theaghlaigh i gcomparáid le 84.4% i 2016.[84] Bhí an rolladh amach luath seo indéanta mar gheall ar ár gCeant IlBhanda Speictrim 2012, rud a mhéadaigh faoi dhó an méid speictrim atá ar fáil do sheirbhísí móibíleacha ag feidhmiú faoi 2 GHz (féach ar Bhosca Mínithe 12). D'fhág sé seo an bealach do na hoibreoirí seirbhísí nua agus forbartha a sheoladh.

## Éascú Infheistíochta Tráchtála

# SPRIOC **13**

Éascaíonn dreasachtaí iomaíocha infheistíocht thráchtála éifeachtach i mbonneagar agus seirbhísí a mhéad agus is féidir.

## Rochtain ar na Margaí: Creatlach SMP

7.11 Baineann na margaí cumarsáide leictreonaí atá éifeachtach agus iomaíoch na torthaí optamacha amach ó thaobh praghsanna, cáilíochta, rogha agus nuálaíochta de. Mar a pléadh, leathnaíonn an prionsabal seo go leibhéal na hinfheistíochta a rinne na hoibreoirí sa mhéid is gur chóir dreasachtaí iomaíocha oibreoirí a spreagadh na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh le táirgí agus seirbhísí nuálacha a thabhairt chun an mhargaidh, agus chun caighdeán na seirbhíse a fheabhsú go forleathan. Spreagann sé seo chéad sprioc straitéiseach ComReg a bhaineann le hinfheistíocht, is é sin **go n-éascaíonn dreasachtaí iomaíocha infheistíocht thráchtála éifeachtach i mbonneagar agus seirbhísí a mhéad agus is féidir**. Ciallaíonn sé seo nuair atá ComReg i mbún rialála, cuirfidh sé bearta i bhfeidhm a bheidh dírithe ar chur chun cinn agus ag cosaint an phróisis iomaíoch mhargaidh mar an bealach is fearr agus is príomhá le cinntiú go n-infheistíonn na hoibreoirí: a

[80] Mar shampla, Maíonn Meteor clúdach 3G ar fud na tíre le líonra a chlúdaíonn 99% den daonra, dé-iompróir HSPA+do 80% den daonra san áireamh.
[81] Féach ar www.vodafone.ie/network/ (30 Márta 2017).
[82] Fógra faoi Thorthaí an Dara Ráithe agus Sé Mhí go 31 Nollaig 2016, 27 Eanáir 2017
[83] http://www.three.ie/explore/about-three/ (30 Márta 2017)
[84] Innéacs Eacnamaíochta agus Sochaí Digití an AE (DESI) do 2016, Páirteanna DESI, Táscaire 1b2 4G clúdach

mhéad agus a bhíonn an scóip le hiomaíocht a spreagadh, is amhlaidh is mó an méid infheistíochta tráchtála a dhéanfaidh oibreoirí príobháideacha.

7.12 Mar a pléadh i gCaibidil 5, d'fhéadfadh ComReg oibleagáidí a bhrú ar oibreoirí SMP maidir le costais a aisghabháil agus rialuithe praghas, oibleagáidí eile maidir le treoshuíomh dírithe ar chostas, maidir le hidircheangal áirithe agus/nó táirgí rochtana. I gcásanna den chineál sin, ciallaíonn an easpa iomaíochta éifeachtúla gur féidir leis an oibreoir lena mbaineann sé:

- Dreasachtaí bheith aige praghsanna a chothú ag leibhéal iomarcach ard, nó
- Dreasachtaí a chur i bhfeidhm ar chúngach praghsanna, chun aimhleasa na n-úsáideoirí deiridh.

## SPRIOC **14**

Tá lámháil sa rialáil do ráta réasúnta brabúis, d'oibreoirí mórdhíola agus miondíola araon.

7.13 Ag teacht leis an gcreatlach rialála, aithníonn ComReg gur chóir don **rialú ligean do ráta réasúnta brabúis, d'oibreoirí mórdhíola agus miondíola araon**. Go háirithe, ba cheart an modh aisghabhála costais bheith cuí do chúinsí ag cur san áireamh an gá atá le héifeachtacht agus iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn agus le huasmhéadú sochair do thomhaltóirí a chinntiú.

7.14 I gcomhthéacs an dá sprioc seo a bhaineann le rochtain ar an margadh:

- **Rochtain agus réitigh bhainteacha i margaí ina bhfuil Cumhacht Shuntasach Mhargaidh (SMP):** Beidh ComReg ag spreagadh infheistíochtaí ó oibreoirí údaraithe eile fosta i margaí iartheachtacha trí shainordú agus forfheidhmiú rochtana cuí ar ionchuir, rialaithe ag an oibreoir SMP, ar théarmaí cothroma, follasacha agus neamh-idirdhealaitheacha. Chun infheistíochtaí a spreagadh i measc oibreoirí SMP, i líonraí den chéad ghlúin eile ina measc, glacfaidh ComReg san áireamh an infheistíocht atá déanta ag an oibreoir, agus ligfidh sé do ráta réasúnach brabúis ar chaipiteal sásúil, ag cur san áireamh riosca ar bith ag baint le tionscadal líonra infheistíochta nua. Mar a pléadh i gCaibidil 5, déanfaidh ComReg athbhreithniú ar oibleagáidí rochtana ábhartha mar is cuí.

## SPRIOC **15**

Éascaíonn bainistiú speictrim agus uimhreacha infheistíocht éifeachtach.

### Rochtain ar Ionchuir Riachtanacha: Speictream

7.15 Is é aidhm ComReg go **n-éascaíonn bainistiú speictrim infheistíocht éifeachtach.**

7.16 Maidir le bainistiú an speictrim raidió, tá cúinsí idirnáisiúnta agus intíre ann. Tá an próiseas comhchuibhithe idirnáisiúnta don speictream raidió ina phríomhspreagthach ar infheistíocht san earnáil mar go n-éascaíonn sé barainneachtaí scála i ndéantús trealaimh raidió (mar go n-íslíonn sé an costas ar chur in úsáid líonraí gan sreang agus an costas ghléasanna gan sreang do thomhaltóirí). Rud atá tábhachtach, ó thaobh na hinfheistíochta de, is ea go bhfuil an próiseas comhchuibhithe idirnáisiúnta ina phríomhfhachtóir i socrú na bpleananna oibre teicneolaíochta atá á nglacadh ag soláthraithe trealaimh raidió, go leor acu atá domhanda i nádúr.

7.17 Tá roinnt gnéithe ag baint leis an gcomhchuibhiú idirnáisiúnta ar speictream raidió ar nós comhchuibhiú ar chaighdeán teicneolaíochta in eagraíochtaí ar nós ETSI 3GPP, agus comhchuibhiú leithdháiltí speictream raidió agus na coinníollacha teicniúla in eagraíochtaí ar nós an ITU, CE, RSPG agus CEPT. Díríonn gníomhaíochtaí comhchuibhithe ar chur chun cinn úsáid an speictrim raidió, mar shampla, trí theicneolaíochtaí ar nós 5G[85]. Tá ról gníomhach ag ComReg, agus ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil (DCCAE) , i bhfóraim idirnáisiúnta chun cinntiú, chomh fada agus agus is féidir, go bhfreastalaíonn na cinntí a bhaineann leis an gcreatlach rialála speictream raidió idirnáisiúnta ar riachtanais shonracha na hÉireann.

7.18 Ar leibhéal intíre, cabhraíonn rannpháirtíocht ComReg sa phróiseas um chomhchuibhiú idirnáisiúnta leis dul i ngleic le forbairtí ábhartha ar bhealach tráthúil, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna bainistithe speictrim in Éirinn agus iad a chur san áireamh go gníomhach. Ar leibhéal praiticiúil, spreagtar infheistíocht i speictream raidió tríd na gníomhaíochtaí a thógann ComReg ar speictream a shannadh, mar a pléadh i gCaibidil 4 thuas, agus tríd na coinníollacha a bhaineann le cearta úsáide speictrim. Maidir leis seo:

- Tá ComReg i bhfabhar chur i bhfeidhm na teicneolaíochta agus seirbhíse-neodrachta de réir na mbeart comhchuibhithe ábhartha, agus
- Tá ComReg eolach gur féidir le comhoibriú amhail, bonneagar gréasáin a roinnt agus/nó speictream a roinnt idir dhá nó nios mó d'oibreoirí gan sreang i soláthar seirbhísí gan sreang/móibíleacha, infheistíocht a dhreasú.[86]

7.19 Le linn na tréimhse atá le teacht, bainteach leis an sprioc seo tá sé i gceist ag ComReg:

- **Teicneolaíocht 5G**: beidh ComReg ag forbairt agus ag cur chun cinn seasamh na hÉireann maidir le bainistiú na ngnéithe speictrim de theicneolaíocht 5G agus dá bhandaí ionchasach de réir mar a fhorbraíonn sé.

[85] Tá obair fhorleathan ar siúl faoi láthair san Aontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (an ITU), i gComhdháil Riarachán Eorpach um Phostas agus Teileachumarsáid (CEPT), sa Choimisiún Eorpach, an Grúpa Beartas Speictream Raidió agus an Coiste Speictrim Raidió san áireamh le (i) na caighdeáin do 5G a shainmhíniú agus (ii) cinntiú go mbeidh creatlach chomhchuibhithe i bhfeidhm a éascóidh rolladh amach seirbhísí 5G in 2020.

[86] Tá a fhios ag ComReg go mbrathóidh tairbhí agus míbhuntáistí chomhoibriú ar bith áirithe ar mhionsonraí agus ar chomhthéacs an tsocraithe. Cé nach bhfuil tuairim chinnte ag ComReg ar chomhroinnt chearta speictrim (nó cur le chéile) nó ar chomhroinnt líonra, bhreathnódh ComReg níos dearfaí ar chomhaontuithe nach gcuirfeadh srian gan chúis ar iomaíocht, agus dhéanfadh sé na tairbhí soiléire a roinnt le húsáideoirí deiridh.

- **Coinníollacha Ceadúnais**: Maidir le duaiseanna speictrim sa todhchaí, ar nós an bhanda 700 MHz, beidh ComReg ag déanamh machnaimh ar an ról a d'fhéadfadh a bheidh ag na coinníollacha ceadúnais (coinníollacha clúdaigh san áireamh) in infheistíocht a chur chun cinn, go díreach nó trí dhreasachtaí iomaíocha chun infheistíocht a fheabhsú.
- **Cinnteacht Rialála**: Foilsíonn ComReg faisnéis maidir le ceadúnú reatha, úsáid, tosaíochtaí speictrim agus pleananna don todhchaí. Faoi réir do chosaint faisnéise rúnda de réir threoirlínte ComReg (mar atá leagtha amach i nDoiciméad 24/05), foilsíonn ComReg faisnéis ar thascanna speictrim ceadúnaithe 'agus úsáid atá ann cheana féin mar gheall ar, i measc rudaí eile, is féidir leis seo cur le húsáid éifeachtach an speictrim le faisnéis níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara eile (ar nós úsáideoirí iarbhír agus féideartha speictrim). De réir ár gcleachtas, beidh ComReg ag foilsiú a straitéise ag breathnú chun cinn maidir le bainistiú an speictrim raidió, i measc rudaí eile, a leagann amach gníomhaíochtaí beartaithe speictrim. Foilsíodh an ráiteas dhá bhliain is déanaí ag ComReg i mí an Mheithimh 2016.[87]
- **Triail agus Tástáil**: Leanúint le chur chun cinn Triail agus Tástáil Éirinn, agus na tairbhí a bhaineann le hÉirinn a úsáid mar shuíomh le tástáil nó triail a bhaint as táirgí agus seirbhísí gan sreang i dtimpeallacht fhíor, réadúil.



FOILSÍONN COMREG FAISNÉIS MAIDIR LE CEADÚNÚ REATHA, ÚSÁID, TOSAÍOCHTAÍ SPEICTRIM AGUS PLEANANNA DON TODHCHAÍ.

[87] Féach ar: www.comreg.ie/publication/radio-spectrum-management-strategy-statement-2016-2018-design/

## Dreasachtaí Rialála

**SPRIOC 16**

USO a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil seirbhísí bunúsacha ar fáil, de réir mar is cuí.

### Oibleagáidí na Seirbhíse Uilíche

7.20 Ceadaíonn An Réimeas um Sheirbhís Uilíoch do ComReg idirghabháil a dhéanamh mura bhfuil na seirbhísí uilíocha á gcur ar fáil ag an margadh. Is í sprioc ComReg, mar is gá, agus ag cloí le prionsabal na neodrachta teicneolaíche, le **USO a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil seirbhísí bunúsacha ar fáil, de réir mar is cuí.** Sa chomhthéacs reatha maidir le hathrú chuig líonraí nua, tá ComReg eolach ar an ngá atá le hinfheistíocht neamhriachtanach i líonraí oidhreachta a sheachaint.

7.21 Leagann an Treoir um Sheirbhís Uilíoch agus na Rialacháin an phríomhfhreagracht ar ComReg, mar an rialálaí cumarsáide leictreonaí neamhspleách in Éirinn, le cinnteacht agus cosaint a thabhairt ar sholáthar buntacar de sheirbhísí teileachumarsáide sa Stát. Féadfaidh ComReg gnólacht nó gnólachtaí a thabhairt ar aon iarratas réasúnta chun freastal ar, ag suíomh seasta, ceangal leis an líonra cumarsáide poiblí agus seirbhís teileafóin poiblí a chur ar fáil ar an nasc gréasáin a ligeann do thionscnamh agus glaonna náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh. Ní mór don nasc bheith in ann tacú le cumarsáid ghutha, fhaics agus sonraí ag rátaí sonraí atá leordhóthanach le rochtain fheidhme ar an idirlíon a cheadú.Déantar tagairt do na riachtanais seo mar rochtain ag suíomh seasta (AFL USO).

7.22 Il mí Iúil 2016, ainmníodh Eircom mar an Soláthraí Seirbhíse Uilíche (USP) don tréimhse ón 29 Iúil 2016 - 30 Meitheamh 2021[88]: a chiallaíonn go bhfuil ar Eircom aon iarratas réasúnta AFL USO ó úsáideoirí deiridh a shásamh. D'athraigh ComReg an sainmhíniú atá ag baint le "iarratas réasúnta rochtana" agus thug sé tairseacha rochtana nua réasúnta isteach (a chuireann láthair na mBonneagar Malartach san áireamh). Is í aidhm an chinnidh seo ná oibleagáidí ar Eircom mar an USP a laghdú i dtaca le hiarratais na n-úsáideoirí deiridh do AFL USO a shásamh sna codanna sin den Stát ina bhfuil soláthraithe bonneagair/ seirbhísí eile.

7.23 Tacaíonn an cinneadh seo le bogadh ag an USP, nuair is cuí, le bheith ina sholáthraí na dála deiridh. Le linn na hidirthréimhse nuair atá na líonraí malartacha á n-úsáid, is é cuspóir ComReg ná cinntiú go bhfuil iarratais réasúnta ar rochtain ag suíomh seasta á gcomhlíonadh, ach gan aon ghá le hinfheistíocht neamhriachtanach i seanlíonra copair an USP agus gan cosc a chur ar aistarraingt an ghréasáin sin, uair amháin is go bhfuil rogha eile ar fáil.

[88] "universal Service Requirements Provision of access at a fixed location (aFl uSO)" Freagra ar Consultation and Decision, foilsithe ar 29 Iúil 2016, Uimhir Thagartha: 16/65. Uimhir Chinnidh: D05/16 ("an Cinneadh").

7.24 I gcomhthéacs na sprice seo, thar an tréimhse atá le teacht, tá sé beartaithe ag ComReg:

- **Glanchostas USO**: Mar thoradh ar sholáthar seirbhíse uilíche, féadfaidh na USPí seirbhísí sainithe a sholáthar ar chostas glan. Ceadaíonn Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2011, (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí) ("na Rialacháin um Sheirbhís Uilíoch") an USP maoiniú a lorg do na glanchostais ar na hoibleagáidí seirbhíse uilíche ("USO") a chomhlíonadh. Ar 31 Bealtaine 2011, d'eisigh ComReg Cinneadh Uimh. D04 / 11 maidir leis na prionsabail agus na modheolaíochtaí atá le húsáid leis na glanchostais maidir le soláthar na seirbhíse uilíche ag an USP, a ríomh. Leagann an cinneadh amach conas a ríomhfar glanchostas do gach USO agus a dhéileálfar le hualach míchothrom. Má thagann ComReg ar ualach míchothrom i dtaca le glanchostas, cuirtear dualgas do mheicníocht roinnte i bhfeidhm agus leithroinntear aon ghlanchostas idir soláthraithe na líonraí agus na seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Fuaireamar iarratais ó Eircom, ar mhaoiniú do sholáthar na seirbhíse uilíche ar na tréimhsí ábhartha, ag tosú 2009-2010. Táimid tar éis cinneadh a dhéanamh nár léirigh an glanchostais ualach míchothrom ar Eircom don tréimhse 2009-2010. Sa tréimhse R2 2017, beimid ag dul i gcomhairle ar ár réamhthuairimí maidir lenár measúnú ar roinnt iarratas ó Eircom. Dá réir sin, i gcás gach ceann de na hiarratais seo, beimid ag fíorú má bhíonn aon ghlanchostas ann, cad é atá i gceist, agus cinneadh a dhéanamh ar cé acu is nó nach ualach míchothrom ar Eircom é. Má bhíonn ualach míchothrom ann beimid ag cur i gcrích na oibre cuí leis an meicníocht um sheirbhís uilíoch roinnte tionscail a chur ar bun.
- **Athbhreithniú ar AFL USO**: Is dócha go mbeidh athrú suntasach ar na margaí cumarsáide leictreonaí mar thoradh ar an NBP. Níl ComReg ag súil go mbeidh sé seo curtha i bhfeidhm go hiomlán roimh dheireadh na tréimhse ainmniúcháin 5 bliana AFL USO, agus táimid ag súil nach mbeidh an éifeacht iomlán bainte amach le linn na tréimhse ainmniúcháin seo. Beidh monatóireacht agus athbhreithniú cúramach á ndéanamh againn ar na forbairtí seo le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a mbeidh aige ar sholáthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí bunúsacha sa Stát. Is é an t-imeacht láithreach is intuartha bronnadh chonradh PNB. Dá réir sin, beimid ag cur tús le hathbhreithniú 3 mhí tar éis don DCCAE an próiseas bronnta chonradh PNB a chur i gcrích. De bhun an athbhreithnithe, déanfaimid beart ar más gá dúinn tús a chur le próiseas comhairliúcháin nua maidir le AFL USO sa Stát, agus beimid ag foilsiú fógra faisnéise maidir leis seo.

- **Leathanbhanda Ard-luais:** Níl leathanbhanda ardluais mar chuid éigeantach den USO faoi láthair faoin dlí Náisiúnta agus AE. I gcomhthéacs an NBP, tá sé beartaithe againn gan úsáid a bhaint as riachtanais USO ar an Rochtain Idirlín Fheidhme (FIA) mar mheicníocht chun rochtain a fháil ar cheangail leathanbhanda, ag an am seo. Mar sin féin, tuaraimid go mbeidh ról ag riachtanais USO cinntiú go mbeidh fáil uilíoch ar leathanbhanda ard-luais ar phraghas réasúnta lasmuigh de cheantar idirghabhála NBP sa todhchaí. Tá an DCCAE ag déanamh monatóireachta ar phleananna na n-oibreoirí rolladh amach tráchtála a dhéanamh le cinntiú go bhfuil siad ag soláthar seirbhísí i gcomhair lena ngealltanais féin. Idir an dá linn, táimid ag leanúint linn ag bailiú agus ag déanamh anailíse ar fhaisnéis maidir leis na patrúin úsáide agus le soláthar leathanbhanda thráchtála, idir phleanáilte agus iarbhír. Táthar ag súil, de réir mar rolltar na líonraí curtha amach, bíodh sin ar bhonn tráchtála nó mar thoradh ar an NBP, beidh rochtain ghinearálta ar leathanbhanda á mhéadú agus beidh an t-íosráta sonraí a shonraítear faoi USO á shárú go dtí seo. Déanfaimid athscrúdú ar cheist riachtanais leathanbhanda ghasta FIA agus ar cibé USP amháin nó níos mó a ainmniú chun iad a sholáthar.

.

## Clúdach Móibíleach

**SPRIOC 17**

Úsáidtear oibleagáidí clúdaigh mhóibíligh le hinfheistíocht a chur chun cinn nuair is cuí.

7.25 Is í aidhm ComReg go **n-úsáidtear oibleagáidí clúdaigh mhóibíligh le hinfheistíocht a chur chun cinn nuair is cuí.** Tá tábhacht náisiúna ag baint le clúdach móibíleach, rud atá léirithe agus é mar thosaíocht sa Chlár Rialtais, agus búnú an tascfhórsa fón agus leathanbhanda móibíleach, a bhfuil cuspóir aige réiteach gasta a fháil ar an easpa clúdaigh leathanbhanda / teileafón, agus iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí chun seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí, úsáid níos fearr na sócmhainní Stáit ina measc.

7.26 In ainneoin na bhfeabhsúchán i rolladh amach seirbhísí móibíleacha 3G agus 4G in Éirinn, tá an tuairim ann go bhfuil taithí tomhaltóirí miondíola mhóibíligh ag dul in olcas. Ina Straitéis ar Bhainistiú an Speictrim Raidió, tá ComReg den tuairim go bhféadfadh go mbeadh a lán cúiseanna atá leis an taithí seo agus go bhfuil modhanna éagsúla le tabhairt faoin ábhar seo. Mar a pléadh i gCaibidil 6, tá tús curtha ag ComReg le sruth oibre chun tuiscint níos fearr a fháil ar na fachtóirí seo.

7.27 Mar a luadh cheana, tá clúdach móibíleach in Éirinn os cionn 90% den daonra (murab ionann agus tíreolaíocht) do 2G agus 3G le blianta fada anuas, agus tá na seirbhísí 4G thart ar 90% den daonra, agus is toradh é seo ar

fhórsaí iomaíochta a chuir chun cinn úsáid seirbhíse trí nuálaíocht agus infheistíocht.

7.28 Aithníonn ComReg má fhágtar na fórsaí iomaíochta ar a gconlán féin, beidh seirbhísí á soláthar ar leibhéal áirithe agus ar ardchaighdeán. Mar sin féin ní dócha go mbeidh clúdach níos faide ná leibhéal an chlúdaigh uileláithrigh mar gheall ar an mbealach neamhthráchtála a bhíonn an líonra curtha i bhfeidhm i roinnt limistéar tíreolaíoch. Bíonn dúshlain ag tréithe tíreolaíocha agus déimeagrafacha na hÉireann le cur chun cinn an líonra, go háirithe faoin tuath in áiteanna le líon beag daoine iontu.[89]

7.29 Má tá an tsochaí ag éileamh clúdach níos leithne seirbhísí ná mar is féidir a chur ar fáil go réalaíoch trí mhodhanna tráchtála, feicfidh ComReg ansin go bhfuil uirlisí rialála áirithe ar fáil a d'fhéadfaí a úsáid chun spreagadh rolladh amach bonneagair a chur chun cinn in áiteanna atá faoi láthair ar bhonn neamhthráchtála. Mar sin féin, in áiteanna neamhthráchtála atá ag iarraidh dreasachtaí nó a éilíonn clúdach, beidh gá le húsáid bonneagair agus beidh costas ag baint leis seo. Beidh machnamh cúramach le déanamh air seo freisin.

7.30 Bheadh sé mar aidhm ag na huirlisí seo aon bhearna idir éilimh na sochaí agus inmharthanacht thráchtála a líonadh maidir le clúdach gan sreang. Baineann na huirlisí rialála atá ar fáil ag ComReg go príomha le cearta úsáide speictrim do bhronntaí sa todhchaí. Sa tréimhse atá le teacht, beidh ComReg:

- **Clúdach agus rolladh amach oibleagáidí**: Déanfaidh ComReg machnamh ar oibleagáidí i dtaca le clúdach agus cur chun cinn úsaid éifeachtach an speictrim raidió a chinntiú, agus ar mhaithe le húsáideoirí deiridh a chur chun cinn go ginearálta. Maidir leis sin, aithníonn ComReg go bhfuil saintréithe an bhanda 700 MHz fabhrach do clúdach leathan, agus gur féidir clúdach nó clúdach dírithe agus an oibleagáid le clúdach níos fearr a rolladh amach bheith cuí don bhanna speictrim seo, agus
- **Meicníochtaí Comhoibrithe**: Déanfaidh ComReg imscrúdú ar úsáid na n-oibleagáidí ceadúnais le meicníochtaí comhoibriú éifeachtach ó thaobh costais de, a chur chun cinn (ar nós láthair / bonneagar roinnte) le cur chun cinn bonneagair a éascú ar mhaithe le húsáideoirí deiridh.

7.31 Ar deireadh, ba chóir tabhairt faoi deara go bhfuil machnamh ar na hoibleagáidí sin agus na meicníochtaí sannta cuí déanta ar bhonn gach cás ann féin do gach bronnadh bunaithe ar na fíricí agus ar chúinsí ar leith i ngach cás i dtaca leis an mbronnadh speictrim.

[89] Tá dlús daonra íseal de 67 duine an Km2 in Éirinn i gcomparáid leis an meánmhéid san AE de 117 duine an Km2. Ina theannta sin, tá céatadán ard de ceantair tuaithe in Éirinn a bhfuil dlús daonra acu de 26 duine an Km2 iontu. Ceantair tuaithe is cúis le 96.8% den talamh iomlán i gcomparáid le 87.6% do cheantair san AE. Cónaíonn an daonra uirbeach (atá mar 62 faoin gcéad den daonra iomlán) ar 2.4 faoin gcéad den talamh iomlán. Má chuirtear bailte agus sráidbhailte tuaithe níos lú san áireamh, méadaíonn an daonra go 69.1% den daonra a chónaíonn ar 3.1% den talamh iomlán. Ina theannta sin, tá tailte feirme agus foraoiseacha ar 76% den talamh. Úsáideann Éirinn an méid is mó talaimh feirme san AE. (Déanann Ceantar Uirbeach tagairt do bhailte le daonra iomlán de 1,500 nó níos mó. Déanann Ceantar Tuaithe tagairt don daonra taobh amuigh de cheantair Uirbeacha agus cuireann sé daonraí bailte le daonra de níos lú ná 1,500 duine iontu san áireamh.)

## BOSCA MÍNITHE 13:
## RÓL ILGHNÍOMHAIREACHTAÍ IN NRRS

Tá réimse gníomhaireachtaí nach ComReg iad atá freagrach maidir le hathléimneacht, iontaofacht agus slándáil líonra. Bíonn na páirtithe leasmhara éagsúil de réir na saincheiste idir lámha ag an am agus an tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige. Tá rannpháirtíocht éifeachtach leis na páirtithe leasmhara riachtanach chun maoirseacht agus comhsheasmhacht chuí a chinntiú agus le dúbailt maidir le gníomhaíochtaí a sheachaint. Tá sonraí na ngníomhaireachtaí atá ann faoi láthair thíos:

**ComReg**

- Faigheann sé tuarascálacha ó na hoibreoirí ar theipeanna líonra thar tairseach áirithe.
- Teagmhais dhiana a tuairisciú do Ghníomhaireacht an aontais Eorpaigh um Shlándáil Líonra agus Faisnéise.

**Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh Líonra agus Faisnéise (ENISA)**

- Soláthraíonn tacaíocht don AE agus do na Ballstáit ar fheabhsú agus ar neartú a n-acmhainneachta agus ullmhacht a chosc, a aimsiú agus freagairt d'fhadhbanna agus teagmhais slándála líonra agus faisnéise

**An Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil (DCCAE)**

- Feidhmiú mar Phríomhroinn Rialtais i gcásanna éigeandála a bhaineann le TFC.
- I gceannas ar an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC), ina bhfuil an Fhoireann Freagartha Teagmhas Slándála Ríomhairí.
- Tá sé seo dírithe ar dtús ar an earnáil Stáit agus feidhmíonn sé mar phointe teagmhála náisiúnta freisin.
- Déanann sí pleanáil freagartha éigeandála le Gardaí, HSE agus le hÚdaráis Áitiúla.

Aithníonn An Straitéis Náisiúnta ar Chibearshlándáil foilsithe Bonneagar Líonra agus Faisnéise Criticiúil mar chuid lárnach den chosaint leanúnach.

**Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí (ODPC)**

- Tá an ODPC freagrach as seasamh le cearta na ndaoine indibhidiúla mar atá leagtha amach sna hAchtanna, agus forfheidhmiú na n-oibleagáidí ar rialtóirí sonraí.

**Gardaí**

- Imscrúdú Coiriúil trí Bhiúiró an Gharda um Imscrúdú Calaoise.

**Fórsaí Cosanta**

- Imscrúdú Coiriúil trí Bhiúiró an Gharda um Imscrúdú Calaoise.
- Ag cinntiú a líonra féin agus ag comhoibriú leis NCSC san fhoghlaim.

## Athléimneacht, Iontaobhacht, agus Slándáil Líonra (NRRS)

7.32 Mar shochaí, tá ár gcuid gníomhaíochtaí geilleagracha agus sóisialta ag brath níos mó ar dea-fheidhmiú córas cumarsáide leictreonaí. Mar sin féin, tá córais den chineál sin i mbaol ag mífheidhmiú trealamh, earráid dhaonna, ionsaí mailíseach, drochimeachtaí aimsire agus teagmhais in earnálacha eile (mar shampla bristeacha leictreachais). Dá réir sin, is ábhar tábhachtach athléimneacht, iontaofacht agus slándáil líonra (NRRS), atá ag éirí níos tábhachtaí

7.33 Tá go leor gnéithe ag baint le NRRS nach dtagann faoi shainchúram ComReg. I measc na ngnéithe seo tá sonraí príobháideachta agus cosaint na gcóras TF ó chibear-ionsaí. Tá comhlachtaí poiblí éagsúla ann faoi láthair a bhfuil ról acu in NRRS (féach ar Bhosca Mínithe 13).

### SPRIOC **18**

Tá dreasachtaí ann, dreasachtaí rialála san áireamh, nuair atá riosca de theipeanna sa margadh, le hinfheistiú i slándáil, iontaofacht, agus i gcumas.

7.34 Mar rialtóir geilleagrach, measaimid má bhíonn riosca ann go mbeidh teip ar an margadh a d'fhéadfadh bheith ina chúis ag oibreoirí fo-infheistíocht a dhéanamh ar NRRS. Tá sé ar cheann de na teipeanna féideartha nach bhfuil an t-eolas nó na scileanna teicniúla ag na húsáideoirí deiridh le hidirdhealú a dhéanamh idir na hoibreoirí i gcás an dóigh a mbíonn siad ag bainistiú na rioscaí ar fud NRRS. Dá bhrí sin ní féidir cinntiú go mbeidh buntáistí do na hinfheistíochtaí i NRRS do thairiscintí na n-oibreoiríaonair. Tá an fhéidearthacht ann go mbeidh teip ar acmhainneacht ar an margadh i dtaca le rioscaí sistéamacha, rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar earnáil na tionsclaíochta ina iomláine.Bheadh tairbhe ag gach úsáideoir deiridh leis na hinfheistíochtaí i riosca sistéamach, ní amháin do chustaiméirí an oibreora atá ag déanamh na hinfheistíochta. Ar an láimh eile, má tá gach oibreoir faoin riosca sistéamach céanna, ansin ní bheidh aon mhíbhuntáiste san iomaíocht i dtaca leis an riosca - mar sin tá dreasacht thráchtála níos lú ann i dtaca leis an riosca a laghdú. Is réimse é seo atá sé beartaithe ag ComReg forbairt a dhéanamh air agus é mar aidhm a chinntiú go mbeidh **dreasachtaí, comh maith le dreasachtaí rialála, i gcás ina bhfuil baol an go mbeidh teip mhargaidh ann, chun infheistíocht a dhéanamh i slándáil, in iontaofacht, agus i gcumas.**

7.35 Mar chéad chéim, tá sé beartaithe ag ComReg díriú ar rioscaí sistéamacha, mar go bhfuil na hiarmhairtí féideartha is mó ag an bhfo-infheistíocht ag baint leis an riosca a laghdú do na húsáideoirí deiridh agus don tsochaí. Go sonrach:

- **Rioscaí sistéamacha ar chórais cumarsáide leictreonaí**: Tá sé mar aidhm againn staidéar a choimisiúnú le rioscaí sistéamacha a aithint a bhféadfadh tionchar forleathan a bheith acu - mar shampla neamhábaltacht

fhada ag neart daoine rochtain a fháil ar sheirbhísí cumarsáide tábhachtacha. Beidh an staidéar ag aithint chomh maith cé acu atá nó nach bhfuil socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh bainistíocht cheart á déanamh ar na rioscaí sin, agus a mhéad a bheidh na cumhachtaí agus na hacmhainní riachtanacha ag ComReg nó ag comhlachtaí poiblí eile.

## SPRIOC **19**

Cabhrú le lucht déanta beartas nuair is gá é, idirghabhálacha stáit a chruthú a théann leis an margadh agus le rialáil.

### Idirghabháil Stáit

7.36 Tá sé aitheanta ag rialtais ar fud na hEorpa an buntáiste sochgheilleagrach a bhaineann le nascacht fhorleathan, i leathanbhanda go háirithe, agus an tábhacht atá bainteach leis do rath geilleagrach agus cuimsiú sóisialta. Tá rath na mbuntáistí sochgheilleagracha seo ag brath ar an soláthar de rochtain fhorleathan, agus inacmhainne ar bhonneagar agus ar sheirbhísí ardluais.

7.37 Ní bheidh infheistíocht phríobháideach i líonraí á déanamh ach amháin nuair is féidir cinnte a dhéanamh go mbeidh ráta réasúnach toraidh ann. Tá go leor fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar thoradh dóchúil ar infheistíocht. Ó thaobh costais de, tá fachtóirí tíreolaíocha agus dlús daonra tábhachtach. Ó thaobh éilimh de, tá tábhachtacht ag baint le sástacht na dtomhaltóirí íoc as seirbhísí tábhachtacha. Ciallaíonn sé seo nach mbeidh infheistíocht phríobháideach léi féin ábalta bonneagar agus seirbhísí ardluais a chur ar fáil do thomhaltóirí uile in Éirinn.

7.38 Is sa spás idir infheistíocht thráchtála, agus na codanna sin den tír nach mbeadh a sheirbheáil ar bhonn dreasachtaí tráchtála amháin, a sheas an rialtais isteach leis an bhearna mhaoinithe a laghdú. Is é an buntáiste a bhaineann le hinfheistíocht phoiblí san líonra ná go dtugann sé nasc dóibh siúd nach mbeidh sé acu, ach tá an fhéidearthacht ann ag an infheistíocht seo gur féidir leis seo iomaíocht a shaobhadh agus buntáiste iomaíoch a thabhairt dóibh siúd a fhaigheann an maoiniú.



7.39 Ní mór d'infheistíocht phoiblí i líonraí cloí le treoirlínte Státchabhrach, agus faoi na treoirlínte, ní mór bearta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn aon saobhadh laghdaithe. De ghnáth, cuirtear na bearta sin i bhfeidhm i gcéim deartha na hidirghabhála agus go mbeadh bearta ar nós an líonra a bheith oscailte, neodrach ó thaobh teicneolaíochta, nó curtha ar fáil ar bhonn mórdhíola amháin.

7.40 Mar shaineolaithe sa réimse seo is féidir a iarraidh ar ComReg chun cabhrú, nuair is gá, ag DCCAE nó páirtí eile i dtaca leis na cineálacha tionscnamh poiblí seo. Maidir le hinfheistíocht phoiblí, is í sprioc straitéiseach ComReg, **i gcás inar gá, cabhrú le lucht déanta beartas idirghabhálacha stáit a dhearadh a théann leis an margadh agus le rialú**. Bainteach leis an gcuspóir seo tá:

- **Plean Náisiúnta Leathanbhanda**: Níl ComReg freagrach as an PNB, ach tá ról aige i bpróiseas PNB. Aithnítear sna Treoirlínte Eorpacha um Chúnamh Stáit mar údarás rialála náisiúnta (NRA) tá "gained technical knowledge and expertise due to the crucial role assigned to them by sectoral regulation. They are best placed to support public authorities with regard to the State aid schemes and should be consulted when target areas are being identified. NRAs should also be consulted with regard to determining the wholesale access prices and conditions and solving disputes between access seekers and the subsidised infrastructure operator."[90] "D'fhéadfadh ComReg a bheith in ann comhairle theicniúil tionscal ar leith a chur ar fáil nuair is cuí. Maidir leis seo, tá roinnt ball foirne curtha chuig DCCAE chun cúnamh den chineál sin a chur ar fáil.

7.41 Go háirithe, is féidir leis an NBP, le himeacht ama, impleachtaí a bheith aige ag rialáil, agus ón pheirspictíocht ghearrthéarma, tá seans go mbeidh impleachtaí ag rialáil agus todhchaí na rialála ar phróiseas tairisceana do NBP. Ar mhaithe le soiléireacht a thabhairt oiread agus is féidir maidir leis an gcreatlach rialála, tá iarracht déanta ag ComReg, gan dochar a dhéanamh do thoradh na gcomhairliúchán ComReg amach anseo, soiléireacht rialála a thabhairt do pháirtithe leasmhara nuair is féidir. Leanfaidh ComReg ag obair le páirtithe leasmhara ina leith seo.

[90] Cumarsáid ón gCoimisiún — Treoracha an AE ar chur i bhfeidhm rialacha Státchabhrach maidir le líonraí leathanbhanda a chur ar fáil go mear. (2013/C 25/01).

## BOSCA MÍNITHE 14:
## INFHEISTÍOCHT PHOIBLÍ I LÍONRAÍ

Tá na MANs faoi úinéireacht phoiblí, is líonraí snáthoptaice iad a chuireann rochtain oscailte agus gan srian ar fáil do gach oibreoir teileachumarsáide. Tá MAN déanta de dhuchtáil teileachumarsáide agus cábla snáthoptaice leagtha i bhfoirmiú fáinne i limistéar cathrach agus go bhfuil siad in ann bandaleithead a sholáthar beagnach gan teorainn ar 94 baile agus cathair ar fud réigiúin na hÉireann.

Maoiníodh na MANs le tacaíocht ó chistí struchtúracha an AE. Sa bhliain 2009, bronnadh conradh 15 bliana ar Enet le MAN a reáchtáil thar ceann an Rialtais.

**Scéim leathanbhanda náisiúnta (NBS)** [91]

Chómhaoinigh Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) an NBS, agus bhí sé deartha le leathanbhanda bunúsach, inacmhainne a sholáthar do cheantair, ar díríodh orthu, ar fud na tíre agus ina raibh seirbhísí easnamhach.

Bhain Three an conradh agus roll siad amach scéim NBS ar son an DCCAE. Faoi rialacha Stát-Chabhair an AE, bhí an idirghabháil le mairstin ar feadh tréimhse teoranta. Cuireadh deireadh le NBS i mí Lúnasa 2014 tar éis dó feidhmiú ar feadh tréimhse 68 mí. Lean Three ar aghaidh clúdach leathanbhanda a sholáthar ar fud cheantair NBS ar bhonn tráchtála. Thug an Rialtas €79.8 milliún don NBS.

**Plean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP)**[92]

Is togra Rialtais é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda, agus aidhm aige, pobail go léir na hÉireann a cheangal trí dhéileáil leis an dúshlán náisiúnta nascachta leathanbhanda i gceantair tuaithe. Tá sé mar aidhm ag an NBP íoslódáil 30Mbps agus uaslódáil 6Mbps ar a laghad a bhaint amach sna háitribh uile nach mbeidh ábalta rochtain bheith acu ar a leithéid seo de sheirbhísí trí infheistíocht thráchtála amháin. Cuirtear timpeall is 542,000 áitreabh, ina bhfuil 990,000 saoránach (21% den daonra náisiúnta), san áireamh i bplean an Rialtais.[93]

---

[91] Féach ar: www.dccae.gov.ie/communications/en-ie/Broadband/Pages/National-Broadband-Scheme.aspx
[92] Féach ar: www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/topics/Broadband/national-broadband-plan/Pages/National-Broadband- Plan.aspx
[93] Féach ar phreasráiteas ó Aibreán 2017 www.dccae.gov.ie/en-ie/news-and-media/press-releases/Pages/Naughten-finalizes-the- Broadband-Intervention-Map-.aspx

# COMHLÍONADH OIBLEAGÁIDÍ RIALÁLA A CHINNTIÚ

08

## 04 Rún Straitéiseach 4: CLOÍONN AONÁIN RIALAITHE LE hOIBLEAGÁIDÍ RIALÁLA.

| Cad é an chuma atá air seo? | |
|---|---|
| | - Tá aonáin rialaithe ar an eolas go hiomlán faoina n-oibleagáidí agus cloíonn siad leo<br>- Cuirtear stop le haonáin rialaithe ag sárú a n-oibleagáidí<br>- Tá cultúr institiúideach comhlíonta in aonáin rialaithe |

8.1 Tá sé ar cheann d'fheidhmeanna reachtúla ComReg cinntiú go gcloíonn tograí rialála le hoibleagaidí reachtúla. D'fhéadfadh a leithéid seo d'oibleagáidí teacht go díreach ón reachtaíocht nó ó bhearta a chuir ComhReg i bhfeidhm, agus é ag déanamh a fheidhmeana rialála. Maidir leis an bhfeidhm seo, déanann ComReg monatóireacht ar an gcomhlíonadh oibleagáidí agus d'fhéadfadh sé fiosrúcháin a dhéanamh agus roghanna forfheidhmithe éagsúla a dhéanamh, ag brath ar chúrsaí.

8.2 Níl rialáil mhargaidh éifeachtach agus fiúntach ach sa mhéid is go gcloíonn na haonáin rialaithe lena n-oibleagáidí rialála. Sa chás seo, tacaíonn an rún straitéiseach seo leis na trí rún straitéiseacha roimhe. Leagann an Chaibidil seo amach spriocanna straitéiseacha ComReg bainteach le comhlíonadh oibleagáidí rialála a fhorfheidhmiú, agus an cuspóir ardleibhéil ann, **go gcloíonn aonáin rialaithe leis na hoibleagáidí rialála.**

8.3 Príomh-mhachnamh a thugann faisnéis do straitéis ComReg is ea go bhfuil timpeallachtaí comhlíonta éagsúla ann ina bhfuil ComReg gníomhach. Déanann ComReg rólanna monatóireacht agus forfheidhmithe éagsúla amhail comhlíonadh coinníollacha ceadúnaithe speictrim, oibreoirí ag cloí le hoibleagáidí a bhrúnn ComReg orthu, agus oibreoirí ag cloí le hoibleagáidí de réir reachta, i gcomhthéacs miondíola agus mórdhíola. I gcoitinne áfach, tá sé úsáideach le smaoineamh ar na gnéithe de straitéis forfheidhmithe sna téarmaí seo a leanas:

- **Cultúr Comhlíonta**: Is í an chéad staid is fearr nuair a chloíonn na haonáin rialaithe lena n-oibleagáidí go deonach agus go bhfuil cultúr comhlíonta acu.
- **Comhlíonadh agus Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe Spriocdhírithe**: Baineann gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe spriocdhírithe le hacmhainní a úsáid i dtreo gníomhaíochtaí – amhail monatóireacht ghníomhach, fiosrúcháin ghníomhacha, agus má tharlaíonn neamhchomhlíonadh, gníomhaíocht forfheidhmithe cuí a dhéanamh – ar bhealach a uasmhéadaíonn éifeachtúlacht an réimis ina iomláine.


- **Díspreagadh Éifeachtach**: Ní bhraitheann éifeachtúlacht an réimis ar dheireadh a chur le hiompar neamhchomhlíonta amháin, ach ar a thionchar ó thaobh neamhchomhlíonadh a dhíspreagadh sa todhchaí.

8.4 Cuireann straitéis éifeachtach ina bhfuil gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe spriocdhírithe acu agus a bhfuil saintréithe díspreagtha éifeachtacha acu, cuireann siad cultúr comhlíonta chun cinn taobh istigh de na haonáin rialaithe.

8.5 I bprionsabal, déanann gnéithe den straitéis fáinne sochair ina gcomhlíonann na haonáin rialaithe iompair spriocdhírithe, rud a ligeann don rialálaí athdhíriú ar ghníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe, agus araile. Sula dtéimid ar aghaidh leis na gnéithe a phlé, tá sé úsaideach le hathbhreithniú gairid a dhéanamh ar na socruithe forfheidhmithe éagsúla.

## DÉANANN GNÉITHE DEN STRAITÉIS FÁINNE SOCHAIR

**Fíor 13: Forfheidhmiú Optamach**



## Socruithe Forfheidmithe Éagsúla

8.6 Maidir leis na margaí cumarsáide leictreonaí, tá trí phríomhréimse freagrachta ag ComReg i dtaca le comhlíonadh agus forfheidhmiú:

- Speictream
- Rialáil Mhórdhíola, agus
- Cosaint do Thomhaltóirí

### Comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcomhthéacs bhainistiú speictrim

8.7 Tá feidhm reachtúil ag ComReg an speictream minicíochta raidió a bhainistiú in Éirinn. San áireamh tá:

- Monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh le coinníolllacha atá bainteach le cearta úsáide speictrim (m.sh. údarú ginearálta agus coinníollacha ceadúnais)
- Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an speictrim raidió le húsáid neamhúdaraithe a aimsiú agus an ghníomhaíocht fhorfeidhmithe chuí a dhéanamh, agus
- Cásanna sáraithe tuairiscithe ag ceadúnaithe agus ag an ngnáthphobal a iniúchadh, agus an ghníomhaíocht fhorfheidhmithe chuí a dhéanamh.

8.8 Maidir le húsáid neamhúdaraithe speictrim, i measc na ngnáthcheisteanna a thagann chun cinn tá úsáid neamhcheadúnaithe an speictrim raidió do chraoltóireacht, gan ceadúnais theileagrafaíochta gan sreang a athnuachan, agus úsáid trealaimh nach bhfuil oiriúnach le húsáid laistigh den AE.

8.9 Déanann ComReg sraith réamhghníomhach gníomhaíochtaí monatóireachta, ina measc, ach níl sé teoranta do, triail a bhaint as na líonraí móibíleacha le riachtanais chlúdaigh a mheas, tástáil a dhéanamh le cinntiú go gcloíonn ceadúnaithe leis na teorainneacha radaíochta neamhianúcháin, agus cigireachtaí rialta ar shuíomhanna agus ar shuiteáil raidió.

### Comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcomhthéacs rialála mórdhíola

8.10 D'fhéadfadh ComReg oibleagaidí a bhrú ar thograí nuair a fuarthas amach go raibh Cumhacht Mhórthábhachtach Mhargaidh (SMP) acu. Is réitigh mhórdhíola na hoibleagáidí seo ar fhadhbanna iomaíochta aitheanta sna margaí rialaithe agus tá sé d'aidhm acu éifeachtúlacht, iomaíocht inbhuanaithe, infheistíocht agus nuálaíocht éifeachtúil a chur chun cinn, agus leis an tairbhe is mó a thabhairt d'úsáideoirí deiridh, agus ina measc tá:

- Oibleagáidí le rochtain ar líonra a sholáthar
- Oibleagáidí le rialú praghsanna a chur i bhfeidhm amhail praghsáil bunaithe ar chostas agus cuntasaíocht chostála
- Oibleagáidí le gníomhú ar bhealach neamhidirdhealaitheach, agus
- Oibleagáidí le faisnéis áirithe a fhoilsiú.

8.11 Níl sé go dtí go gcloíonn na hoibreoirí SMP go hiomlán lena n-oibleagáidí a mhaolaítear na fadhbanna iomaíochta aitheanta. Sa ghearrthéarma, d'fhéadfadh comhlíonadh páirteach bheith sásúil go leor le hiontráil sa mhargadh a spreagadh. Is féidir an bonn a bhaint ó mhuinín chuardaitheoirí ar rochtain le hinfheistiú ar aghaidh, mar shampla, má fhaigheann siad amach níos moille gur caitheadh leo ar bhealach idirdhealaitheach nó mura raibh follasacht iomlán ann mar atá ag teastáil ón réimeas rialála, nó gur cuireadh moill ar a n-iarratais rochtana gan chúis. Don fháth seo, tá an fhéidearthacht ag gach cás de neamhchomhlíonadh fíordhamáiste a dhéanamh d'iomaíocht - go háirithe más eachtra í nár chuir próisis chomhlíonta imheánacha oibreoir an SMP féin cosc uirthi, nár tháinig sé uirthi, nó nach ndearna sé réiteach uirthi.

8.12 Tá ComReg freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar agus cloí lena leithéid seo d'oibleagáidí rialála a fhorfheidhmiú. I dteannta oibleagáidí SMP, déanann ComReg monatóireacht ar agus forfheidhmíonn siad oibleagáidí éagsúla a thagann chun tosaigh faoin ECF agus faoi Acht 2002. Tá ComReg freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcloí lena leithéid seo d'oibleagáidí rialála. Tá ról ag ComReg maidir le díospóidí fosta.[94]

8.13 Tá roinnt fáthanna ann le fiosrúcháin a oscailt. Ina measc tá monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ar a gconlán féin, tríd na hoibleagáidí atá ann faoi láthair a úsáid, tús a chur le fiosrúcháin bunaithe ar fhaisnéis ag teacht ar aire ComReg trí mheicníochtaí amhail gearáin ó oibreoirí. Tá iarratais ann ó úsáideoirí ag iarraidh ar ComReg a gcumhachtaí réitigh díospóide a úsáid.

## Comhlíonadh agus forfheidhmiú i gcomhthéacs chosaint tomhaltóirí

8.14 Tá ComReg freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar agus comhlíonadh oibreoirí a fhorfheidhmiú sna margaí cumarsáide leictreonaí, agus ar sholáthraithe seirbhíse ardráta le forálacha éagsúla um chosaint tomhaltóirí. Tagann na príomhdhlíthe um chosaint tomhaltóirí ón ECF, a chosnaíonn úsáideoirí deiridh agus síntiúsóirí, ag nótáil ach go háirithe forálacha Rialacháin na Seirbhíse Uilíche agus Rialacháin um Chosaint Sonraí agus Príobháideachas maidir le glaonna gan iarraidh, mar aon le, hAcht 2002, agus na hoibleagáidí ar na gealltanais go léir san Údarás Ginearálta[95], i dteannta Rialacháin Chearta Tomhaltóirí[96] agus Rialacháin um Théarmaí Conartha Éagothroma.[97]

8.15 Tríd is tríd, baineann na príomhfhorálacha um chosaint tomhaltóirí le:

- Oibleagáidí ar an USP le rochtain ar láithreán seasta agus caighdeán ar leith riachtanas seirbhíse a sholáthar
- Oibleagáidí ar ghealltanais ECS maidir le fánaíocht, neodracht

[94] D'fhéadfadh díospóidí teacht chun cinn faoi Rialachán 31 de na Creatrialacháin, Alt 57 d'Acht 2002, agus Rialacháin 4, 5, 6, 7, 8, 9 de na Rialacháin um Chostas Leathanbhanda.
[95] Forálann Rialachán 8(1) de na Rialacháin Údaraithe, go bhféadfadh ComReg na coinníollacha atá le cur le húdarú ginearálta a lua go sonrach.
[96] Rialacháin (Faisnéis Tomhaltóra, Cealú agus Cearta Eile) an Aontais Eorpaigh 2013 (I.R. Uimh. 484/2013).
[97] Rialacháin (Téarmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) na gComhphobal Eorpach 1995 (I.R. Uimh. 37 de 1995), mar a leasaíodh. Nótáil ach go háirithe, na leasuithe déanta ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Téarmaí Éagothroma i gConarthaí Tomhaltóirí) (Leasú) 2014 (I.R. Uimh. 336 de 2014).

idirlín, inaistritheacht uimhreach, ag athrú, follasacht, conarthaí agus billeáil, agus

- Oibleagáidí ar sholáthraithe PRS.

8.16 Tá roinnt fáthanna ann le fiosrúcháin a oscailt. Déanann ComReg monatóireacht ar threochtaí i gconarthaí a fhaightear ón ngnáthphobal, déanta trí fhoireann chúram tomhaltóirí ComReg agus suíomh gréasáin ComReg. Fiosraíonn ComReg gearáin agus treochtaí, agus déanann sé measúnú le cinneadh a dhéanamh ar a mbailíocht. D'fhéadfadh ComReg fiosrúcháin ar a gconlán féin a oscailt le monatóireacht a dhéanamh ar chomhréireacht ghinearálta le hoibleagáidí atá i gcúram ComReg. Baineann cuid de na príomhcheisteanna a thagann chun cinn sa chomhthéacs seo, mar a pléadh i gCaibidil 6, le ceisteanna billeála, téarmaí conartha, seirbhís PRS ceada eolasaigh le billeáil/soláthair. Léiríonn na Rialacháin Neodrachta Idirlín agus na Rialacháin Fánaíochta réimsí nua agus breise mar ábhar fócais.

## Cultúr Comhlíonta

**SPRIOC 20**

Tá aonáin rialaithe réamhghníomhach agus iad ag cinntiú a gcomhlíonta féin.

8.17 Tá ComReg den tuairim go bhfuil an staid is fearr ann nuair atá aonáin rialaithe ar an eolasgo hiomlán ar a n-oibleagáidí, nuair a chloíonn siad leo agus nuair atá cultúr comhlíonta acu. Sa chomhthéacs seo, is sprioc ComReg í go bhfuil **aonáin rialaithe réamhghníomhach agus iad ag cinntiú a gcomhlíonta féin.** Spreagann ComReg oibreoirí go mór le srianta agus beartais inmheánacha láidre bheith acu, cosc a chur ar neamhchomhlíonadh agus é a aimsiú.

8.18 D'fhéadfadh aonáin rialaithe, go háirithe iad siúd atá faoi réir oibleagáidí dírithe ar neamhidirdhealaitheacht a chinntiú, beartais oibríochtúla agus rialaithe a chur i bhfeidhm, agus an cuspóir acu, prionsabail an chomhlíonta a chur chun cinn ar gach leibhéal eagraíochtúil. Nuair a chuirtear i bhfeidhm go héifeachtach iad, is féidir lena leithéid seo de bheartais comhlíonadh a chinntiú, agus an gá le hidirghabháil rialála a laghdú, agus ar an dóigh sin, iomaíocht éifeachtach agus inbhuanaithe a chur chun cinn.

8.19 Ba chóir d'oibreoirí, inter alia, machnamh a dhéanamh ar na cleachtais seo a leanas maidir le cultúr comhlíonta a chur chun cinn:

- Tacaíocht agus coimitmint ón mbainstíocht shinsearach do chláir chomhlíonta inmheánacha
- Beartas soiléir agus forfheidhmithe ar chomhlíonadh, nósanna imeachta smachta cuí, cosc a chur ar iompair neamhchomhlíonta ar gach leibhéal
- Maoirseacht ar chláir chomhlíonta ag comhlacht monatóireachta ar leith amhail coiste iniúchóireachta inmheánaí, ar leibhéal sinsearach le go leor acmhainní, neamhspleáchais agus údaráis
- Srianta inmheánacha bunaithe ar riosca, leagtha amach le cinntiú go ndéantar athbhreithniú orthu agus go gcoinnítear ar bhonn rialta iad
- Monatóireacht chórasach, éifeachtach agus léirithe ar

shrianta inmheánacha, agus

- Teagmháil, treoir agus traenáil rialta ar gach leibhéal den chomhlacht ar chláir chomhlíonta.

8.20 Nuair is cuí é, bainfidh ComReg úsáid as rannpháirtíocht agus plé leis na hiompair inmhianaithe laistigh de na hearnálacha roghnaithe tionscail a chothú. Is féidir leis seo bheith ábhartha ach go háirithe sa réimse comhlíonta speictrim.

## Comhlíonadh agus Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe Spriocdhírithe

SPRIOC **21**

Tá gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe dírithe agus tugtar tosaíocht chuí dóibh.

8.21 Mar go bhfuil acmhainní teoranta ag ComReg, caithfidh sé tosaíocht a thabhairt do na cásanna a fhiosraíonn sé. Mar sin de, sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg go bhfuil **gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe dírithe agus go dtugtar tosaíocht chuí dóibh.** Is í an chiall leis na socruithe forfheidhmithe éagsúla ina bhfeidhmíonn ComReg go gcaithfear straitéis forfheidhmithe a chur in oiriúint do na cúinsí ábhartha.

8.22 I gcomhthéacs bhainistiú speictrim, tugtar tosaíocht do chásanna bunaithe ar mhéid an chur isteach agus ar ghné an tionchair ar an tseirbhís. Tugtar an tosaíocht is airde do chásanna chur isteach nuair atá bagairt láithreach ar shábháilteacht saoil, agus nuair a chuirtear isteach go dáiríre ar na seirbhísí éigeandála, rialú aerthráchta agus rialú muirthráchta a chuireann bac tromchúiseach ar chumarsáid raidió, m.sh., bac a chuireann isteach go mór ar chumarsáid don Rialú Aerthráchta nó do na Seirbhísí Éigeandála. Tugtar an chéad leibhéal eile de thosaíocht do chásanna chur isteach a chuireann cainéal ceadúnaithe ó rath, nó a bhfuil drochthionchar acu ar leas geilleagrach ceadúnaí. Tugtar níos lú tosaíochta do chásanna ina bhfuil níos lú géarchur isteach ina chrá croí, a tharlaíonn ó am go ham, nó atá tánaisteach.

8.23 I rialáil mhórdhíola, tugtar tosaíocht don fhorfheidhmiú i gcásanna ina bhfuil an fhéideathacht is mó ann go ndéanfadh iompar oibreoir SMP dochar d'iomaíocht – idir dhíreach agus indíreach trí mhuinín na n-oibreoirí eile in éifeachtúlacht agus intuarthacht an réimis rialála a laghdú. D'fhéadfadh sáruithe a thagann chun cinn de dheasca chóras inmheánach smachta an oibreora SMP féin, bheith ina dtosaíocht fhorfheidhmithe níos isle dá dtuairisceofaí go follasach iad, dá réiteofaí, go réamhghníomhach agus go héifeachtach iad, agus dá dtabharfaí faoi na teipeanna sa smacht ba chúis leis an sárú, i gcomhthéacs timpeallachta smachta atá ag feabhsú go fóill. Is féidir le ComReg déine an tsáraithe a chur san áireamh nuair atá cinneadh á dhéanamh ar thosaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht fhorfheidhmithe.

8.24 I gcomhthéacs na cosanta do thomhaltóirí, d'fhéadfaí tosaíocht a thabhairt do chásanna trí mheasúnú tábhachtachta a dhéanamh ar oibleagáid bainteach le cinntiú go mbeidh úsaideoirí deiridh ábalta a roghanna a dhéanamh agus seirbhísí

cumarsáide a úsáid go muiníneach. D'fhéadfadh na treochtaí i ngearáin faighte ón ngnáthphobal, agus déanta trí fhoireann tomhaltóirí agus trí shuíomh gréasáin ComReg, faisnéis a thabhairt don mheasúnú seo. Tá fócas ar thuras tomhaltóirí agus ar mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcloí le hoibleagáidí conartha, billeáil, ag athrú, neodracht idirlín, agus le ceartú a iarraidh. Is beag a chuirimid suas le sárúithe oibleagáidí le rochtain ar sheirbhís fhreagartha ghlaonna éigeandála a chinntiú mar gheall ar thábhacht shoiléir ghlaonna éigeandála. I gcomhthéacs PRS, is príomhbhuairt í le cinntiú go dtugtar cead eolasach soiléir.

## Díspreagadh Éifeachtach

**SPRIOC 22**

Tá cumhachtaí éifeachtacha againn le comhlíonadh a dhreasú agus le monatóireacht agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh.

8.25 Déanann sáruithe rialála dochar do thomhaltóirí, do chomhlachtaí, agus don tionscal. Mar sin de, tá rialáil láidir barrthábhachtach don gheilleagar i gcoitinne. Tá éifeachtúlacht na rialála barrthábhachtach mar gheall ar chumhachtaí forfheidhmithe láidre bheith ar fáil. Cinntíonn cumhachtaí forfheidhmithe agus pionóis éifeachtacha go bhfeidhmíonn gníomhaíocht rialála mar fhíorbhac don pháirtí a bhfuil pionós á ghearradh air agus do pháirtithe rialaithe eile araon. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg go bhfuil **cumhachtaí éifeachtacha againn le comhlíonadh a dhreasú agus le monatóireacht agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh.**

8.26 Tá ComReg iontach gníomhach i bhforfheidhmiú rialála trína rannpháirtíocht i dtionscal agus maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe sibhialta agus coiriúlachta a dhéanamh má tá teipthe ar rannpháirtíocht nó má tá sé míchuí. Nuair is gá, díríonn clár forfheidhmithe ComReg ar sháruithe dáiríre, atá déanta d'aon turas in amanna, agus a bhfuil tionchar acu go minic ar líon mór custaiméirí agus úsáideoirí deiridh. Is minic gur féidir le soláthraithe seirbhíse brabús mór a dhéanamh, agus gan chúis, ar an dlí a bhriseadh.  Baineann cuid de ghníomhaíochtaí forfheidhmithe ComReg, mar a pléadh thuas, le cúrsaí mar a bhfuil bagairt fhéideartha ann do shábháilteacht agus do shlándáil an phobail.

8.27 Nuair a iarrann ComReg ar phionóis shibhialta do sháruithe oibleagáidí a dhéanann damáiste d'iomaíocht, bainfidh ComReg úsaid as cur chuige na n-údarás iomaíochta a úsáidtear ina lán dlínsí maidir le méid an phionóis a cheangal le méid an mhargaidh a raibh tionchar ag an sárú air. Ba chóir don chur chuige seo éifeacht an bhaic ar an réimeas reatha a mhéadú

8.28 Is minic a chuireann teorainneacha an réimis ina bhfeidhmíonn sé bac ar ComReg áfach. D'éascódh feabhsuithe ar a chumhachtaí forfheidhmithe (idir choiriúil agus shibhialta) ComReg a acmhainní teoranta a uasmhéadú

8.29 Mhol ComReg athruithe ar an réimeas forfheidhmithe ina bhfeidhmíonn sé. In 2012, chuir ComReg comhaighneacht, a rinneadh leis an CER, leis an Údarás Iomaíochta, agus le Bord Leigheasra na hÉireann, faoi bhráid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí le cás a dhéanamh do níos mó

cumhachtaí agus pionós forfheidhmithe. In 2016, chuir ComReg an dara aighneacht faoi bhráid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ag cur a mhacasamhail d'argóintí chun tosaigh maidir leis na ngá don réimeas forfheidhmithe gné mhór baic a chuimsiú, go háirithe, i gcomhthéacs ardluach na margaí dinimiciúla, amhail margaí cumarsáide leictreonaí mar a bhfuil idirghabháil thráthúil agus éifeachtach ríthábhachtach in uasmheadú leasa shochaíoch.

8.30 Síleann ComReg go bhféadfaí an réimeas forfheidhmithe reatha a fheabhsú i dtrí réimse:

- **Smachtbhannaí riaracháin a sholáthar:** D'éascódh sé rialáil éifeachtach na hearnála cumarsáide leictreonaí dá bhféadfadh ComReg smachtbhannaí airgeadais sibhialta (fíneálacha riaracháin) a bhrú go díreach i gcúinsí cuí. I gcontrárthacht na smachtbhannaí airgeadais brúite ag an gcúirt, is féidir fíneálacha riaracháin a bhrú láithreach, agus mar sin, feidhmiú mar dhíspreagadh níos fearr leis an dlí a bhriseadh. Cumasaíonn fíneálacha riaracháin saineolas an rialálaí a úsáid go hiomlán agus go cuí, a fhaisnéis ar na fachtóirí ábhartha agus ar na hearnálacha ar leith san áireamh.
- **Leibhéal na bpionós airgeadais a mhéadú:** Caithfidh fíneálacha féideartha bheith ard agus feidhmiú mar dhíspreagadh láidir. Leanfaimid ar aghaidh le bheith ar son méadú san uasfhíneáil a d'fhéadfaí brú do chionta coiriúla, tar éis ciontú a chúisiú. Ísíodh seo in 2011 go huasfhíneáil de €500,000 amháin, atá ró-íseal le héifeacht mhór díspreagtha bheith aige i gcomhthéacs scála chuid de na hoibreoirí san earnáil teileachumarsáide. Sílimid go mbeadh an soláthar a bhí ann roimhe d'fhíneálacha de suas go 10% den láimhdeachas, nó €5 milliún, cibé ceann atá níos airde, níos cuí.
- **Cumhachtaí caighdeánaithe**: Ba chóir cumhachtaí rialála, agus go háirithe, cumhachtaí cigireachta agus forfheidhmithe bheith caighdeánaithe a mhéad agus is féidir ar fud na gcomhlachtaí rialála go léir. D'fheabhsódh sé seo éifeachtúlacht agus éifeachtacht na rialála.

8.31 Aithníonn ComReg go bhféadfadh straitéisí comhlíonta agus forfheidhmithe éagsúla tionchar díspreagtha níos éifeachtaí bheith acu, ag brath ar an timpeallacht. Mar shampla, d'fhéadfadh straitéisí comhlíonta agus forfheidhmithe, a dhéanann iarracht éifeachtaí cáile a threisiú, bheith éifeachtach. Tá an cineál straitéise seo níos éifeachtaí i dtimpeallacht ina bhfuil tionchar iompar tomhaltóirí tábhachtach, go háirithe nuair atá deiseanna ann le hathrú ó sheirbhís amháin go seirbhís eile.

8.32 Thar an tréimhse atá le teacht, leanfaidh ComReg ar aghaidh, bunaithe ar a shaineolas agus a eispéireas rialála san earnáil cumarsáide leictreonaí, le bheith i bhfách leasuithe reachtaíochta a chuirfidh ar a chumas a straitéis a chomhlíonadh.

09

# AG FEIDHMIÚ MAR RIALÁLAÍ ÉIFEACHTACH AGUS ÁBHARTHA

# 05 Rún Straitéiseach 05: IS RIALÁLAÍ ÉIFEACHTACH AGUS ÁBHARTHA COMREG

| Cad é an chuma atá air? | |
|---|---|
| | ▪ Tarlaíonn idirghabhhálacha mar fhreagairt do dhochar soiléir nó do chuspóirí beartais phoiblí sonracha<br>▪ Tá idirghabhálacha éifeachtach agus cóir maidir le teip mhargaidh nó leis an gcuspóir beartais phoiblí lena mbaineann siad<br>▪ Féachtar orainn mar cheannasaí smaointeoireachta agus tá meas ag daoine agus eagraíochtaí eile ar ár dtuairimí, idir sa tír nó idirnáisiúnta<br>▪ Siltear go dtugaimid ardleibhéal luacha don phobal |

9.1 Bunús leis na gníomhaíochtaí go léir in ComReg atá an prionsabal go mbaineann margaí a fheidhmíonn go maith, na torthaí optamacha amach ó thaobh praghsanna, caighdeáin, roghanna agus nuálaíochta de. Aithníonn ComReg nach bhféadfadh margaí cumarsáide neamhrialaithe na torthaí is optamaí agus is sásúla ó thaobh na sochai de, a bhaint amach mar gheall ar theipeanna margaidh agus ar an ngné neamhthráchtála de sheirbhísí áirithe a sholáthar. Tá na rúin straitéiseacha, na spriocanna bainteacha, agus na tograí áirithe go léir leagtha amach sna ceithre chaibidil roimhe, bunaithe ar an bprionsabal seo.

9.2 Aithníonn ComReg, i gcomhthéacs chúinsí beartais phoiblí, margaidh agus teicneolaíochta atá ag athrú, nach féidir leis seasamh éigníomhach a ghlacadh. Ina áit sin, déanfaidh sé a dhícheall rialáil leanúnach, éifeachtach agus ábhartha a chinntiú trí fheidhmiú mar eagraíocht ghníomhach agus dhinimiciúil atá ábalta freagairt don timpeallacht atá ag athrú go gasta. Tá sé réidh, ó thaobh saineolais, anailísíochta láidre, agus an eolais suas chun dáta de, le tabhairt faoi na ceisteanna a bhfuil tionchar acu ar ár gcumas agus ar ár misean a chomhlíonadh.

9.3 Leagann an Chaibidil seo ár spriocanna amach, bainteach le bheith ag **feidhmiú mar rialálaí éifeachtach agus ábhartha**. Léiríonn Fíor 14 thíos an caidreamh idir na cúig phríomhspreagthóirí de rath eagraíochtúil:


- **Sonraí** (nó faisnéis mhargaidh): Tá rochtain ag teastáil ó ComReg ar shonraí ardchaighdeánacha, tráthúla agus cuí sa dóigh is gur féidir leis tuiscint níos doimhne ar an earnáil a fhorbairt ar aghaidh.
- **Anailís** (anailísíocht láidir): Caithfidh ComReg bheith ábalta anailísíocht sonraí chuí a dhéanamh.
- **Rannpháirtíocht** (agus ceannasaíocht smaointeoireachta): Caithfidh ComReg páirtíocht ghníomhach, shainiúil agus aititheach a dhéanamh le páirtithe leasmhara, idir intíre agus idirnáisiúnta.
- **Mandáid**: Ba chóir do ComReg a shaineolas san earnáil a úsáid agus páirt dhearfach a ghlacadh i bplé beartais phoiblí, idir intíre agus idirnáisiúnta, a bhféadfadh tionchar bheith acu ar chumas ComReg a mhisean a chomhlíonadh.

- **Daoine agus próisis**: Ag cur taca faoi na ceithre phríomhspreagthóir de rath eagraíochtúil atá an riachtanas go bhfuil lucht oibre meabhrach, sciliúil, spreagtha agus sásúil in ComReg ar saineolaithe ina n-ábhair iad, agus a dtacaíonn próisis eagraíochtúla éifeachtacha leo.

9.4 Is caidreamh bunúsach é seo sa dóigh is go gcuireann rath faoi na cúig cheannteideal seo leis an dochúlacht go n-éireoidh le ComReg na rúin straitéiseacha, atá leagtha amach sna caibidlí roimhe, agus ar deireadh, a mhisean, a bhaint amach.

9.5 Ar deireadh, pléann an Chaibidil seo an cheist faoi acmhainní foirne. Dála comhlachtaí poiblí eile, laghdaigh ComReg líon a oibrithe foirne de dheasca na géarchéime airgeadais. Thit líon na n-oibrithe foirne ó 124 go 115 FTE. Le feidhmeanna rialála nua, tráthúlacht agus éifeachtacht na gceann atá ann faoi láthair a fheabhsú, déanfaidh ComReg cinnte go mbeidh líon na foirne sásúil sna 5 bliana atá le teacht. Táimid ag iarraidh na ceada a fháil ó na hAirí cuí, líon na n-oibrithe foirne a mhéadú go dtí an leibhéal sin a shílimid a bheidh riachtanach leis an straitéis, leagtha amach sa ráiteas seo, a bhaint amach. Creideann ComReg gur cás eile ar fad is ea gur mhó na tairbhí a rachadh chun úsáideoirí deiridh agus chun na sochaí ó líon oibrithe foirne sásúil ná na costais bhainteacha.

**Fíor 14: Rialáil Éifeachtach agus Ábhartha a Chinntiú**



## Sonraí agus Anailís

9.6 Tá rochtain ar shonraí ardchaighdeánacha, trathúla agus cuí, barrthábhachtach d'obair ComReg. Bailíonn ComReg faisnéis ó réimse leathan imreoirí tionscail, ag úsáid cumhachtaí rialála nuair is cuí é. Cuirtear faisnéis ó fhoinsí eile leis na sonraí seo, sonraí suirbhé san áireamh.

9.7 Úsáidtear sonraí in ComReg ar bhealaí éagsúla. Mar shampla:

- **Cinnteoireacht rialála**: Bailíonn agus déanann ComReg anailís ar shonraí i gcomhthéacs cinnteoireachta rialála. Mar shampla, bailítear méideanna móra sonraí le hathbhreithnithe a dhéanamh ar mhargaí. Bailítear sonraí do chuspóirí rialála eile fosta, san áireamh mar shampla, measúnuithe tionchair rialála a dhéanamh. Tá ComReg freagrach as cinntiú go ndéantar cinntí rialála ó anailís thráthúil, oibiachtúil agus bhailí bunaithe ar shonraí ardchaighdeánacha, cruinne.
- **Monatóireacht, comhlíonadh agus forfheidhmiú**: Déanann ComReg rólanna monatóireachta agus forfheidhmithe éagsúla amhail comlíonadh coinníollacha ceadúnaithe speictrim, oibleagáidí arna mbrú ag ComReg agus oibleagáidí arna mbrú de réir reachta. Bailítear sonraí do na cuspóirí seo ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, tá ComReg ag úsáid cianchóras monatóireachta a bhailíonn agus a stórálann sonraí úsáide speictrim a thugann faisnéis ar ghníomhaíochtaí bainistithe speictrim. I réimse um chosaint tomhaltóirí, déanann ComReg monatóireacht ar threochtaí i ngearáin ón ngnáthphobal. Úsáidtear an fhaisnéis seo chun cabhrú le tosaíocht a thabhairt d'acmhainní agus iad a dháileadh freisin.
- **Faisnéis a thabhairt do thionscal agus d'úsáideoirí deiridh**: Bailíonn ComReg sonraí le faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile. Mar shampla, bailíonn ComReg faisnéis ó oibreoirí ar phraghsanna seirbhísí leathanbhanda, móibíleacha agus líne seasta agus ar bhearta dá leithéid seo de sheirbhísí. Tugtar an fhaisnéis seo le chéile agus cuirtear ar fáil í trí shuíomh gréasáin ComReg, www.comreg.ie/price-comparison. Bailíonn ComReg faisnéis staitisticiúil ar an margadh cumarsáide leictreonaí in Éirinn, agus sonraí tagarmhairc ó thíortha eile fosta. Foilsítear na sonraí seo sa Tuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí agus cuirtear ar fáil ar thairseach sonraí ComReg iad, www.comreg.ie/industry/electronic-communications/data-portal.

9.8 Le feidhmiú mar rialálaí éifeachtach agus ábhartha, tá rochtain thráthúil ar an bhfaisnéis ar na treochtaí agus ar na forbairtí is déanaí san earnáil de dhíth. I dteannta na sonraí ar shíntiúsóirí, táirgí díolta, praghsanna agus clúdach líonra, caithfidh ComReg tuiscint bheith aige ar an mbealach is dócha go bhfreagróidh úsáideoirí deiridh agus an tionscal do na dúshláin a chuirfidh na teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn. Mar shampla, le tomhaltóirí a chosaint go cuí, caithfidh ComReg a n-ionchais, a n-iompair agus a roghanna athraitheacha a thuiscint (féach ar Chaibidil 6 fosta).

## SPRIOC **23**

Beidh anailísíocht sonraí láidir, caighdeán seirbhíse agus infhaighteacht san áireamh, bunaithe ar sholáthar tráthúil sonraí iontaofa a bhailítear go héifeachtúil, go rialta, agus atá á láimhseáil de réir mar is cuí.

9.9 Aithníonn ComReg ach go háirithe go bhfuil na gnéithe cáilíochtúla d'eispéireas tomhaltóirí ag éirí níos tábhachtaí. Níl tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile buartha faoi phraghsanna amháin, ach tá siad buartha faoi ghnéithe cáilíochtúla eile dá n-eispéireas ceangail. Ar an gcuma chéanna, caithfidh ComReg na dreasachtaí a bheidh ag na hoibreoirí tionscail a thuiscint. Sa chomhthéacs seo, cabhraíonn bailiú eolais agus anailís air linn dúshlain, deiseanna, agus bagairtí sa todhchaí a aithint, agus go háirithe na foinsí féideartha de theipeanna margaidh, agus le freagairtí a éascóidh éachtaí ár rún straitéiseach a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Maidir leis seo, is í sprioc ComReg, go **mbeidh anailísíocht sonraí láidir, caighdeán seirbhíse agus infhaighteacht san áireamh, bunaithe ar sholáthar tráthúil sonraí iontaofa a bhailítear go héifeachtúil, go rialta, agus atá á láimhseáil de réir mar is cuí.**

9.10 Cé go mbaineann cuid den bhailiúchán agus den anailís sonraí a bhailíonn ComReg go díreach le margaí taobh istigh den earnáil cumarsáide leictreonaí, aithníonn ComReg nach bhfeidhmíonn an earnáil laistigh d'fholús, agus, dá réir sin, caithfimid bheith ar an eolas faoin timpeallacht shochgheilleagrach níos leithne ina bhfeidhmímid (féach ar an bplé faoi na margaí bainteacha i gCaibidil 5).

## SPRIOC **24**

Réimse leathan sonraí a úsáid, sonraí margaidh agus léargais tomhaltóirí san áireamh. Tá tuiscint dhomhain againn ar na margaí, iad sin bainteach leis na margaí a rialaímid san áireamh, agus táimid ábalta tairbhí agus dochair do thomhaltóirí agus teipeanna margaidh a aithint.

9.11 Tá feasacht a choinneáil ar, agus léargas faoin timpeallacht níos leithne riachtanach do ComReg le feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil thar am; go háirithe, tá sé riachtanach ullmhúchán cuí a ligean do dheiseanna agus do dhúshláin. Is í sprioc na faisnéise margaidh ComReg **réimse leathan sonraí a úsáid, sonraí margaidh agus léargais tomhaltóirí san áireamh. Tá tuiscint dhomhain againn ar na margaí, iad sin bainteach leis na margaí a rialaímid san áireamh, agus táimid ábalta tairbhí agus dochair do thomhaltóirí agus teipeanna margaidh a aithint.**

9.12 Tá rún ag ComReg roinnt príomhthograí a dhéanamh, bainteach leis an dá sprioc seo sa tréimhse atá le teacht:

- **Straitéis sonraí**: Is príomhchumais rialú sonraí agus anailísíocht sonraí a chaithfidh ComReg leanúint ar aghaidh le forbairt, ag glacadh, nuair atá na hacmhainní ann, le réitigh na gcleachtas is fearr le riar ar a riachtanais. Tá sláine sonraí

agus slándáil sonraí mar chuid lárnach den bhealach a rialaíonn ComReg sonraí laistigh dá smacht. . In 2016, rinne ComReg athbhreithniú ar a chur chuige maidir le sonraí. Chuir an t-athbhreithniú béim ar an ngá d'fhorbairt leanúnach cumas ollstórála sonraí mar chuid de straitéis rialaithe sonraí níos leithne. Tá tábhacht ag baint le teicnící agus uirlisí anailíse sonraí oiriúnacha maidir le hiarrachtaí leanúnacha ComReg plé a dhéanamh leis na sonraí margaidh, méadaitheacha, coimpléascacha.

- **Tuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí (QKDR)**: Tá rún againn cur leis an bpróiseas faoi fhaisnéis a bhailiú, a fhoilsiú, agus faoi fhaisnéis ar phríomh-mhéadraigh mhargaidh a thabhairt. Tá rún ag ComReg athbhreithniú a dhéanamh ar a Thuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí (QKDR), a thugann faisnéis ar mhéadraigh fheidhmíochta ar réimse táscairí a bhaineann leis an margadh cumarsáide leictreonaí. I gcomhthéacs ár straitéise sonraí níos leithne, agus ár gcuid oibre le hoibreoirí agus le príomhpháirtithe leasmhara, tá rún ag ComReg athbhreithniú a dhéanamh ar a QKDR le cinntiú go bhfuil sí oiriúnach don fheidhm ó thaobh na bpríomhthreochtaí a ndéanann sé monatóireacht orthu, an bhealaigh a bhailítear sonraí ó oibreoirí agus a chuirtear ar fáil go poiblí iad. Tá rún ag ComReg athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach a bhailíonn sé sonraí eile ó oibreoirí, do chuspóirí anailíse margaidh san áireamh. Is féidir le bailiú éifeachtúil agus éifeachtach sonraí, na próisis agus na nósanna imeachta a chuireann taca faoi san áireamh, comhthairbhí bheith aige do pháirtithe leasmhara tionscail agus do ComReg araon.

- **Taighde neamhspleách**: Aithníonn ComReg tábhacht an taighde bunaidh le léargais a thabhairt ar ghnéithe den tomhaltóir Éireannach agus den margadh cumarsáide leictreonaí. Mar shampla, cabhróidh tuiscint níos fearr ar an mbealach a dhéanann tomhaltóirí cinntí le ComReg, idirghabhálacha cuí agus dírithe a fhorbairt a chinnteoidh go mbeidh an t-eispéireas is fearr acu agus go mbeidh cosaint ar a gcearta. Sin an fáth a bhfuilimid ag obair ar roinnt tograí leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI). Mar gheall ar an gcomhoibriú le hinstitiúid taighde cosúil le ESRI, tá rochtain ag ComReg ar acmhainní sonraí agus ar theicnící inchainníochtúla nach raibh ar fáil dúinn roimhe, agus a éascaíonn comhráite le saineolaithe a bhféadann a bpeirspictíochtaí bheith difriúil ónár bpeirspictíochtaí féin.

## Rannpháirtíocht

### SPRIOC 25

Táimid réamhghníomhach ar rannpháirtíocht le réimse páirtithe leasmhara.

9.13 Tá réimse leathan páirtithe leasmhara ag ComReg. Ó thomhaltóirí aonair agus a ngrúpaí ionadaíochta, trí oibreoirí cumarsáide leictreonaí, agus a ngrúpaí ionadaíochta tionscail, go páirtithe leasmhara rialtais intíre agus comhlachtaí idirnáisiúnta amhail ITU, RSPG, BEREC agus An Coimisiún Eorpach. Tá follasacht ar cheann de luachanna eagraíochtúil ComReg agus ceapaimid go bhfuil rannpháirtíocht ionraic leis na páirtithe leasmhara go léir iontach tairbheach. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg go bhfuilimid **réamhghníomhach ar rannpháirtíocht le réimse páirtithe leasmhara**. Oibrímid lenár gclú mar ionad barr feabhais agus mar fhoinse iontaofa d'fhaisnéis neamhchlaonta, ardchaighdeánach a chothú agus a fheabhsú. Is saineolaithe san ábhar ár mbaill foirne agus tá sé mar aidhm againn ár bhfaisnéis agus ár saineolas a úsáid le páirt a ghlacadh i bplé poiblí agus díospóireachtaí beartais agus go bhfeictear orainn mar cheannasaithe smaointeoireachta. Bíonn neamhspleáchas agus neamhchlaontacht ComReg ceannasach i gcónaí.

9.14 Aithníonn ComReg an gá lena chumarsáid leis na grúpaí de pháirtithe leasmhara éagsúla a chur in oiriúint. Mar sin de, tá cineálacha éagsúla rannpháirtíochta ann. Mar shampla:

- **Comhairliúchán foirmiúil**: I gcomhthéacs na cinnteoireachta rialála, tá deis ag páirtithe leasmhara fianaise agus aiseolas a thabhairt agus tuairimí a chur in iúl ar bhearta rialála agus cinntí rialála molta a fhorbairt tríd an bpróiseas comhairliúcháin fhoirmiúil. Trí am a thabhairt do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl go foirmiúil, éascaíonn an próiseas seo cinnteoireacht níos déine, bunaithe ar fhianaise, roinnt faisnéise agus glacadh níos mó ó na baill tionscail go léir. Tá Treoirlínte Comhairliúcháin forbartha ag ComReg le rannpháirtíocht éifeachtach a éascú.
- **Painéil Comhairliúcháin:** Reáchtálann ComReg painéil go tréimhsiúil agus faigheann sé léargais ar cheisteanna, ceisteanna d'úsáideoirí le riachtanais rochtana san áireamh.
- **Fóraim tionscail**: Reáchtálann ComReg roinnt fóram le páirtithe leasmhara tionscail. Is é príomhchuspóir na bhfóram seo forbairt na dtáirgí mórdhíola rialaithe nua agus athruithe ar na táirgí atá ann faoi láthair a éascú. Tugann na fóraim seo deis don lucht tionscail labhairt faoi cheisteanna topaiciúla.
- **Suíomh gréasáin**: Mar a nótáladh roimhe, tá ComReg den tuairim gur uirlis é a shuíomh gréasáin (www.comreg.ie) le rannpháirtíocht a dhéanamh le

réimse páirtithe leasmhara, an lucht tionscail agus tomhaltóirí san áireamh. Tá cuid ollmhór faisnéise fúinn, ar na rudaí a dhéanaimid, ar ár mbunús dlíthiúil, agus ar struchtúr ComReg, mar aon le cartlann foilseachán, cinntí agus comhairliúchán ar fáil

- In 2016, uasdátaíodh an suíomh gréasáin iomlán. Déanfaidh ComReg cinnte go mbeidh an t-ábhar ar a shuíomh gréasáin suas chun dáta agus go bhféadfaidh a pháirtithe leasmhara é a úsáid go héasca. Comhlíonann an suíomh gréasáin Treoir Rochtana Idirlín 1.0, Leibhéal Comhlíonta AA. Shimpligh an méadú i rochtain ar an suíomh gréasáin an caidreamh le ComReg, agus chuir sé feabhas ar sheirbhísí do pháirtithe leasmhara. Aithníonn ComReg go dtarlóidh trasuíomh Threoir an AE ar “an rochtain ar shuíomhanna gréasáin agus ar fheidhmchláir mhóibíleacha chomhlachtaí na hearnála poiblí”, laistigh de shaolré na straitéise seo.
- **Coistí an Oireachtais**: Tá oibleagáid ar ComReg dul faoi bhráid Choistí na Dála nuair a iarrtar orthu. Creideann ComReg go bhfuil a leithéid seo d’fhreastal tábhachtach mar chuid dá straitéis rannpháirtíochta le ceann amháin dá pháirtithe leasmhara, Oireachtas Éireann.

## SPRIOC **26**

Forbraíonn an mhandáid reachtaíochta chun cabhrú linn ár straitéis a chomhlíonadh.

9.15 Feidhmíonn ComReg laistigh de chreatlach reachtaíochta, mar a pléadh i gCaibidil 2. Tá an chreatlach reachtaíochta faoi réir athbhreithnithe agus leasaithe thréimhsiúil áfach leis na fachtóirí teicneolaíochta, geilleagracha agus sóisialta athraitheacha. Sa chomhthéacs sin, is í sprioc ComReg le cinntiú **go bhforbraíonn an mhandáid reachtaíochta chun cabhrú linn ár straitéis a chomhlíonadh.** D’fhéadfadh athruithe sa reachtaíocht intíre a mholadh bheith i gceist agus, mar a pléadh i gCaibidil 7, athruithe i ngníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe mar a gcreidimid go bhfuil leasú sa dlí agus leasú reachtaíochta, maidir leis na cumhachtaí atá ann faoi láthair, agus le forbairt cumhachtaí breise de dhíth, lenár spriocanna a bhaint amach, bheith i gceist fosta.


9.16 Glacann ComReg páirt i gcaibidlí ar bheartas rialála agus tá sé rannpháirteach i gcinnteoireacht ar bhonn idirnáisiúnta freisin. Tá comhoibriú idirnáisiúnta agus cuir chuige chomhchuibhithe i gceist le nádúr na hearnála cumarsáide leictreonaí. Bainistíonn agus forbraíonn ComReg ionchur rialála na hÉireann san idirbheartaíocht ar bheartais, ar chaighdeáin agus reachtaíocht na hEorpa agus idirnáisiúnta. Éascaíonn an comhoibriú idirnáisiúnta seo le forbairt timpeallachta oscailte

agus iomaíochta inar féidir le nuálaíocht, cruthaitheacht agus iomaíocht bheith faoi bhláth. Casaimid ar, agus tá rólanna gníomhacha agus ceannasaíochta i réimse comhlachtaí idirnáisúnta againn, ina measc, Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), Grúpa Beartais Speictrim Raidió (RSPG) agus Comhdháil Eorpach na Rialachán Poist agus Teileachumarsáide (CEPT).

9.17 Thar an tréimhse atá le teacht, tá rún ag ComReg roinnt príomhthograí a phleanáil:

- **Straitéis Cumarsáide**: Tá sé ríthábhachtach go dtuigeann páirtithe leasmhara ComReg nádúr agus bunús ár gcuid oibre. Leis an gcuspóir seo a bhaint amach, tá cur chuige straitéiseach ag ComReg teagmháil a dhéanamh lena pháirtithe leasmhara, agus úsáideann sé réimse uirlisí agus teicnící, a shuíomh gréasáin agus a fhothaí meán sóisialta ina measc. Déanfaidh ComReg cinnte go mbeidh an Straitéis Cumarsáide solúbtha go leor le déileáil le héilimh agus le riachtanais athraitheacha tomhaltóirí, agus leis an earnáil cumarsáide leictreonaí.
- **Tascfhórsa Móibíleach agus Leathanbhanda:** Tá ComReg ag comhoibriú leis an dá Rialtas faoi láthair mar chuid d’obair an tascfhórsa thábhachtaigh seo. Beimid i mbun páirtíochta le páirtithe leasmhara de réir mar is cuí, le gníomhaíochtaí agus ionchuir an Tascfhórsa a chur i bhfeidhm a fheabhsóidh clúdach móibíleach agus fáil ar leathanbhanda ar fud na tíre (féach ar Chaibidil 6).
- **An Dréacht-Threoir Nua**: Mar a nótáladh roimhe, (féach ar Chaibidil 3 don phlé), i mí Mheán Fómhair 2016, d’fhoilsigh an Coimisiún Dréacht-Chód Cumarsáide (ECC) atá beartaithe bheith ann in áit na creatlaí rialála reatha. I moladh eile, chuir an Coimisiún a rún in iúl fosta le ról na NRA agus BEREC a neartú agus le cur i bhfeidhm comhchuibhithe, níos comhordaithe na rialacha ar fud an AE a chinntiú. Cé go gcuireann ComReg fáilte ghinearálta roimh mholtaí an Choimisiúin, tá buarthaí orainn go bhféadfadh éifeacht bheith ag gnéithe de na moltaí ar sholúbthacht ComReg a laghdú maidir leis ag teacht chun réitigh le cúinsí náisiúnta, agus go bhféadfadh sé bac a chur ar éifeachtúlacht na rialála san earnáil. Tá Dreácht-Rialacháin ECC agus BEREC faoi réir phróiseas reachtaíochta AE, agus tá rún ag ComReg ról gníomhach a ghlacadh, i rith an phróisis seo, trí chomhairle shainiúil agus neamhspleách a thabhairt, de réir mar a iarrfar í, agus sna hinstitiúidí Eorpacha, trína bhallraíocht de BEREC.

9.18 Tá ComReg tiomanta do rannpháirtíocht chuí agus riachtanach a dhéanamh lena pháirtithe leasmhara go léir. Leanfaimid ar aghaidh rannpháirtíocht a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara ar bhonn rialta sa dóigh is go mbeimid ábalta freagairt dá riachtanais athraitheacha.



## Daoine agus Próisis

**SPRIOC 27**

Coinnímid eagraíocht mheabhrach, sciliúil agus spreagtha.

9.19 Braitheann cumas ComReg leis an straitéis seo a chomhlíonadh ar a oibrithe foirne. Fostaíonn ComReg lucht oibre gairmiúil ina bhfuil cuntasóirí, eacnamaithe, innealtóirí, dlíodóirí agus saineolaithe beartais phoiblí. Oibríonn an fhoireann in ComReg ar fhoirne trasdhisciplíneacha a chuireann eisiltí faisnéise chun cinn,agus a spreagann bealaí nuálaíocha le breathnú ar cheisteanna agus le smaointe a fhorbairt.

9.20 I rith tréimhse na géarchéime airgeadais, mar an gcéanna le comhlachtaí poiblí eile, laghdaigh ComReg a fhoireann bhuan. Éilionn an ráiteas straitéiseach seo go ndéanann ComReg gníomhaíochtaí nua i réimsí amhail neodracht idirlín, eispéireas móibíleach tomhaltóirí agus monatóireacht a dhéanamh ar ECS agus ar mhargaí bainteacha. Ina theannta sin, éilíonn sé orainn ár ngníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe a mhéadú, agus gníomhaíochtaí a dhéanamh amhail anailís SMP agus cleachtaí tascanna speictrim éagsúla, níos gaiste agus/nó in amscálaí a bhfuil ceangal eatarthu. Leis seo a dhéanamh, beidh méadú ina fhoireann bhuan de dhíth ar ComReg agus iarrfaimid ar na ceada riachtanacha leis seo a dhéanamh.

9.21 Oibríonn ComReg go leanúnach chun cur le scileanna, eolas, agus cumas a fhoirne, agus le cinntiú go bhfuil siad suas chun dáta agus ábhartha. Tá sé seo tábhachtach in earnáil chomh dinimiciúil le cumarsáid leictreonach, agus cabhraíonn sé le sástacht na foirne agus leis na hoibrithe foirne a choinneáil. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg go **gcoinnímid eagraíocht mheabhrach, sciliúil agus spreagtha.**

9.22 Fuair beartais agus córais AD ComReg aitheantas seachtrach. Ina measc:

- Creidiúnú forbartha gairmiúla leanúnaí ó Innealtóirí na hÉireann, ó Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (ACCA), agus ó Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn (CPA)
- Duais Gold Standard 2010 ón NSAI (An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann), agus
- Duaiseanna éagsúla ó Institiúid na hÉireann um Oiliúint agus Forbairt (IITD) agus ó Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann (NISO).

9.23 Tá clár meantóireachta againn atá aitheanta go seachtrach agus a fuair aiseolas iontach. Measann meantóirí agus daltaí gur togra ábhartha agus cumhachtaithe é. Leanfaimid leis seo a reáchtáil agus a athnuachan agus sinne ag díriú ar thograí coinneála agus rannpháirtíochta. Ba mhaith linn go mbeadh ár bhfostaithe réamhghníomhach ina bhforbairt féin, ag forbairt an ghnó, agus le páirt a ghlacadh sna caibidlí inmheánacha ar an mbealach leis na torthaí is fearr a bhaint amach dár gcustaiméirí.

## SPRIOC **28**

Tá próisis agus córais éifeachtúla agus éifeachtacha againn.

9.24 Braitheann rath ComReg mar eagraíocht fosta ar na struchtúir ina n-oibríonn a oibrithe foirne, ina bhfuil na córais agus na próisis a thacaíonn leo. Aithníonn ComReg an gá le bheith freagrúil leis an tsolúbthacht a bheith ag an eagraíocht le freagairt do staideanna nach mbeifear ag súil leo. Caithfimid bheith struchtúrtha sa dóigh is go ndéanfar cinntí ar bhealach tráthúil, follasach, inmhacasamhalaithe agus láidir, agus go reáchtálfar na próisis go léir go héifeachtach, go héifeachtúil agus go hiontaofa. Caithfimid bheith solúbtha go leor le dul i dtaithí ar earnáil a bhíonn ag athrú go leanúnach. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg go mbeidh **próisis agus córais éifeachtúla agus éifeachtacha againn.**.

9.25 Thar an tréimhse atá le teacht, tá rún ag ComReg roinnt príomhthograí a phleanáil:

- **Cód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit**: Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí na caighdeáin rialaithe is airde a chomhlíonadh. D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit i mí Lúnasa 2016, a leagann amach na riachtanais tuairiscithe gnó agus airgeadais ar a gcoimheádfaidh na comhlachtaí Stáit. Tá rún againn athbhreithniú a dhéanamh ar an

gCód seo agus, nuair is cuí é, na riachtanais atá ábhartha do ComReg a chur i bhfeidhm faoi mhí Iúil 2017.

- **Próisis inmheánacha:** Ciallaíonn na hathruithe a mbeifear ag súil leo sa timpeallacht rialála go mbeidh orainn déileáil leis an mbealach a thacaíonn an Rannán Seirbhísí Corparáideacha le ranna eile. Tá rún againn ach go háirithe athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpróisis tuairiscithe airgeadais agus neamhairgeadais le fáil amach má leanfaidh siad ar aghaidh le bheith cuí agus ábhartha do na rannáin. Scrúdóimid ár bpróisis bhainistiú riosca le cinntiú go gcloíonn siad le dea-chleachtas agus go gcabhróidh siad lenár próisis cinnteoireachta. Go ginearálta, beimid ag iarraidh ár bpróisis a uathoibriú níos mó le héifeachtachtaí a fheabhsú laistigh den eagraíocht agus le cabhrú linn seirbhís níos fearr a sholáthar do pháirtithe leasmhara.

9.26 Mar a luaíodh níba luaithe, leanfaidh ComReg ar aghaidh a rialú sonraí a fhorbairt agus straitéisí agus cumais anailíse sonraí a fhorbairt le bheith ábalta rannpháirtíocht a dhéanamh maidir le scála agus castacht na sonraí a bheidh de dhíth lena fheidhmeanna a dhéanamh, agus lena spriocanna a bhaint amach. Ina measc, beidh feabhas ar na huirlisí agus na scileanna anailíse sonraí a thacóidh lenár ngairmithe an straitéis seo, agus a n-acmhainneacht a chomhlíonadh. Scrúdófar na próisis riaracháin agus úsáid na gcóras TE freisin le héifeachtacht mheasúnaithe, agus le feabhsuithe próisis a chur chun cinn.

9.27 De réir mar a fhorbraíonn teicneolaíocht chumarsáide agus úsáid an idirlín, tá comhlíonadh mandáid ComReg ag éirí níos coimpléascaí agus tá níos mó riachtanais ar chaipiteal daonna de dhíth le cinntiú go gcomhlíonfar í. Mar a gcéanna, tá scála na dtairbhí ó chomhlíonadh tráthúil, éifeachtach ár mandáide ag méadú.

9.28 Sa chomhthéacs seo, cuireann riachtanais foirne ComReg san áireamh:

- Ag déanamh cothrom na Féinne idir acmhainní inmheánacha agus seachfhoinsiú
- Na tairbhí a bhaineann leis na feidhmeanna atá ann faoi láthair a dhéanamh níos gaiste agus éifeachtaí, agus
- Feidhmeanna nua a chuirfear lenár mandáid de thoradh forbairtí sa dlí Eorpach, agus tograí beartais náisiúnta.

9.29 Ina leithéid seo d’ardfheidhmíocht i ngeilleagar na hÉireann, mar a bhfuiltear ag súil leis go laghdóidh dífhostaíocht, tá tallann chun tosaigh sa chlár oibre. Táimid in iomaíocht don tallann seo le heagraíochtaí móra ón earnáil phríobhaideach, - comhlachtaí teileachumarsáide san áireamh, atá níos lú srianta ó thaobh luach saothair de. Sa timpeallacht seo, tá rún againn díriú ar ár linn tallann a choinneáil, agus sinne ag earcú lenár riachtanais soláthar foirne a chomhlíonadh. Déanfaimid cinnte go bhforbrófar, go dtraenálfar agus go gcumhachtófar na hoibrithe foirne nua a bheidh againn, agus atá againn sa dóigh is go mbeidh siad ábalta a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

## Acmhainní

**SPRIOC 29**

Tá go leor acmhainní againn lenár straitéis eagraíochtúil a chomhlíonadh

9.30 Braitheann cumas ComReg an straitéis seo a chomhlíonadh ar na hacmhainní atá ar fáil aige. De réir mar a bheidh cumarsáid leictreonach ag éirí níos tábhachtaí sa saol geilleagrach agus sóisialta, tá rialáil éifeachtach ar an earnáil riachtanach le cinntiú go bhfeidhmeoidh na margaí cumarsáide ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus na sochaí. Sa chomhthéacs seo, is í sprioc ComReg cinnte a dhéanamh de go **mbeidh go leor acmhainní againn lenár straitéis eagraíochtúil a chomhlíonadh.**.

9.31 Mar a pléadh i gCaibidil 7, le linn na seacht mbliana anuas, infheistíodh €3.79 billiún – is ionann sin agus €9 milliún do gach lá oibre – sna líonraí seasta agus móibíleacha. Chumasaigh sí seo cumarsáid sonraí ardluais ag láithreáin sheasta agus mhóibíleacha. Ba fhachtóir criticiúil in ag ligean don infheistíocht seo tarlú rialáil. Nuair a áirítear tábhacht na margaí cumarsáide agus scála na dtairbhí a thagann ó rialáil thráthúil agus éifeachtach, tá an riosca faoi rialálaí nach bhfuil acmhainní cuí aige mór. Mar chodarsnacht, tá an costas le cinntiú go mbeidh acmhainní cuí ag an rialálaí in ord méadaíochta, níos lú ná na tairbhí ar féidir bheith ag súil go dtiocfaidh uathu.

9.32 Ag brath ar na ceada riachtanacha a fháil, tá rún ag ComReg a oibrithe foirne a mheádú sna cúig bliana atá le teacht.

9.33 Sa chomhthéacs seo, rinne ComReg athbhreithniú ar riachtanais a lucht oibre do na cúig bliana atá le teacht. Cuireann an t-athbhreithniú seo san áireamh:

- Deiseanna le riachtanais an lucht oibre a laghdú trí athrú gnó TE-chumasaithe
- Cothrom na Féinne cuí a dhéanamh idir acmhainní inmheánacha agus seachfhoinsiú
- Na tairbhí a bhaineann leis na feidhmeanna atá ann faoi láthair a dhéanamh níos gaiste agus níos éifeachtaí, go háirithe maidir le rialáil mhórdhíola agus gníomhaíochtaí bainistithe speictrim, agus
- Feidhmeanna nua a glacadh ar na mallaibh, mar aon le feidhmeanna breise is dócha go gcuirfear lenár mandáid iad mar gheall ar na forbairtí sa dlí Eorpach, agus i dtograí beartais náisiúnta.

9.34 Leagann an Ráiteas Straitéiseach seo clár dúshlánach gníomhaíochtaí do ComReg le linn na mblianta atá le teacht. D’fhéadfaí bheith ag súil go mbeadh na tairbhí, idir dhireach agus indíreach, don tsochaí mór. Is léir gur mó a leithéid seo de thairbhí ná an méadú san acmhainn incriminteach a bheidh de dhíth le cumas a chur ar ComReg éifeachtacht na rialála a uasmhéadú, agus leis an gclár a chomhlíonadh.



An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
Commission for Communications Regulation

1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, BÁC 1, Éire, D01 E4X0.
One Dockland Central, Guild Street, Dublin 1, Ireland, D01 E4X0.

Teil | Tel **+353 1 804 9600**

Rphost | Email **strategy@comreg.ie**

Suíomh | Website **www.comreg.ie**